Uimhir 10 *de* 1996

AN tACHT UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID I

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Gníomhartha Comhphobail dá dtugtar éifeacht leis an Acht seo.
3. Nithe nach mbeidh feidhm ag an Acht seo maidir leo.
4. Mínithe ar "dramhaíl", "dramhaíl ghuaiseach", "diúscairt", "aisghabháil".
5. Léiriú i gcoitinne.
6. Aisghairm agus cúlghairm.
7. Rialacháin, orduithe agus ordacháin.
8. Orduithe i ndáil leis an *Tríú Sceideal* nó an *Ceathrú Sceideal*.
9. Cionta ag comhlachtaí corpraithe.
10. Pionóis.
11. Cionta a ionchúiseamh.
12. Costais ionchúiseamh.
13. Fíneálacha áirithe a íoc le húdarás áitiúil, leis an nGníomhaireacht nó le daoine eile.
14. Cumhachtaí duine údaraithe.
15. Faireachán agus iniúchadh.
16. Fógraí a sheirbheáil.
17. An tráth chun nithe áirithe a dhéanamh: an Satharn, an Domhnach, laethanta saoire poiblí, etc.

18. Faisnéis.

19. Beidh clár le cothabháil ag gach údarás áitiúil agus ag an nGníomhaireacht.

20. Caiteachais.

21. Feidhmeanna a aistriú ó údaráis áitiúla chuig an nGníomhaireacht, etc.

CUID II

PLEANÁIL BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

22. Pleananna bainistithe dramhaíola.

23. Fógraí a fhoilsiú i ndáil le pleananna bainistithe dramhaíola agus an nós imeachta ar phleananna den sórt sin a athbhreithniú.

24. Cumhacht an Aire i ndáil le pleananna bainistithe dramhaíola.

25. Dualgas údaráis áitiúil ar phlean bainistithe dramhaíola a dhéanamh, a athrú nó a ionadú.

26. Plean bainistithe dramhaíola guaisí.

CUID III

BEARTA CHUN TÁIRGEADH DRAMHAÍOLA A LAGHDÚ, AGUS CHUN AISGHABHÁIL DRAMHAÍOLA A CHUR CHUN CINN

27. Léiriú (*Cuid III*).

28. Dramhaíl a chosc agus a íoslaghdú.

29. Bearta a bhaineann le dramhaíl a aisghabháil.

30. Bainistiú dramhaíola ag údaráis phoiblí.

31. Aisghabháil dramhaíola ag údaráis áitiúla.

CUID IV

DRAMHAÍL A SHEALBHÚ, A BHAILIÚ AGUS A AISTRIÚ

32. Dualgas ginearálta sealbhóra dramhaíola.

33. Dramhaíl a bhailiú.

34. Ceadanna bailiúcháin dramhaíola.

35. Dramhaíl a thabhairt i láthair lena bailiú.

36. Rialacháin i ndáil le dramhaíl a aistriú.

CUID V

DRAMHAÍL A AISGHABHÁIL AGUS A DHIÚSCAIRT

37. Léiriú (*Cuid V*).

38. Saoráidí bainistithe dramhaíola.

39. Ceanglas ceadúnas dramhaíola a shealbhú.

40. Ceadúnais dramhaíola a dheonú.

41. Coinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas dramhaíola.

42. Iarratas ar cheadúnas dramhaíola nó ar athbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola.

43. *Alt 42*: forálacha forlíontacha.

44. Éisteacht ó bhéal a sheoladh agus tuarascáil i scríbhinn maidir leis an gcéanna.

45. Rialacháin maidir le ceadúnais dramhaíola.

46. Ceadúnais dramhaíola a athbhreithniú.

47. Ceadúnais dramhaíola a aistriú.

48. Ceadúnais dramhaíola a thabhairt suas.

49. Teorainn le ré ceadúnas dramhaíola.

50. Táillí.

51. Slodaí agus dramhaíl talmhaíochta a aisghabháil.

52. Scardadh chuig séaraigh.

53. Forálacha airgeadais maidir le haisghabháil agus diúscairt dramhaíola.

54. Feidhm Acht 1963 agus rialacháin ghaolmhara.

CUID VI

Forálacha Ginearálta Maidir le Caomhnú Comhshaoil

55. Cumhacht údaráis áitiúil a cheangal bearta a dhéanamh i ndáil le dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt.

56. Cumhachtaí údaráis áitiúil bearta a dhéanamh chun truailliú comhshaoil ar dramhaíl is cúis leis, a chosc nó a theorannú.

57. Cumhacht na hArd-Chúirte i ndáil le dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt.

58. Leigheasanna mar gheall ar shealbhú, aisghabháil nó diúscairt neamhúdaraithe dramhaíola.

59. Feidhmeanna údarás áitiúil maidir le dramhaíl.

CUID VII

ILGHNÉITHEACH

60. Ordacháin bheartais ón Aire i ndáil le ceadúnú dramhaíola, aistriú dramhaíola agus nithe eile.

61. Feithiclí agus trealamh áirithe a choinneáil agus a fhorghéilleadh.

62. Cumhacht chun éifeacht a thabhairt do ghníomhartha Comhphobail.

63. Comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus údaráis phoiblí eile.

64. Maischothromaíochtaí substaintí sonraithe.

65. Leasú ar Acht 1992 agus Acht 1987.

66. Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

67. Díolúine na Gníomhaireachta agus údarás áitiúil.

68. Oiriúnú tagairtí agus forálacha idirthréimhseacha áirithe.

69. Aistriú feidhmeanna i ndáil le ceadúnais dramhaíola.

70. Achtacháin áirithe a bhaineann le sláinte an phobail a eisiamh.

71. Feithiclí tréigthe.

AN CHÉAD SCEIDEAL

EARNÁLACHA DRAMHAÍOLA

AN DARA SCEIDEAL

DRAMHAÍL GHUAISEACH

CUID I

EARNÁLACHA NÓ CINEÁLACHA GÉINEASACHA DRAMHAÍOLA GUAISÍ

CUID II

COMHÁBHAIR DE DHRAMHAÍL DE CHUID EARNÁIL II A FHÁGANN GUR DRAMHAÍL GHUAISEACH Í NUAIR ATÁ NA HAIRÍONNA A SHONRAÍTEAR I GCUID III AICI

CUID III

AIRÍONNA DRAMHAÍOLA A FHÁGANN GUR DRAMHAÍL GHUAISEACH Í

AN TRÍÚ SCEIDEAL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DIÚSCARTHA DRAMHAÍOLA

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AISGHABHÁLA DRAMHAÍOLA

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

Aisghairm agus Cúlghairm

CUID I

Na hAchtacháin a Aisghairtear

CUID II

Na hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

Na hAchtanna Dá dTagraítear

An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987	1987, Uimh. 6
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990	
Na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1994	
An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990	1990, Uimh. 14
Dublin Corporation Act, 1890	1890, 53 & 54 Vict., c. ccxlvi
An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1981	1981, Uimh. 8
An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992	1992, Uimh. 7
Acht na gComhphobal Eorpach, 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959	1959, Uimh. 14
An tAcht Imeall Trágha, 1933	1933, Uimh. 12
An tAcht Cuanta, 1946	1946, Uimh. 9
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973	1973, Uimh. 25
An tAcht Bruscair, 1982	1982, Uimh. 11
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994	1994, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963	1963, Uimh. 28
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1982	1982, Uimh. 21
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1993	
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977	1977, Uimh. 1
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990	1990, Uimh. 21
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990	
Petty Sessions (Ireland) Act, 1851	1851, 14 & 15 Vict., c. 93
Public Health Acts Amendment Act, 1890	1890, 53 & 54 Vict., c. 59
Public Health Acts Amendment Act, 1907	1907, 7 Edw. 7, c. 53
Public Health (Ireland) Act, 1878	1878, 41 & 42 Vict., c. 52
An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991	1991, Uimh. 9
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1968	1968, Uimh. 25
An tAcht Soláthairtí Uisce, 1942	1942, Uimh. 1

Rialacháin na gComhphobal Eorpach dá dTagraítear

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Aispeiste), 1990	I.R. Uimh. 30 de 1990
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Aispeiste), 1994	I.R. Uimh. 90 de 1994
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceallraí agus Taisc-Chealla), 1994	I.R. Uimh. 262 de 1994
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seachtháirgí ó Ainmhithe a Dhiúscairt, a Phróiseáil agus a Chur ar an Margadh), 1994	I.R. Uimh. 257 de 1994
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989 agus 1994	
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982	I.R. Uimh. 33 de 1982
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Trasteorann ar Iarmhar), 1994	I.R. Uimh. 121 de 1994

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sludach Séarachais a Úsáid sa Talmhaíocht), 1991	I.R. Uimh. 183 de 1991
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979	I.R. Uimh. 390 de 1979
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1984	I.R. Uimh. 108 de 1984
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dramh-Olaí), 1992	I.R. Uimh. 399 de 1992

Uimhir 10 *de* 1996

AN tACHT UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LE COSC, BAINISTIÚ AGUS RIALÚ DRAMHAÍOLA; DO THABHAIRT ÉIFEACHTA D'FHORÁLACHA IONSTRAIMÍ ÁIRITHE A GHLAC INSTITIÚIDÍ DE CHUID NA gCOMHPHOBAL EORPACH MAIDIR LEIS NA NITHE SIN; DO LEASÚ AN ACHTA FÁN nGNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL, 1992, AGUS D'AISGHAIRM ACHTACHÁN ÁIRITHE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH NITHE GAOLMHARA.

[20 *Bealtaine* 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe ón Aire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir críche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla:

Ar choinníoll, díreach roimh dhul in éag don tréimhse 2 bhliain ó dháta rite an Achta seo, más rud é nach mbeidh feidhm an Achta seo tosaithe le hordú faoin alt seo nó go mbeidh feidhm aon fhorála nó aon fhorálacha den Acht seo fós le tosú le hordú den sórt sin (lena n-áirítear feidhm maidir le críoch áirithe), go dtiocfaidh an tAcht seo nó an fhoráil nó na forálacha sin i ngníomh (nó, i gcás na forála nó na bhforálacha sin a bhfuil a feidhm nó a bhfeidhm fós le tosú chun críche áirithe, go dtiocfaidh sí nó siad i ngníomh chun na críche sin) ar dhul in éag don tréimhse sin.

Gníomhartha Comhphobail dá dtugtar éifeacht leis an Acht seo.

2.—Áirítear ar na críocha chun a n-achtaítear forálacha an Achta seo éifeacht a thabhairt do na gníomhartha Comhphobail a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

Treoir 75/439/CEE an 16 Meitheamh 1975 ón gComhairle maidir le diúscairt dramh-olaí[1]

Treoir 75/442/CEE an 15 Iúil 1975 ón gComhairle maidir le dramhaíl[2]

Treoir 76/403/CEE an 6 Aibreán 1976 ón gComhairle maidir le défheinilí polaclóirínithe agus trífheinilí polaclóirínithe a dhiúscairt[3]

Treoir 80/68/CEE an 17 Nollaig 1979 ón gComhairle maidir le cosaint screamhuisce ar thruailliú arb é substaintí contúirteacha áirithe is cúis leis[4]

Treoir 85/337/CEE an 27 Meitheamh 1985 ón gComhairle maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol[5]

Treoir 86/278/CEE an 12 Meitheamh 1986 ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, le linn sloda séarachais a bheith á úsáid sa talmhaíocht[6]

Treoir 87/101/CEE an 22 Nollaig 1986 ón gComhairle lena leasaítear Treoir 75/439/CEE maidir le diúscairt dramh-olaí[7]

Treoir 87/217/CEE an 19 Márta 1987 ón gComhairle maidir le truailliú comhshaoil ag aispeist a chosc agus a laghdú[8]

Treoir 89/369/CEE an 8 Meitheamh 1989 ón gComhairle maidir le truailliú aeir ó ghléasraí nua loiscthe dramhaíola bardasaí a chosc[9]

Treoir 91/156/CEE an 18 Márta 1991 ón gComhairle lena leasaítear Treoir 75/442/CEE maidir le dramhaíl[10]

Treoir 91/157/CEE an 18 Márta 1991 ón gComhairle maidir le ceallraí agus taisc-chealla ina bhfuil substaintí contúirteacha[11]

Treoir 91/271/CEE an 21 Bealtaine 1991 ón gComhairle maidir le cóireáil dramh-uisce uirbigh[12]

Treoir 91/689/CEE an 12 Nollaig 1991 ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach[13]

Treoir 93/86/CEE an 4 Deireadh Fómhair 1993 ón gCoimisiún lena ndéantar Treoir 91/157/CEE ón gComhairle, maidir le ceallraí agus taisc-chealla ina bhfuil substaintí contúirteacha áirithe, a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil[14]

Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 an 1 Feabhra 1993 ón gComhairle maidir le loingsiú dramhaíola, laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach is amach as, a mhaoirsiú agus a rialú[15]

[1]I.O. Uimh. L 194/23, 25 Iúil, 1975
[2]I.O. Uimh. L 194/39, 25 Iúil, 1975
[3]I.O. Uimh. L 108/41, 26 Aibreán, 1976
[4]I.O. Uimh L 20/43, 26 Eanáir, 1980
[5]I.O. Uimh. L 175/40, 5 Iúil, 1985
[6]I.O. Uimh. L 181/6, 4 Iúil, 1986
[7]I.O. Uimh. L 42/43, 12 Feabhra, 1987
[8]I.O. Uimh L 85/40, 28 Márta, 1987
[9]I.O. Uimh. L 163/32, 14 Meitheamh, 1989
[10]I.O. Uimh. L 78/32, 26 Márta, 1991
[11]I.O. Uimh. L 78/38, 26 Márta, 1991
[12]I.O. Uimh. L 135/40, 30 Bealtaine, 1991
[13]I.O. Uimh. L 377/20, 31 Nollaig, 1991
[14]I.O. Uimh. L 264/51, 23 Deireadh Fómhair, 1993
[15]I.O. Uimh L 30/1, 6 Feabhra, 1993

Treoir 94/62/CE an 20 Nollaig 1994 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistiú agus dramhaíl a phacáistiú[16]

Nithe nach mbeidh feidhm ag an Acht seo maidir leo.

3.—(1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) astú isteach san atmaisféar, seachas astú ó shaoráid chun dramhaíl a choinneáil, a aisghabháil nó a dhiúscairt;

(*b*) séaracht nó eisilteach séarachta (seachas sloda ó shaoráid chun séaracht a chóireáil);

(*c*) eisilteach a chóireáil nó é a scardadh isteach in uiscí, seachas eisilteach a chóireáil i saoráid chun dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt, nó é a scardadh aisti;

(*d*) dramhaíl a dhumpáil ar farraige; nó

(*e*) substaint radaighníomhach de réir bhrí an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (lena n-áirítear dramhtháirge radaighníomhach).

(2) Tá le "dumpáil", i *mír (d) d'fho-alt (1)*, an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1981.

Mínithe ar "dramhaíl", "dramhaíl ghuaiseach", "diúscairt", "aisghabháil".

4.—(1) (*a*) San Acht seo, ciallaíonn "dramhaíl" aon substaint nó rud a bhaineann le hearnáil dramhaíola a shonraítear sa *Chéad Sceideal* nó atá ar áireamh de thuras na huaire sa Chatalóg Dramhaíola Eorpach, ar substaint nó rud í nó é a chaitheann an sealbhóir i leataobh, nó a bheartaíonn an sealbhóir nó a cheanglaítear ar an sealbhóir a chaitheamh i leataobh, agus aon rud a chaitheann duine i leataobh nó a ndéileáiltear leis ar shlí eile mar dhramhaíl, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur dramhaíl é.

(*b*) Aon tagairt san Acht seo do dhramhaíl, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhramhaíl ghuaiseach mura léir a mhalairt d'intinn.

(2) (*a*) San Acht seo, ciallaíonn "dramhaíl ghuaiseach"—

(i) dramhaíl ghuaiseach atá luaite de thuras na huaire sa liosta arna ullmhú de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE an 12 Nollaig 1991[17] ón gComhairle[1] agus arb é atá inti—

(I) dramhaíl de chuid Earnáil I ag a bhfuil aon cheann de na hairíonna a shonraítear i *gCuid III* den *Dara Sceideal*, nó

(II) dramhaíl de chuid Earnáil II—

(A) ina bhfuil aon cheann de na comhábhair a shonraítear i *gCuid II* den *Dara Sceideal*, agus

[16]I.O. Uimh. L 365/10, 31 Nollaig, 1994
[17]I.O. Uimh. L 377/20, 31 Nollaig, 1991

(B) ag a bhfuil aon cheann de na hairíonna a shonraítear i *gCuid III* den Sceideal sin,

(ii) cibé dramhaíl eile, ag a bhfuil aon cheann de na hairíonna a shonraítear i *gCuid III* den *Dara Sceideal*, a fhorordófar chun críocha an mhínithe seo.

(*b*) Chun críocha an mhínithe san fho-alt seo—

ciallaíonn "dramhaíl de chuid Earnáil I" dramhaíl a shonraítear in aon cheann de na míreanna seo a leanas de *Chuid I* den *Dara Sceideal*, eadhon *míreanna 1* go *18*;

ciallaíonn "dramhaíl de chuid Earnáil II" dramhaíl a shonraítear in aon cheann de na míreanna seo a leanas den *Chuid* sin *I*, eadhon *míreanna 19* go *40*.

(3) San Acht seo, folaíonn "diúscairt", i ndáil le dramhaíl, aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear sa *Tríú Sceideal*, agus forléireofar "gníomhaíocht diúscartha dramhaíola" dá réir sin.

(4) San Acht seo, ciallaíonn "aisghabháil", i ndáil le dramhaíl, aon ghníomhaíocht a sheoltar chun an dramhaíl a athchóiriú, a athchúrsáil nó a athúsáid, go hiomlán nó go páirteach, agus aon ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an athchóiriú, leis an athchúrsáil nó leis an athúsáid sin, lena n-áirítear aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear sa *Cheathrú Sceideal*, agus forléireofar "gníomhaíocht aisghabhála dramhaíola" dá réir sin.

(5) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena n-athrófar an *Chéad Sceideal* nó an *Dara Sceideal* trí aon ní a chur le ceachtar de na Sceidil sin nó aon ní a scriosadh as ceachtar díobh.

Léiriú i gcoitinne.

5.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn "Acht 1963" an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963;

ciallaíonn "Acht 1987" an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987;

ciallaíonn "Acht 1992" an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992;

ciallaíonn "iarchúram", i ndáil le saoráid a úsáideadh chun dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, aon bhearta is gá a dhéanamh i ndáil leis an tsaoráid chun cosc a chur le truailliú comhshaoil a leanfaidh as scor den ghníomhaíocht atá i gceist sa tsaoráid;

ciallaíonn "an Ghníomhaireacht" an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a bunaíodh faoi alt 19 d'Acht 1992;

ciallaíonn "aon Aire den Rialtas lena mbaineann" aon Aire den Rialtas (seachas an tAire) arb amhlaidh, i dtuairim an Aire, ag féachaint do na feidhmeanna atá dílsithe dó nó di, go bhféadfadh baint a bheith aige nó aici leis an ní atá i gceist nó leas a bheith aige nó aici ann;

ciallaíonn "duine údaraithe" duine atá ceaptha i scríbhinn ag an Aire, ag údarás áitiúil, ag an nGníomhaireacht nó ag cibé duine eile a

fhorordófar chun bheith ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe chun críocha an Achta seo nó chun críocha aon Chuid nó aon alt de;

ciallaíonn "bailitheoir údaraithe dramhaíola" sealbhóir ceada bailiúcháin dramhaíola atá i bhfeidhm;

ciallaíonn "bróicéir", i ndáil le dramhaíl, aon duine a dhéanann, thar ceann aon duine eile nó mar sheirbhís d'aon duine eile, dramhaíl a cheannach, a dhíol nó a dhéanann socrú chun dramhaíl a cheannach, a dhíol nó a aistriú ó dhuine amháin chuig duine eile nó chun dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt;

ciallaíonn "bailiú", i ndáil le dramhaíl, dramhaíl a chruinniú, a shórtáil nó a mheascadh chun í a iompar, agus folaíonn sé dramhaíl a iompar agus glacadh le rialú dramhaíola;

ciallaíonn "dramhaíl tráchtála" dramhaíl ó áitribh a úsáidtear go hiomlán nó go príomha chun críocha trádála nó gnó nó chun críocha spóirt, áineasa, oideachais nó siamsaíochta ach ní fholaíonn sé dramhaíl teaghlaigh, dramhaíl talmhaíochta nó dramhaíl tionscail;

ciallaíonn "gníomh Comhphobail" gníomh arna ghlacadh ag institiúid de na Comhphobail Eorpacha;

folaíonn "sárú", i ndáil le haon fhoráil, mainneachtain nó diúltú an fhoráil sin a chomhlíonadh, agus forléireofar "sáraigh" dá réir sin;

ciallaíonn "déileálaí", i ndáil le dramhaíl, aon duine a dhéanann, thar a cheann féin nó thar a ceann féin, dramhaíl a cheannach nó a dhíol, nó a dhéanann socrú thar ceann aon duine eile, nó mar sheirbhís d'aon duine eile, chun dramhaíl a cheannach, a dhíol nó a aistriú ó dhuine amháin chuig duine eile nó chun dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt;

tá le "astú" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1992;

ciallaíonn "astú isteach san atmaisféar" truailleán, de réir bhrí Acht 1987, a astú isteach san atmaisféar;

ciallaíonn "ráiteas tionchair timpeallachta" ráiteas arna ullmhú faoi réim agus de réir ceanglais de chuid, nó arna dhéanamh de bhun, rialachán faoi alt 25 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989 agus 1994) d'Acht 1963 nó rialachán faoi *alt 45*, i dtaobh na n-éifeachtaí, más ann, a bheadh ag forbairt bheartaithe, dá gcuirfí i gcrích í, ar an gcomhshaol;

tá le "meán comhshaoil" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1992;

ciallaíonn "truailliú comhshaoil", i ndáil le dramhaíl, dramhaíl a shealbhú, a iompar, a aisghabháil nó a dhiúscairt ar mhodh a dhéanfadh, go feadh méid shuntasaigh, sláinte an duine a chur i bpriacal nó dochar a dhéanamh don chomhshaol agus, go háirithe—

(*a*) a chuirfeadh uiscí, an t-atmaisféar, talamh, ithir, plandaí nó ainmhithe i bpriacal,

(*b*) a chruthódh núis trí thorann, trí bholaithe nó trí bhruscar, nó

(*c*) a dhéanfadh dochar don tuath nó d'áiteanna ar díol spéise ar leith iad;

ciallaíonn "gníomhaíocht bhunaithe"—

(*a*) i ndáil le gníomhaíocht ar gá ceadúnas dramhaíola chun í a sheoladh, gníomhaíocht—

(i) a mbeidh cead faoi Chuid IV d'Acht 1963 deonaithe ina leith roimh an dáta a fhorordófar faoi *alt 39 (1)* maidir leis an ngníomhaíocht sin ("an dáta iomchuí"), ar cead é nach mbeidh scortha ar an dáta sin d'éifeacht a bheith leis de réir fhorálacha ailt 2 agus 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1982, nó

(ii) a bheidh á seoladh díreach roimh an dáta iomchuí nó a bhí á seoladh tráth ar bith le linn na tréimhse 12 mhí dar chríoch an dáta sin, seachas gníomhaíocht lena ngabhann déanmhas neamhúdaraithe nó úsáid neamhúdaraithe de réir bhrí Acht 1963 nó atá bainteach le déanmhas nó le húsáid den sórt sin, agus

(*b*) in aon chás eile, gníomhaíocht a bhí á seoladh go dleathach díreach roimh thosach feidhme na forála lena mbaineann den Acht seo lena gceanglaítear an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ach nach ngabhann costais iomarcacha léi a úsáid;

tá le "Comhphobail Eorpacha" an bhrí shanntar dó le hAcht na gComhphobal Eorpach, 1972;

ciallaíonn "An Chatalóg Dramhaíola Eorpach" an liosta dramhaíola a leagtar amach i gCinneadh 94/3/CE an 20 Nollaig 1993 ón gCoimisiún[18] (arna dhéanamh de bhun Airteagal 1 *(a)* de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle[19] maidir le dramhaíl) agus folaíonn sé an liosta sin mar a leasaítear ó am go ham é;

ciallaíonn "saoráid", i ndáil le dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, aon láithreán nó áitreabh a úsáidtear chun na críche sin;

folaíonn "feidhmeanna" cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas;

ciallaíonn "sealbhóir", i ndáil le dramhaíl, úinéir na dramhaíola, an duine atá i gceannas na dramhaíola, nó aon duine eile a mbeidh, de thuras na huaire, an dramhaíl ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú;

ciallaíonn "dramhaíl teaghlaigh" dramhaíl arna táirgeadh laistigh de chúirtealáiste foirgnimh, nó coda lánscartha d'fhoirgneamh, a úsáidtear chun críocha cóiríochta cónaithe;

folaíonn "dramhaíl tionscail" dramhaíl a tháirgtear as, nó a éiríonn as, gníomhaíochtaí nó próisis monaraithe nó tionscail;

folaíonn "talamh" aon fho-ithir faoin talamh agus aon déanmhas uirthi agus talamh atá faoi uisce (cibé acu is uisce intíre nó uisce cósta é);

[18]I.O. Uimh. L 15/5, 7 Eanáir, 1994
[19]I.O. Uimh L 194/39, 25 Iúil, 1975

ciallaíonn "saoráid líonta talún" saoráid diúscartha dramhaíola a úsáidtear chun dramhaíl a chur ar thalamh nó faoi thalamh;

ciallaíonn "láisteáit" aon leacht a shíothlaíonn trí dhramhaíl arna cur agus a astaítear ó shaoráid líonta talún nó atá laistigh di;

ciallaíonn "údarás áitiúil"—

(*a*) i gcás contaebhuirge, bardas na contaebhuirge, agus

(*b*) i gcás aon chontae riaracháin eile, comhairle an chontae,

agus déanfar tagairtí do limistéar feidhme údaráis áitiúil a fhorléiriú dá réir sin;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Comhshaoil;

folaíonn "faireachán" iniúchadh, tomhas, sampláil nó anailísiú a dhéanamh, cibé acu go tréimhsiúil nó go leanúnach, chun críocha an Achta seo, ar dhramhaíl, ar áitreabh ina dtáirgtear dramhaíl, nó ar shaoráid ina ndéantar dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt, agus ar aon astuithe ón gcéanna, nó ar aon mheán comhshaoil a ndéanann nó a ndéanfaidh, i dtuairim an údaráis áitiúil nó na Gníomhaireachta, astuithe den sórt sin difear dó;

ciallaíonn "dramhaíl bhardasach" dramhaíl teaghlaigh chomh maith le dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile ar de shamhail dramhaíola teaghlaigh í, mar gheall ar a cineál nó a comhdhéanamh;

folaíonn "áititheoir", i ndáil le haon áitreabh, an t-úinéir, léasaí, aon duine atá i dteideal an t-áitreabh a áitiú agus aon duine eile a bhfuil an t-áitreabh faoina rialú de thuras na huaire;

ciallaíonn "pacáistiú" aon ábhar, coimeádán nó filleadh, a úsáidtear chun aon táirge nó substaint a choimeád, a iompar, a láimhseáil, a chosaint, a chur chun cinn, a mhargú nó a dhíol, nó i dtaca leis an gcéanna, lena n-áirítear cibé pacáistiú a fhorordófar;

folaíonn "duine atá i gceannas", i ndáil le haon áitreabh, áititheoir an áitribh nó bainisteoir, maoirseoir nó oibritheoir gníomhaíochta a bhaineann le dramhaíl a shealbhú, a dhiúscairt nó a aisghabháil, is gníomhaíocht a sheoltar san áitreabh;

tá le "údarás pleanála" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1963;

folaíonn "gléasra" aon trealamh, fearas, gaireas, innealra, feithicil, scib, oibreacha, foirgneamh nó déanmhas eile a úsáidtear chun dramhaíl a choinneáil, a dhiúscairt nó a aisghabháil, nó a bhfuil a sholáthar nó a soláthar teagmhasach leis an gcéanna;

ciallaíonn "an prionsabal go n-íocann an truaillitheoir" an prionsabal atá leagtha amach i Moladh 75/436/Euratom, CEGC, CEE an 3 Márta 1975 ón gComhairle[20] i ndáil le leithroinnt costas agus gníomhaíocht ag údaráis phoiblí maidir le cúrsaí comhshaoil;

folaíonn "áitreabh" aon mheasáiste, foirgneamh, soitheach, déanmhas nó talamh (cibé acu atá aon déanmhais ar an talamh nó nach bhfuil nó cibé acu atá an talamh faoi uisce nó nach bhfuil) agus aon ghléasra nó feithiclí ar an talamh sin, nó aon oidhreachtán

[20]I.O. Uimh. L 194/1, 25 Iúil, 1975

faoi aon tionacht mar aon le haon tithe lasmuigh agus aon chúirtealáiste;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo;

ciallaíonn "táirgeoir", i ndáil le dramhaíl, aon duine a dtáirgtear dramhaíl óna ghníomhaíochtaí nó óna gníomhaíochtaí nó a sheolann réamhphróiseáil, meascadh nó oibríochtaí eile a fhágann go n-athraítear cineál nó comhdhéanamh dramhaíola;

folaíonn "táirge" aon rud atá ann go nádúrtha nó a mhonaraítear;

ciallaíonn "údarás poiblí"—

(*a*) Aire den Rialtas,

(*b*) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,

(*c*) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,

(*d*) údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946,

(*e*) bord sláinte a bunaíodh faoin Acht Sláinte, 1970,

(*f*) bord nó comhlacht eile a bhunaítear le reacht nó faoi reacht,

(*g*) cuideachta ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas, nó ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas, nó

(*h*) cuideachta ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag bord, cuideachta nó comhlacht eile dá dtagraítear i *mír (f)* nó *(g)* den mhíniú seo.

ciallaíonn "athchúrsáil", i ndáil le dramhaíl, dramhaíl a chur faoi aon phróiseas nó cóireáil chun gur féidir í a athúsáid go hiomlán nó go páirteach;

ciallaíonn "feidhm fhorchoimeádta"—

(*a*) i ndáil le comhairle contae, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1994,

(*b*) i ndáil le bardas contaebhuirge, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistiú na contaebhuirge;

ciallaíonn "stáisiún seirbhíse" aon suiteáil inar féidir breosla a fhodháileadh ar dhabhcha breosla mótarfheithiclí as dabhcha stórála atá ar fos;

tá le "séaracht" agus le "eisilteach séarachta" na bríonna a shanntar dóibh leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977;

ciallaíonn "gníomhaíocht sceidealta" aon phróiseas, aon fhorbairt nó aon oibríocht atá sonraithe de thuras na huaire sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1992;

ciallaíonn "déanmhas" aon fhoirgneamh, tógáil, déanmhas, tochailt, nó ní eile, a fhoirgnítear, a thógtar nó a dhéantar ar thalamh, i

dtalamh nó faoi thalamh, nó aon chuid de dhéanmhas arna mhíniú amhlaidh, agus, i gcás go gceadaíonn an comhthéacs é, folaíonn sé an talamh ar uirthi, inti nó fúithi atá an déanmhas suite;

forléireofar "stóráil shealadach dramhaíola" de réir *fho-alt (3)*;

folaíonn "iompar", i ndáil le dramhaíl, dramhaíl a aistriú de bhóthar, d'iarnród, d'aer, ar muir, nó ar uiscebhealach intíre ach ní fholaíonn sé dramhaíl a aistriú ó áit amháin chuig áit eile—

(*a*) trí aon phíopa nó aon ghaireas dá shamhail lena nasctar an dá áit sin, nó

(*b*) ar an láithreán agus laistigh den láithreán ag a bhfuil an dramhaíl á sealbhú de thuras na huaire;

folaíonn "cóireáil", i ndáil le dramhaíl, aon phróisis theirmeacha, fhisiceacha, cheimiceacha nó bhitheolaíocha lena n-athraítear saintréithe dramhaíola d'fhonn a toirt nó a ghuaisí atá sí a laghdú, nó d'fhonn a láimhseáil, a diúscairt nó a haisghabháil a éascú;

folaíonn "feithicil"—

(*a*) cuid d'fheithicil,

(*b*) ní atá deartha mar fheithicil ach nach bhfuil in ann feidhmiú mar fheithicil,

(*c*) scib atá deartha nó a úsáidtear lena hiompar ar fheithicil,

(*d*) lód ar fheithicil;

tá le "cead bailiúcháin dramhaíola" an bhrí a shanntar dó le *halt 34*;

déanfar "ceadúnas dramhaíola" a fhorléiriú de réir *alt 37*;

tá le "uiscí" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

(2) (*a*) Maidir le tagairt san Acht seo don teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ach nach ngabhann costais iomarcacha léi a úsáid, chun astú ó ghníomhaíocht a chosc nó chun deireadh a chur leis, nó i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun astú ó ghníomhaíocht a theorannú, a mhaolú nó a laghdú, déanfar an tagairt sin a fhorléiriú mar thagairt do shaoráidí a sholáthar agus a chothabháil, a úsáid, a oibriú agus a mhaoirsiú go cuí, arb iad na saoráidí, ag féachaint do na himthosca go léir, is oiriúnaí chun na gcríoch sin.

(*b*) Chun críocha an fho-ailt seo, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas—

(i) i gcás gníomhaíochta seachas gníomhaíocht bhunaithe—

(I) staid reatha an eolais theicniúil,

(II) na ceanglais a bhaineann le caomhnú comhshaoil, agus

(III) bearta arna bhfeidhmiú chun na gcríoch sin, nach ngabhann costais iomarcacha leo, ag féachaint

don phriacal truaillithe comhshaoil atá ann, i dtuairim na Gníomhaireachta nó an údaráis áitiúil lena mbaineann;

(ii) in aon chás eile, i dteannta na nithe réamhráite—

(A) cineál, méid agus éifeacht an astaithe lena mbaineann,

(B) cineál agus aois na saoráidí atá ar marthain agus atá bainteach leis an ngníomhaíocht agus an tréimhse ama ar dócha go n-úsáidfear na saoráidí nó go leanfar dá n-oibriú lena linn, agus

(C) na costais a thabhófaí ag feabhsú nó ag athsholáthar na saoráidí dá dtagraítear i *gclásal (B)* den fhomhír seo i ndáil le staid eacnamaíoch gníomhaíochtaí den aicme lena mbaineann.

(3) San Acht seo, déanfar aon tagairt do stóráil shealadach dramhaíola a fhorléiriú, gan dochar d'aon fhoráil áirithe dhéanfar de bhun *alt 39 (6)*, mar thagairt do stóráil dramhaíola ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí.

(4) San Acht seo, aon tagairt do Chuid, d'alt nó do Sceideal, is tagairt í do Chuid nó d'alt den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe.

(5) San Acht seo, aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil (lena n-áirítear Sceideal) ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(6) San Acht seo, déanfar aon tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin (lena n-áirítear an tAcht seo).

Aisghairm agus cúlghairm.

6.—(1) Déantar leis seo gach achtachán atá luaite i *gcolún (2)* de *Chuid I* den *Chúigiú Sceideal* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den Chuid sin.

(2) Déantar leis seo gach ionstraim reachtúil a luaitear i *gcolún (2)* de *Chuid II* den *Chúigiú Sceideal* a chúlghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den Chuid sin.

Rialacháin, orduithe agus ordacháin.

7.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó aon rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó atá le forordú nó chun a chumasú lánéifeacht a bheith le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo, forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le limistéir éagsúla, imthosca éagsúla, aicmí éagsúla daoine nó dramhaíola agus gníomhaíochtaí éagsúla bainistithe dramhaíola nó eile.

(3) Déanfar rialachán faoin Acht seo (seachas rialachán faoi *alt 7 (6)*, *39 (8)* nó *62*) nó ordú faoin Acht seo (seachas ordú faoi *alt 1 (2)*, *8* nó *69 (1)* nó ordú faoi *fho-alt (5)* lena leasaítear nó lena gcúlghairtear ordú faoi *alt 8* nó *69 (1)*) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe sin, beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán nó faoin ordú.

(4) I gcás go mbeartaítear rialacháin faoi *alt 7 (6)*, *39 (8)* nó *62*, nó ordú faoi *alt 8* nó *69 (1)*, nó ordú faoi *fho-alt (5)* lena leasaítear nó lena gcúlghairtear ordú den sórt sin, a dhéanamh, déanfar dréacht de na rialacháin nó den ordú, de réir mar a bheidh, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin nó an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(5) (*a*) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú arna dhéanamh aige nó aici faoin Acht seo (lena n-áirítear ordú faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm agus féadfaidh sé nó sí, le hordachán, ordachán arna thabhairt aige nó aici faoin Acht seo (lena n-áirítear ordachán faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.

(*b*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le hordachán, ordachán arna thabhairt aici faoin Acht seo (lena n-áirítear ordachán faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.

(*c*) Maidir le hordú nó ordachán faoin bhfo-alt seo, déanfar nó tabharfar é ar an modh céanna agus beidh a dhéanamh nó a thabhairt faoi réir na dtoilithe agus na gcoinníollacha céanna (más ann) leis an ordú nó leis an ordachán a bheidh á leasú nó á chúlghairm aige.

(6) Más rud é, maidir le haon ní, go n-eascróidh aon deacracht i ndáil le haon fhoráil den Acht seo a thabhairt i ngníomh nó i ndáil le hoibriú aon fhorála den sórt sin, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach chun an deacracht sin a dhíothú, chun an fhoráil sin a thabhairt i ngníomh, nó chun a hoibriú a dhaingniú nó a éascú, agus féadfar, le haon rialacháin den sórt sin, aon fhoráil den achtachán seo nó d'aon achtachán eile a mhodhnú a mhéid is gá nó is fóirsteanach chun na gcríoch réamhráite ach ní ceadmhach aon rialacháin a dhéanamh faoin bhfo-alt seo i ndáil le foráil den Acht seo tar éis 2 bhliain a bheith caite ó thosach feidhme na forála sin.

Orduithe i ndáil leis an *Tríú Sceideal* nó an *Ceathrú Sceideal*.

8.—Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh lena leasaítear an *Tríú Sceideal* nó an *Ceathrú Sceideal* trí aon ní a chur le ceachtar de na Sceidil sin nó aon ní a scriosadh as ceachtar díobh.

Cionta ag comhlachtaí corpraithe.

9.—(1) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó aon duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus

dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Pionóis.

10.—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo (seachas cion dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*), dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 16 (5), 32 (6)* (i gcás gurb é atá sa chion sárú ar rialacháin faoi *fho-alt (4)* den alt sin), *33 (8)*, *38 (7)* nó *40 (13)* dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

(3) Má leantar tar éis an chiontaithe den sárú ar ina leith a chiontaítear duine i gcion faoin Acht seo, beidh an duine ciontach i gcion breise ar gach lá ar a leanfar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £200 nó (i gcás ciona lena mbaineann *fo-alt (1)*), ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £100,000, a chur ar an duine.

(4) Déanfaidh an chúirt, le linn aon phianbhreith faoi *fho-alt (1)* a fhorchur, aird a thabhairt go háirithe ar bhaol nó ar mhéid an truaillithe comhshaoil a eascraíonn as an ngníomh nó an neamhghníomh arb é an cion é.

Cionta a ionchúiseamh.

11.—(1) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh údarás áitiúil (cibé acu is i limistéar feidhme an údaráis a rinneadh an cion nó nach ea) nó an Ghníomhaireacht imeachtaí achoimre a thionscnamh i leith ciona faoin Acht seo.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil go bhféadfaidh cibé duine a shonrófar amhlaidh (lena n-áirítear an tAire) imeachtaí achoimre a thionscnamh i leith ciona réamhráite a bheidh sonraithe sna rialacháin.

(3) D'ainneoin fhorálacha *alt 10 (4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh—

(*a*) aon tráth laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion, nó

(*b*) más rud é, ar éag don tréimhse sin, gur lasmuigh den Stát a bheidh an duine a mbeidh na himeachtaí le tionscnamh

ina choinne nó ina coinne, laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh sé nó sí isteach sa Stát ina dhiaidh sin, nó

(*c*) aon tráth laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh fianaise ar iúl an duine a thionscnaíonn na himeachtaí ar fianaise í is leor, i dtuairim an duine sin, chun gur cóir na himeachtaí a thionscnamh,

cibé acu is déanaí, ar choinníoll nach dtionscnófar aon imeachtaí den sórt sin tráth is déanaí ná 5 bliana ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.

(4) Chun críche an ailt seo, beidh deimhniú a bheidh sínithe ag an duine, nó thar ceann an duine, a thionscnóidh na himeachtaí i dtaobh an dáta a tháinig fianaise i ndáil leis an gcion lena mbaineann ar a iúl nó ar a hiúl ina fhianaise *prima facie* ar an méid sin, agus in aon imeachtaí dlí, maidir le doiciméad a airbheartóidh gur deimhniú é a eisíodh chun críche an fho-ailt seo agus a bheith sínithe amhlaidh, measfar gur síníodh amhlaidh é agus glacfar mar fhianaise é gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó í a shínigh an deimhniú.

(5) Faoi réir aon ordaithe faoi *alt 69*, is í an Ghníomhaireacht amháin a fhéadfaidh imeachtaí achoimre a thionscnamh i leith ciona faoin Acht seo maidir le mainneachtain coinníoll a bheidh ag gabháil le ceadúnas dramhaíola nó aon cheanglais eile den Acht seo nó faoin Acht seo i ndáil le seoladh gníomhaíochta is ábhar do cheadúnas den sórt sin, a chomhlíonadh.

Costais ionchúiseamh.

12.—I gcás go gciontófar duine i gcion faoin Acht seo in imeachtaí arna dtionscnamh ag údarás áitiúil, ag an nGníomhaireacht nó ag duine a shonraítear faoi *alt 11 (2)*, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an t-údarás áitiúil, an Ghníomhaireacht nó an duine eile i ndáil leis an gcion a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear costais agus caiteachais a tabhaíodh maidir le samplaí a thógáil, tástálacha, scrúduithe agus anailísí a dhéanamh agus maidir le luach saothair agus caiteachais eile stiúrthóirí, fostaithe, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí, de réir mar a bheidh, a íoc leis an údarás áitiúil, leis an nGníomhaireacht nó leis an duine eile, de réir mar a bheidh.

Fíneálacha áirithe a íoc le húdarás áitiúil, leis an nGníomhaireacht nó le daoine eile.

13.—I gcás go bhforchuirfidh cúirt fíneáil, nó go ndaingneoidh nó go n-athróidh sí fíneáil a bheidh forchurtha ag cúirt eile mar gheall ar chion faoin Acht seo in imeachtaí arna dtionscnamh ag údarás áitiúil, ag an nGníomhaireacht nó ag duine a shonraítear faoi *alt 11 (2)*, déanfaidh sí, ar iarratas a fháil ón údarás áitiúil, ón nGníomhaireacht nó ón duine sin, de réir mar a bheidh (is iarratas a bheidh déanta roimh an bhforchur, an daingniú nó an athrú sin), a fhoráil le hordú go n-íocfar méid na fíneála leis an údarás áitiúil, leis an nGníomhaireacht nó leis an duine sin agus féadfaidh an t-údarás áitiúil, an Ghníomhaireacht nó an duine sin, de réir mar a bheidh, an íocaíocht sin a fhorfheidhmiú amhail is dá mbeadh sí dlite dó nó di ar scór foraithne nó ordaithe arna dhéanamh ag an gcúirt in imeachtaí sibhialta.

Cumhachtaí duine údaraithe.

14.—(1) Féadfaidh duine údaraithe, chun aon chríche a bhaineann leis an Acht seo—

(*a*) gach tráth réasúnach, nó aon tráth más rud é go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhféadfadh priacal truaillithe comhshaoil a bheith ann de dhroim gníomhaíocht a sheoladh san áitreabh nó go bhfuil an truailliú sin ag tarlú, dul isteach in aon áitreabh agus cibé daoine eile (lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána) nó trealamh is dóigh leis nó léi is gá chun na críche a thabhairt isteach san áitreabh sin, agus

(*b*) aon fheithicil a stopadh agus a bhordáil aon tráth agus a cheangal ar thiománaí na feithicle í a thabhairt go dtí áit a ainmneoidh an duine údaraithe, agus féadfaidh an duine údaraithe feithicil den sórt sin a choinneáil ag an áit sin ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis nó léi is gá chun na críche.

(2) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní dhéanfaidh duine údaraithe, seachas le toiliú an áititheora, dul isteach i dteaghais phríobháideach faoin alt seo mura mbeidh fógra 24 uaire an chloig ar a laghad, á rá go bhfuil sé beartaithe aige nó aici dul isteach, tugtha aige nó aici i scríbhinn d'áititheoir na teaghaise.

(3) Tabharfar deimhniú a cheaptha nó a ceaptha do gach duine údaraithe agus nuair a bheidh aon chumhacht a thugtar dó nó di leis an Acht seo nó faoin Acht seo á feidhmiú aige nó aici, déanfaidh an duine údaraithe, má iarrann aon duine dá ndéanann sé difear air nó uirthi é, an deimhniú a thabhairt ar aird don duine sin.

(4) Aon uair a rachaidh duine údaraithe isteach in aon áitreabh nó a dhéanfaidh duine údaraithe aon fheithicil a bhordáil, de bhun an ailt seo, féadfaidh an duine údaraithe, san áitreabh sin nó san fheithicil sin, de réir mar is cuí—

(*a*) cibé pleananna a dhéanamh, cibé grianghraif a thógáil agus cibé iniúchtaí a dhéanamh,

(*b*) cibé tástálacha a dhéanamh agus cibé samplaí a thógáil,

(*c*) cibé suirbhéanna a dhéanamh, cibé leibhéil a thógáil, cibé tochailtí a dhéanamh agus cibé scrúduithe a dhéanamh ar dhoimhneacht agus ar chineál na fo-ithreach,

(*d*) a cheangal go bhfágfar gan cur isteach orthu an t-áitreabh nó an fheithicil nó aon chuid den áitreabh nó aon ní san áitreabh nó san fheithicil go ceann cibé tréimhse,

(*e*) a cheangal ar áititheoir de chuid an áitribh nó ar aon áititheoir den fheithicil nó ar aon duine atá fostaithe san áitreabh nó ar aon duine eile san áitreabh cibé faisnéis a thabhairt,

(*f*) a cheangal go dtabharfar ar aird cibé taifid agus doiciméid agus iad a iniúchadh, agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu, nó iad a thabhairt chun siúil, má mheastar gur gá é chun iniúchadh nó scrúdú a dhéanamh ar aon taifid nó doiciméid den sórt sin,

is dóigh leis an duine údaraithe, ag féachaint do na himthosca go léir, is gá chun aon chumhacht a thugtar dó nó di leis an Acht seo nó faoin Acht seo a fheidhmiú.

(5) (*a*) Aon duine údaraithe a mheasfaidh, tar éis dó nó di dul isteach in aon áitreabh nó aon fheithicil a bhordáil, de bhun an ailt seo, maidir le dramhaíl atá air nó uirthi nó ann nó inti, gur dramhaíl í de chineál nó go bhfuil sí á láimhsiú nó á hiompar ar shlí, gur priacal truaillithe comhshaoil í, féadfaidh sé nó sí a ordú do shealbhóir na dramhaíola sin cibé bearta is dóigh leis an duine údaraithe is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an bpriacal sin, lena n-áirítear an dramhaíl a dhiúscairt, ar cibé modh agus i cibé áit agus laistigh de cibé tréimhse ama a shonróidh an duine údaraithe.

(*b*) Má mhainníonn sealbhóir dramhaíola ordachán duine údaraithe a chomhlíonadh faoin bhfo-alt seo, féadfaidh an duine údaraithe gach rud is gá a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear an t-ordachán i gcrích agus beidh na costais a thabhóidh sé nó sí le linn aon rud den sórt sin a dhéanamh inghnóthaithe aige nó aici ó shealbhóir na dramhaíola, nó ón duine a cheap é nó í, mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(6) Aon duine—

(*a*) a dhiúltóidh cead a thabhairt do dhuine údaraithe dul isteach in aon áitreabh nó aon fheithicil a bhordáil nó aon duine nó aon trealamh a thógáil leis nó léi le linn dó nó di a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú,

(*b*) a chuirfidh bac nó treampán ar dhuine údaraithe le linn dó nó di aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú,

(*c*) a thabharfaidh do dhuine údaraithe, d'údarás áitiúil iomchuí nó don Ghníomhaireacht, faisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó

(*d*) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh aon cheanglas den alt seo nó de chuid duine údaraithe a chomhlíonadh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) (*a*) I gcás go gcoiscfear ar dhuine údaraithe, le linn dó nó di a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú, dul isteach in aon áitreabh nó má tá cúis ag duine údaraithe lena chreidiúint go bhféadfadh fianaise a bhaineann le cion amhrasta faoin Acht seo a bheith in aon áitreabh agus go bhféadfaí an fhianaise a aistriú ón áitreabh sin nó a dhíothú, féadfaidh an duine údaraithe nó an duine a cheap é nó í iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar bharántas faoin bhfo-alt seo á údarú don duine údaraithe dul isteach san áitreabh.

(*b*) Más rud é, ar iarratas a bheith déanta chuige nó chuici faoin bhfo-alt seo, gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ón iarratasóir, gur coisceadh ar an duine údaraithe lena mbaineann dul isteach in áitreabh mar a dúradh nó go bhfuil forais réasúnacha ag an duine údaraithe leis na nithe eile a dúradh a chreidiúint, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint faoina láimh á údarú don duine sin, agus cibé líon

comhaltaí den Gharda Síochána a shonrófar sa bharántas in éineacht leis nó léi, más dóigh leis an mbreitheamh gur cuí foráil a dhéanamh amhlaidh, dul isteach, le forneart más gá, san áitreabh lena mbaineann aon tráth nó tráthanna laistigh de 1 mhí ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh air nó uirthi é, agus na cumhachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* nó *(5)* a fheidhmiú.

(8) Féadfaidh duine údaraithe, i bhfeidhmiú aon chumhachta a thugtar dó nó di leis an Acht seo agus lena ngabhann aon fheithicil a thabhairt go dtí aon áit, nó i gcás go mbeidh coinne aige nó aici go gcuirfear aon bhac air nó uirthi i bhfeidhmiú aon chumhachta eile a thugtar dó nó di leis an Acht seo nó faoin Acht seo, a iarraidh ar chomhalta den Gharda Síochána cabhrú leis nó léi cumhacht den sórt sin a fheidhmiú agus déanfaidh aon chomhalta den Gharda Síochána, ar a n-iarrfaidh duine údaraithe déanamh amhlaidh, de réir iarrata den sórt sin.

(9) Féadfaidh duine údaraithe dul isteach ar thalamh chun oiriúnacht na talún le haghaidh diúscairt dramhaíola a mheasúnú; beidh dul isteach den sórt sin faoi réir fhorálacha iomchuí alt 83 (seachas fo-alt (6)) d'Acht 1963 amhail is dá mba dhul isteach arna dhéanamh faoin alt sin é.

(10) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo.

(11) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (10)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) samplaí a thógáil agus tástálacha, scrúduithe agus anailísí a dhéanamh,

(*b*) na haicmí daoine a bheidh freagrach i dtógáil na samplaí sin agus i ndéanamh na dtástálacha, na scrúduithe agus na n-anailísí sin a shonrú, nó

(*c*) an deimhniú nó an fhianaise eile a bheidh le tabhairt i dtaobh toraidh aon tástála, scrúdaithe nó anailíse den sórt sin, agus an aicme nó na haicmí daoine a thabharfaidh an deimhniú nó an fhianaise sin, a shonrú.

(12) Aon deimhniú nó fianaise eile a bheidh tugtha nó le tabhairt i leith aon tástála, scrúdaithe nó anailíse, a bheidh forordaithe, ar aon sampla, is fianaise i ndáil leis an sampla sin é nó í, gan a thuilleadh cruthúnais, ar thoradh na tástála, an scrúdaithe nó na hanailíse, mura suífear a mhalairt.

Faireachán agus iniúchadh.

15.—(1) (*a*) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar, cibé faireachán ar chineál, ar mhéid agus ar éifeachtaí astuithe isteach sa chomhshaol a eascraíonn as dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt a mheasfaidh sé nó sí is gá chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(*b*) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht cibé iniúchadh tréimhsiúil a mheasfaidh sé nó sí is gá chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo

a chomhlíonadh ar shaoráidí chun dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt, ar áitribh ina dtáirgtear dramhaíl ghuaiseach, agus ar ghníomhaíochtaí daoine a bhíonn ag sealbhú dramhaíola nó ag déileáil i ndramhaíl thairis sin.

(2) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar, cibé taifid a mheasfaidh sé nó sí a bheith réasúnach agus riachtanach a choimeád agus a chothabháil ar aon fhaireachán nó iniúchtaí a dhéanfaidh sé nó sí faoi *fho-alt (1)*.

(3) (*a*) Féadfaidh údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, más dealraitheach gur gá déanamh amhlaidh chun aon chríche de chuid an Achta seo, a cheangal ar aon duine a shealbhaíonn aon dramhaíl nó a bhfuil aisghabháil nó diúscairt aon dramhaíola faoina rialú, cibé faireachán a shonróidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht a dhéanamh, nó a shocrú go ndéanfar é, i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, agus cibé taifid ar an bhfaireachán sin a shonróidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht a choimeád agus a sholáthar don údarás áitiúil nó don Ghníomhaireacht.

(*b*) Aon duine a mhainneoidh ceanglas faoin bhfo-alt seo a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht, má iarrann an tAire é, taifid ar aon fhaireachán arna dhéanamh faoin alt seo atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú a sholáthar don Aire nó d'aon duine a shonróidh an tAire, i gceann cibé eatramh agus ar cibé modh a cheanglóidh an tAire.

(5) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar, cibé faireachán nó bearta eile a mheasfaidh sé nó sí is gá chun a fhíorú go bhfuil aon fhaireachán á dhéanamh nó aon taifid ar an bhfaireachán sin á gcoimeád a cheanglóidh sé nó sí faoi *fho-alt (3)* a dhéanamh nó a choimeád.

(6) Gan dochar d'aon fhorálacha eile den Acht seo, déanfaidh an tAire rialacháin á cheangal ar aon duine atá ag sealbhú dramhaíola, ag déileáil i ndramhaíl, nó a bhfuil aisghabháil nó diúscairt dramhaíola faoina rialú, íocaíochtaí a dhéanamh leis an nGníomhaireacht nó le húdarás áitiúil d'fhonn costais a ghlanadh a thabhóidh an Ghníomhaireacht nó an t-údarás áitiúil le linn aon fhaireachán nó iniúchadh nó aon bhearta eile a dhéanamh faoin alt seo i ndáil leis na gníomhaíochtaí réamhráite de chuid an duine sin.

(7) Maidir le glanadh costais a cheanglaítear a dhéanamh faoi rialacháin faoin alt seo, beidh sé iníoctha ar é a éileamh agus, mura n-íocfar amhlaidh é, beidh sé inghnóthaithe ón duine lena mbaineann ag an nGníomhaireacht nó ag an údarás áitiúil lena mbaineann mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Fógraí a sheirbheáil.

16.—(1) Aon fhógra a cheanglaítear a sheirbheáil nó a thabhairt leis an Acht seo nó faoi, déanfar é a dhíriú chuig an duine lena mbaineann agus a sheirbheáil nó a thabhairt ar shlí amháin díobh seo a leanas—

(*a*) trína dhíriú chuig an duine faoina ainm nó faoina hainm agus trína sheachadadh air nó uirthi,

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi,

(*d*) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógraí tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha, agus é dírithe chuige nó chuici, go dtí an seoladh sin, nó

(*e*) i gcás nach féidir an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine a fháil amach le fiosrú réasúnach agus go gceanglaítear fógra a sheirbheáil air nó uirthi nó a thabhairt dó nó di i leith aon áitribh, trína sheachadadh ar dhuine atá os cionn 16 bliana d'aois agus a bhfuil cónaí air nó uirthi san áitreabh nó atá fostaithe san áitreabh, nó trína ghreamú in áit fheiceálach san áitreabh nó gar dó.

(2) I gcás nach féidir ainm an duine lena mbaineann a fháil amach le fiosrú réasúnach, féadfar fógra faoin Acht seo a dhíriú chuig "an t-áititheoir", "an t-úinéir" nó "an duine atá i gceannas", de réir mar a bheidh.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

(4) Ní dhéanfaidh duine aon tráth le linn na tréimhse trí mhí tar éis fógra a ghreamú faoi *fho-alt 1(e)*, an fógra a thabhairt chun siúil, a dhamáistiú nó a aghlot gan údarás dleathach.

(5) Beidh duine a sháróidh *fo-alt (4)* ciontach i gcion.

An tráth chun nithe áirithe a dhéanamh: an Satharn, an Domhnach, laethanta saoire poiblí, etc.

17.—(1) I gcás go gcumasaítear le foráil den Acht seo, nó d'aon rialachán arna dhéanamh faoin Acht seo, nó d'aon fhógra arna sheirbheáil faoin Acht seo, uiríll nó agóidí a dhéanamh, nó go gceanglaítear le foráil den sórt sin doiciméid, sonraí nó faisnéis eile a thabhairt, roimh dhul in éag do thréimhse shonraithe agus gur Satharn, Domhnach, lá saoire poiblí (de réir bhrí an Achta um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973) nó aon lá eile ar a mbeidh príomhoifig an údaráis áitiúil lena mbaineann nó na Gníomhaireachta (de réir mar a bheidh) dúnta an lá deiridh den tréimhse sin, measfar go bhfuarthas na huiríll, na hagóidí, na doiciméid, na sonraí nó an fhaisnéis eile (de réir mar a bheidh) roimh dhul in éag don tréimhse sin más rud é go bhfaigheann an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht iad ar an gcéad lá eile dá éis sin a bheidh príomhoifig an údaráis áitiúil nó na Gníomhaireachta ar oscailt.

(2) San alt seo, folaíonn "uiríll nó agóidí" aighneachtaí agus tuairimí.

Faisnéis.

18.—(1) Féadfaidh an tAire, údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, chun aon chríche a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna faoin Acht seo, trí fhógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an duine, a cheangal—

(*a*) ar aon sealbhóir dramhaíola, nó

(*b*) ar aon duine atá ag gabháil do dhramhaíl a allmhairiú, a onnmhairiú, a tháirgeadh, a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt, nó d'aon ghníomhaíocht ghaolmhar nó coimhdeach, nó

(*c*) ar aon duine atá ag gníomhú mar bhróicéir dramhaíola nó mar dhéileálaí dramhaíola, nó

(*d*) ar áititheoir aon saoráide dramhaíola nó ar an duine atá i gceannas aon saoráide dramhaíola,

cibé taifid a choimeád agus cibé sonraí a thabhairt i scríbhinn don Aire, don údarás áitiúil nó don Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, laistigh de cibé tréimhse (nach giorra ná 14 lá tar éis an dáta a seirbheáladh an fógra) agus, más cuí, a mhinice ina dhiaidh sin a bheidh sonraithe san fhógra, maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) aon ghníomhaíocht nó próiseas mar a dúradh nó aon saoráid lena mbaineann,

(ii) foráil a bheartaítear a dhéanamh nó a rinneadh nó bearta a rinneadh chun aon dramhaíl lena mbaineann a allmhairiú, a onnmhairiú, a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt,

(iii) bunadh, saghas, méid, cineál, comhdhéanamh agus airíonna na dramhaíola lena mbaineann, nó

(iv) aon ní gaolmhar nó coimhdeach eile,

a shonrófar amhlaidh.

(2) Aon duine a mhainneoidh déanamh de réir fógra faoin alt seo nó a thabharfaidh, mar fhreagra ar fhógra den sórt sin, aon fhaisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh an duine sin ciontach i gcion.

(3) Déanfaidh an tAire rialacháin, á cheangal—

(*a*) ar aicme shonraithe nó aicmí sonraithe daoine a sheolann aicme shonraithe nó aicmí sonraithe gníomhaíochta aisghabhála nó diúscartha dramhaíola, nó

(*b*) ar aicme shonraithe nó aicmí sonraithe sealbhóra nó táirgeora aicme nó aicmí sonraithe dramhaíola,

taifid shonraithe a choimeád go ceann tréimhse nó tréimhsí sonraithe agus faisnéis shonraithe, lena n-áirítear fianaise ar nithe sonraithe, a sholáthar nó a chur ar fáil d'údarás áitiúil, don Ghníomhaireacht nó d'aon duine sonraithe eile, a mhinice, faoi cibé imthosca agus ar cibé modh a shonrófar.

(4) Aon fhaisnéis a gheobhaidh údarás áitiúil faoin alt seo, nó aon achoimre ar an bhfaisnéis sin nó aon tiomsú di, nó aon tuarascáil a bheidh bunaithe uirthi, féadfar, agus déanfar má iarrann an tAire nó

an Ghníomhaireacht é, í nó é a thabhairt don Aire nó don Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh.

(5) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht cibé staidreamh nó faisnéis eile a bhainfidh le haon ghné de tháirgeadh agus de bhainistiú dramhaíola a thiomsú nó a fháil ar shlí eile, agus é nó í a thabhairt don Aire, a mhinice a bheidh sonraithe ag an Aire i scríbhinn.

(6) I gcás go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil imeachtaí a thionscnamh i gcoinne duine i leith ciona faoin Acht seo, agus go gciontófar an duine sa chion sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht nó an t-údarás áitiúil, de réir mar a bheidh, a luaithe is féidir tar éis an duine a chiontú, a chur in iúl do gach údarás áitiúil nó, de réir mar a bheidh, do gach údarás áitiúil eile agus don Ghníomhaireacht, go bhfuiltear tar éis an duine a chiontú amhlaidh, agus cibé mionsonraí a thabhairt is cuí léi nó leis, i dtaobh chineál an chiona.

(7) I gcás go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a dheonú, a aistriú nó glacadh lena thabhairt suas, déanfaidh sí (mura rud é gur údarás áitiúil sealbhóir an cheadúnais nó aistrí an cheadúnais) laistigh de thréimhse 21 lá dá éis sin an méid sin a chur in iúl don údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a bheidh nó (de réir mar a bheidh) atá nó a bhí, an ghníomhaíocht is ábhar don cheadúnas lena mbaineann á seoladh.

(8) Aon duine a sháróidh foráil de rialacháin faoi *fho-alt (3)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Beidh clár le cothabháil ag gach údarás áitiúil agus ag an nGníomhaireacht.

19.—(1) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo clár a bhunú agus a chothabháil chun críocha an Achta seo, agus déanfaidh siad ann na taifid agus na breisithe sin go léir a fhorordófar ó am go ham.

(2) Coimeádfar clár faoin alt seo i bpríomhoifig an údaráis áitiúil lena mbaineann nó i bpríomhoifig na Gníomhaireachta, de réir mar a bheidh, agus déanfar é a chur ar fáil lena iniúchadh ag aon duine le linn uaireanta oifige.

(3) I gcás go ndéanfar iarraidh chun údaráis áitiúil nó chun na Gníomhaireachta ar chóip de thaifead sa chlár arna chothabháil aige nó aici faoin alt seo, déanfaidh an t-údarás nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, cóip den sórt sin a eisiúint chuig an iarratasóir, ar an iarratasóir d'íoc leis an údarás nó leis an nGníomhaireacht, má cheanglaíonn sé nó sí é sin, táille de cibé méid (nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh leis an gcóip a dhéanamh) a chinnfidh an t-údarás nó an Ghníomhaireacht.

(4) Gach doiciméad a airbheartaíonn gur cóip é de thaifead i gclár arna chothabháil ag údarás áitiúil nó ag an nGníomhaireacht faoin alt seo agus a airbheartaíonn a bheith deimhnithe mar chóip dhílis den taifead ag oifigeach don údarás áitiúil nó don Ghníomhaireacht, glacfar leis, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó í a dheimhnigh sin nó gurbh oifigeach den sórt sin é nó í, i bhfianaise in aon imeachtaí dlí agus measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur cóip dhílis den taifead é agus gur fianaise é ar théarmaí an taifid.

(5) Féadfar fianaise ar thaifead i gclár faoin alt seo a thabhairt trí chóip de a bheidh deimhnithe de bhun an ailt seo a thabhairt ar aird agus ní gá an clár féin a thabhairt ar aird.

(6) Tabharfaidh údarás áitiúil fógra don Ghníomhaireacht, ar cibé modh agus cibé tráthanna a fhorordófar, maidir le cibé sonraí, arna dtaifeadadh i gclár a chothabhálann sé faoin alt seo, a fhorordófar.

(7) (*a*) Féadfaidh údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht clár a choimeád faoin alt seo ar shlí seachas i bhfoirm inléite ionas gur féidir an clár a úsáid chun cóip inléite nó atáirgeadh inléite a dhéanamh d'aon taifead sa chlár.

(*b*) Forléireofar tagairtí sna forálacha sin roimhe seo den alt seo do chóip de thaifead i gclár faoin alt seo mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chóip inléite nó d'atáirgeadh inléite den sórt sin.

Caiteachais.

20.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Feidhmeanna a aistriú ó údaráis áitiúla chuig an nGníomhaireacht, etc.

21.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, más deimhin leis nó léi maidir le haon fheidhm a thugtar d'údarás áitiúil leis an Acht seo, go bhféadfadh an Ghníomhaireacht í a chomhlíonadh ar shlí níos éifeachtaí, in ionad í a bheith á comhlíonadh ag an údarás sin, a fhoráil le rialacháin gurb í an Ghníomhaireacht a dhéanfaidh an fheidhm a chomhlíonadh le héifeacht ó dháta a bheidh sonraithe sna rialacháin.

(2) Aon uair a bheidh rialacháin faoi *fho-alt (1)* i bhfeidhm i ndáil le feidhm áirithe, déanfar tagairt san Acht seo d'údarás áitiúil a fhorléiriú, más cuí, mar thagairt don Ghníomhaireacht agus is feidhm de chuid na Gníomhaireachta an fheidhm lena mbaineann na rialacháin.

(3) Féadfaidh an tAire, más deimhin leis nó léi i ndáil le haon fheidhm a thugtar d'údarás áitiúil leis an Acht seo, maidir le limistéar feidhme bardais buirge (seachas contaebhuirg), nó limistéar feidhme comhairle ceantair uirbigh, atá suite i limistéar feidhme an údaráis áitiúil sin, go bhféadfadh an bardas sin nó an chomhairle sin í a chomhlíonadh ar shlí níos éifeachtaí in ionad í a bheith á comhlíonadh ag an údarás sin, a fhoráil le rialacháin gurb é an bardas sin nó, de réir mar a bheidh, gurb í an chomhairle sin, a dhéanfaidh an fheidhm sin a chomhlíonadh maidir leis an limistéar feidhme céadluaite, le héifeacht ó dháta a bheidh sonraithe sna rialacháin.

(4) Aon uair a bheidh rialacháin faoi *fho-alt (3)* i bhfeidhm i ndáil le feidhm áirithe, déanfar tagairt san Acht seo d'údarás áitiúil a fhorléiriú, más cuí, mar thagairt do bhardas na buirge nó do chomhairle an cheantair uirbigh lena mbaineann na rialacháin agus is feidhm de chuid an bhardais sin nó na comhairle sin an fheidhm lena mbaineann na rialacháin.

(5) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha agus idirthréimhseacha (lena n-áirítear forálacha lena modhnaítear agus lena gcuirtear i bhfeidhm aon fhoráil den Acht seo nó d'aon achtachán eile) a bheith i rialacháin faoin alt seo is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach chun críche na rialachán nó dá ndroim nó chun lánéifeacht a thabhairt dóibh.

CUID II

PLEANÁIL BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

Pleananna bainistithe dramhaíola.

22.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "tréimhse iomchuí" an tréimhse dar tosach dáta déanta an phlean bainistithe dramhaíola lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an dáta a críochnaíodh an t-athbhreithniú deiridh ar an bplean sin faoi *fho-alt (4)* agus dar críoch an dáta a bhfuil súil ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla lena mbaineann go gcríochnófar athbhreithniú ar an bplean faoin bhfo-alt sin, nó, de réir mar is cuí, go gcríochnófar an chéad athbhreithniú eile air.

folaíonn "plean bainistithe dramhaíola", i gcás go gceadaíonn an comhthéacs é, plean bainistithe dramhaíola ionaid faoi *fho-alt (4)*.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* agus *alt 24*, déanfaidh gach údarás áitiúil, tráth nach déanaí ná cibé dáta a fhorordófar, plean (dá ngairtear "plean bainistithe dramhaíola" san Acht seo) maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) dramhaíl neamhghuaiseach a chosc, a íoslaghdú, a bhailiú, a aisghabháil agus a dhiúscairt laistigh dá limistéar feidhme, agus

(*b*) na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (8)* i ndáil le dramhaíl ghuaiseach, a mhéid a bhaineann siad lena limistéar feidhme.

(3) Féadfaidh dhá údarás áitiúla nó níos mó, in ionad gach údarás díobh do dhéanamh plean bainistithe dramhaíola, plean a dhéanamh i gcomhpháirt (dá ngairtear "plean bainistithe dramhaíola" freisin san Acht seo) i leith a limistéar feidhme (ach sin tráth nach déanaí ná an dáta dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*) maidir leis na nithe a shonraítear i *míreanna (a)* agus *(b)* den fho-alt sin.

(4) Déanfaidh údarás áitiúil nó, i gcás plean bainistithe dramhaíola faoi *fho-alt (3)*, an dá údarás áitiúla nó níos mó lena mbaineann, plean bainistithe dramhaíola arna dhéanamh aige nó acu a athbhreithniú ó am go ham de réir mar is gá sa chás agus uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 5 bliana tar éis dáta déanta an phlean agus féadfaidh sé nó siad, de dhroim athbhreithniú den sórt sin agus de réir alt 23, aon athruithe a dhéanamh ar an bplean nó plean bainistithe dramhaíola nua a chur ina ionad, de réir mar is cuí leis nó leo.

(5) Déanfaidh údarás áitiúil, sula dtosóidh sé ar aon cheann díobh seo a leanas a ullmhú, eadhon, plean bainistithe dramhaíola faoi *fho-alt (2)* nó *(3)*, athrú ar phlean den sórt sin nó plean le cur ina ionad faoi *fho-alt (4)* nó plean le cur in ionad plean den sórt sin i gcomhlíonadh ceanglais arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 24*, a chur faoi deara fógra a fhoilsiú, á rá go bhfuil beartaithe aige ullmhúchán den sórt sin a thosú, i nuachtán a scaiptear ina limistéar feidhme agus déarfar i bhfógra den sórt sin go bhféadfar uiríll i scríbhinn a dhéanamh i ndáil leis an ní chuig an údarás áitiúil laistigh de thréimhse shonraithe, ar tréimhse í nach lú ná 2 mhí ó dháta foilsithe an fhógra.

(6) Beidh i bplean bainistithe dramhaíola, maidir le dramhaíl neamhghuaiseach, cibé cuspóirí is dealraitheach don údarás áitiúil nó

do na húdaráis áitiúla lena mbaineann a bheith réasúnach agus riachtanach—

(*a*) chun táirgeadh dramhaíola nó cineál dochrach dramhaíola a chosc nó a íoslaghdú,

(*b*) chun aisghabháil dramhaíola a spreagadh agus chun tacú leis an gcéanna,

(*c*) chun a chinntiú go ndéantar an dramhaíl sin nach féidir a chosc ná a aisghabháil a dhiúscairt gan truailliú comhshaoil a chur faoi deara, agus

(*d*) chun a chinntiú i gcomhthéacs dramhaíl a dhiúscairt go dtabharfar aird ar an ngá atá ann éifeacht a thabhairt don phrionsabal go n-íocann an truaillitheoir,

agus sonrófar ann na bearta sin nó na socruithe sin a bheidh le déanamh ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla, chun a áirithiú go mbainfear cuspóirí an phlean amach.

(7) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (6)*, beidh ar áireamh i bplean bainistithe dramhaíola, faoi réir cibé rialachán a dhéanfaidh an tAire chun críocha an ailt seo, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas nó tabharfar aird ann thairis sin ar na nithe seo a leanas—

(*a*) beartais agus cuspóirí, agus na tosaíochtaí a shannfar dóibh faoi seach, an údaráis áitiúil nó na n-údarás áitiúil lena mbaineann i ndáil le cabhair a thabhairt chun dramhaíl a chosc agus a íoslaghdú agus i ndáil le bainistiú a dhéanamh i gcoitinne ar ghníomhaíochtaí a bheidh á seoladh aige nó acu nó ag daoine eile maidir le dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil agus a dhiúscairt laistigh dá limistéar feidhme nó dá limistéir fheidhme;

(*b*) na bearta—

(i) a dhéanfaidh an t-údarás áitiúil nó na húdaráis áitiúla lena mbaineann le linn na tréimhse iomchuí, agus

(ii) a dhéanfaidh daoine seachas an t-údarás áitiúil nó na húdaráis áitiúla lena mbaineann nó a fhéadfaidh na daoine sin a dhéanamh, a mhéid is féidir leis an údarás nó leis na húdaráis sin a chinneadh, le linn na tréimhse iomchuí,

chun táirgeadh dramhaíola a chosc nó a íoslaghdú;

(*c*) an saghas dramhaíola, an méid dramhaíola agus bunadh na dramhaíola a mbeidh coinne ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla lena mbaineann go n-eascróidh sí le linn na tréimhse iomchuí ina limistéar feidhme nó ina limistéir fheidhme lena bailiú, lena haisghabháil nó lena diúscairt;

(*d*) an saghas dramhaíola agus an méid dramhaíola a mbeidh coinne ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla lena mbaineann go n-iomprófar í isteach ina limistéar feidhme nó ina limistéir fheidhme, nó amach as an limistéar nó na limistéir sin, lena haisghabháil nó lena diúscairt le linn na tréimhse iomchuí;

(*e*) saoráidí, gléasra agus trealamh a mbeidh coinne ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla lena mbaineann go mbeidh siad ar fáil nó gur gá, ina thuairim nó ina dtuairim, iad a bheith ar fáil chun dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt ina limistéar feidhme nó ina limistéir fheidhme le linn na tréimhse iomchuí agus nithe is iomchuí maidir le láithreáin a roghnú i leith na saoráidí réamhráite;

(*f*) ceanglais ghinearálta de chineál teicniúil nó eile is infheidhme maidir le dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil agus a dhiúscairt agus iarchúram saoráidí a úsáidfear chun dramhaíl a dhiúscairt;

(*g*) na bearta a bheidh le déanamh i gcoitinne ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla lena mbaineann chun forálacha an Achta seo a fhorfheidhmiú ina limistéar feidhme nó ina limistéir fheidhme;

(*h*) láithreáin a shainaithint ina raibh gníomhaíochtaí diúscartha nó aisghabhála dramhaíola á seoladh, measúnacht ar aon phriacal truaillithe comhshaoil a eascraíonn mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, bearta a bheartaítear a dhéanamh, nó, i gcás go mbeidh measúnacht den sórt sin déanta cheana féin, bearta a rinneadh, d'fhonn aon truailliú comhshaoil den sórt sin a chosc nó a theorannú, bearta leasúcháin riachtanacha i leith láithreán den sórt sin a shainaithint, agus bearta a bheartaítear a dhéanamh, nó, i gcás go mbeidh bearta den sórt sin sainaitheanta cheana féin, bearta a rinneadh, chun leasúchán den sórt sin a bhaint amach, ag féachaint d'éifeachtacht na dteicníochtaí leasúcháin a bheidh ar fáil ó thaobh costas de;

(*i*) aon nithe teagmhasacha agus coimhdeacha;

(*j*) cibé nithe eile a fhorordófar.

(8) Áireofar i bplean bainistithe dramhaíola, ach ar leithligh ón bhfaisnéis eile a bheidh sa phlean, faisnéis maidir le bearta a chur i ngníomh ar bearta iad a leanfaidh as forálacha an phlean bainistithe dramhaíola guaisí nó as aon mholtaí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht faoi *alt 26 (6)*, nó atá teagmhasach leis an gcéanna.

(9) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar an modh ar a leagfar amach aon ní i bplean bainistithe dramhaíola nó ar a dtabharfar aghaidh ar aon ní ann.

(10) Is feidhm fhorchoimeádta é plean bainistithe dramhaíola a dhéanamh, a athbhreithniú nó a athrú nó plean bainistithe dramhaíola eile a chur ina ionad.

(11) Le linn plean bainistithe dramhaíola a dhéanamh nó a athbhreithniú, beidh aird ag an údarás áitiúil nó ag na húdaráis áitiúla lena mbaineann ar phleanáil agus ar fhorbairt chuí a limistéir feidhme nó a limistéar feidhme agus, chun na críche sin, beidh aird aige nó acu ar fhorálacha na nithe seo a leanas—

(*a*) an plean forbartha nó na pleananna forbartha agus aon ordú um limistéar taitneamhachta speisialta arna dhéanamh faoi Acht 1963,

(*b*) plean bainistithe cáilíochta uisce arna dhéanamh faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990, agus

(*c*) plean bainisteoireachta aercháilíochta arna dhéanamh faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987,

atá i bhfeidhm de thuras na huaire i ndáil leis an limistéar nó na limistéir sin.

(12) Déanfaidh údarás áitiúil cibé bearta is cuí agus is gá chun na cuspóirí atá i bplean bainistithe dramhaíola arna dhéanamh ag an údarás (cibé acu an plean arna dhéanamh ag an údarás nó i gcomhpháirt ag an údarás le húdarás áitiúil eile nó le húdaráis áitiúla eile an plean sin) a bhaint amach i ndáil lena limistéar feidhme.

(13) Déanfaidh bardas buirge (nach contaebhuirg) nó comhairle ceantair uirbigh, le linn dó nó di aon fheidhmeanna dá chuid nó dá cuid i ndáil le bainistiú dramhaíola a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar fhorálacha plean bainistithe dramhaíola arna dhéanamh ag comhairle an chontae ar ina limistéar feidhme atá an bhuirg nó an ceantar uirbeach suite.

(14) Ar údarás áitiúil do dhéanamh plean bainistithe dramhaíola—

(*a*) aon phlean arna ullmhú ag an údarás sin faoi Airteagal 4 (2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979, nó

(*b*) aon phlean dramhaíola speisialta de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, arna ullmhú ag an údarás sin,

agus atá i bhfeidhm de thuras na huaire, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis.

Fógraí a fhoilsiú i ndáil le pleananna bainistithe dramhaíola agus an nós imeachta ar phleananna den sórt sin a athbhreithniú.

23.—(1) I gcás go mbeartaíonn údarás áitiúil plean bainistithe dramhaíola ("an plean") a dhéanamh faoi *fho-alt (2)* nó *(3) d'alt 22*, nó a athrú nó a ionadú faoi *fho-alt (4)* den alt sin, nó a ionadú i gcomhlíonadh ceanglais arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 24*, cuirfidh an t-údarás áitiúil faoi deara fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear ina limistéar feidhme á rá go bhfuil sé beartaithe an plean a dhéanamh, a athrú nó a ionadú, de réir mar a bheidh, agus cuirfidh sé cóip den phlean beartaithe nó, de réir mar a bheidh, den athrú beartaithe ar an bplean, faoi bhráid an Aire, na Gníomhaireachta agus cibé daoine eile a fhorordófar.

(2) Déarfar i bhfógra faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) go bhféadfar cóip den phlean beartaithe nó, de réir mar a bheidh, den athrú beartaithe ar an bplean—

(i) a iniúchadh in áit shonraithe agus ag tráthanna sonraithe le linn tréimhse sonraithe, is tréimhse nach giorra ná 2 mhí ón tráth a thaiscfear an plean beartaithe nó an t-athrú beartaithe lena iniúchadh (agus déanfar an plean beartaithe nó an t-athrú beartaithe a thaisceadh amhlaidh agus a chur ar fáil lena iniúchadh amhlaidh dá réir sin), agus

(ii) a cheannach ón údarás áitiúil (agus cuirfear an plean beartaithe nó an t-athrú beartaithe ar fáil lena cheannach amhlaidh dá réir sin (ar chostas nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh le cóip a dhéanamh));

(*b*) go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil nó na húdaráis áitiúla lena mbaineann, sula ndéanfar an plean nó, de réir mar a bheidh, an t-athrú ar an bplean, breithniú ar uiríll i scríbhinn i ndáil leis an bplean beartaithe nó leis an athrú beartaithe ar an bplean arna ndéanamh chuig an údarás áitiúil laistigh den tréimhse a dúradh (agus breithneofar aon uiríll den sórt sin dá réir sin).

(3) Féadfaidh an t-údarás áitiúil nó na húdaráis áitiúla lena mbaineann, tar éis breithniú a dhéanamh ar aon uiríll arna ndéanamh go cuí chuige nó chuig gach ceann acu, de réir mar a bheidh, laistigh den tréimhse iomchuí faoi *fho-alt (2)*, an plean a dhéanamh, a athrú nó a ionadú (cibé acu sna téarmaí a beartaíodh i dtosach nó fara cibé leasuithe is cuí leis nó leo).

(4) (*a*) Déanfaidh údarás áitiúil a mbeidh plean déanta aige faoi *fho-alt (2)* nó *(3) d'alt 22*, cóip den phlean nó sliocht as an bplean a thabhairt do dhuine ar í nó é a iarraidh agus, má cheanglaíonn an t-údarás amhlaidh, ar an duine d'íoc leis cibé táille réasúnach a ghearrfaidh sé, laistigh de thréimhse 21 lá tar éis don údarás an iarraidh sin a fháil nó tar éis cibé táille a ghearrfaidh sé a íoc, cibé acu is déanaí.

(*b*) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cóip de phlean é nó gur sliocht as plean é agus a bheith deimhnithe mar chóip dhílis ag oifigeach d'údarás áitiúil a rinne an plean faoi *fho-alt (2)* nó *(3) d'alt 22*, beidh sé ina fhianaise *prima facie* ar an bplean nó ar an sliocht, de réir mar a bheidh, agus ní gá síniú an oifigigh sin a chruthú ná a chruthú gurbh oifigeach den sórt sin é nó í iarbhír.

(*c*) Féadfar fianaise ar phlean nó ar shliocht as plean den sórt sin a thabhairt trí chóip de a bheidh deimhnithe de bhun an fho-ailt seo a thabhairt ar aird agus ní gá an plean féin a thabhairt ar aird.

Cumhacht an Aire i ndáil le pleananna bainistithe dramhaíola.

24.—Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil nó leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann—

(*a*) a cheangal go ndéanfaidh dhá údarás áitiúla nó níos mó plean bainistithe dramhaíola i gcomhpháirt faoi *alt 22 (3)*,

(*b*) a cheangal, maidir le pleananna bainistithe dramhaíola a bheidh le déanamh ag dhá údarás áitiúla nó níos mó, cibé acu faoi *fho-alt (2)* nó *(3) d'alt 22*, go ndéanfar iad a chomhordú ar cibé modh agus i ndáil le cibé nithe a shonróidh an tAire, agus

(*c*) a cheangal ar údarás áitiúil nó, de réir mar a bheidh, ar dhá údarás áitiúla nó níos mó, plean bainistithe dramhaíola arna dhéanamh aige nó acu a athrú (cibé acu trí ábhar a chur leis nó a scriosadh as) ar cibé modh a shonróidh an tAire nó plean bainistithe dramhaíola nua a chur in ionad an phlean,

agus déanfaidh an t-údarás áitiúil nó na húdaráis áitiúla de réir aon cheanglais den sórt sin de chuid an Aire.

Dualgas údaráis áitiúil ar phlean bainistithe dramhaíola a dhéanamh, a athrú nó a ionadú.

25.—A luaithe is féidir tar éis d'údarás áitiúil nó, de réir mar a bheith, do dhá údarás áitiúla nó níos mó, plean bainistithe dramhaíola a dhéanamh, a athrú nó a ionadú, déanfaidh an t-údarás áitiúil nó, de réir mar a bheidh, ceann de na húdaráis áitiúla, cóip den phlean nó den phlean arna athrú nó den phlean nua, de réir mar a bheidh, a tharchur chuig an Aire, chuig an nGníomhaireacht agus chuig cibé daoine eile a fhorordófar.

Plean bainistithe dramhaíola guaisí.

26.—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, ach tráth nach déanaí ná cibé dáta a bheidh forordaithe, plean náisiúnta (dá ngairtear "an plean bainistithe dramhaíola guaisí" san Acht seo), maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a íoslaghdú,

(*b*) dramhaíl ghuaiseach a aisghabháil,

(*c*) dramhaíl ghuaiseach a bhailiú agus a aistriú, agus

(*d*) cibé dramhaíl ghuaiseach a dhiúscairt nach féidir a chosc ná a aisghabháil.

(2) Tabharfar aird sa phlean bainistithe dramhaíola guaisí ar aon phlean bainistithe dramhaíola, agus corprófar ann cibé faisnéis atá in aon phlean bainistithe dramhaíola, is cuí leis an nGníomhaireacht agus—

(*a*) tabharfar tuairisc ann ar shaghas, méid agus bunadh dramhaíola guaisí a eascraíonn sa Stát, ar aistriú dramhaíola guaisí laistigh den Stát, isteach sa Stát nó amach as an Stát, agus ar na saoráidí atá ar fáil chun dramhaíl den sórt sin a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt sa Stát, agus léireofar sa tuairisc sin an staid is dóigh a bheidh ann maidir le gach ceann de na nithe sin go ceann cibé tréimhse tar éis an plean a dhéanamh nó a athbhreithniú faoi *fho-alt (3)* is cuí leis an nGníomhaireacht;

(*b*) sonrófar ann cuspóirí agus, más cuí, spriocanna atá indéanta nó inmhianaithe i dtuairim na Gníomhaireachta i ndáil le táirgeadh dramhaíola guaisí a chosc agus a íoslaghdú, cineál dochrach na dramhaíola sin a íoslaghdú agus an dramhaíl sin a aisghabháil nó a dhiúscairt, thar cibé tréimhsí a bheidh sonraithe;

(*c*) beidh foráil ann, de réir mar is cuí, maidir le láithreáin a shainaithint ina raibh gníomhaíochtaí diúscartha dramhaíola á seoladh, ar ghníomhaíochtaí iad lenar bhain dramhaíl ghuaiseach go feadh méid shuntasaigh, maidir le measúnacht a dhéanamh ar aon phriacal truaillithe comhshaoil a eascraíonn de dhroim na ngníomhaíochtaí sin, maidir le bearta a dhéanamh nó a mholadh chun aon truailliú comhshaoil den sórt sin a chosc nó a theorannú, maidir le bearta leasúcháin riachtanacha a shainaithint i ndáil leis na láithreáin sin, agus maidir le bearta a mholadh a bheidh le déanamh chun an leasúchán sin a

bhaint amach, ag féachaint d'éifeachtacht na dteicníochtaí leasúcháin a bheidh ar fáil ó thaobh costas de;

(*d*) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann éifeacht a thabhairt don phrionsabal go n-íocann an truaillitheoir;

(*e*) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann le réamhchúram i ndáil leis an éifeacht dhochrach a d'fhéadfadh a bheith ag astuithe, i gcás go bhfuil forais réasúnacha ann, i dtuairim na Gníomhaireachta, lena chreidiúint go bhféadfadh na hastuithe sin a bheith ina gcúis le truailliú comhshaoil suntasach;

(*f*) déanfar moltaí ann, i dtaobh dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú, maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) tosaíochtaí, bearta nó cláir a bhféadfaí gabháil dóibh,

(ii) bonneagar, saoráidí dramhaíola nó acmhainní fisiceacha eile a mheasfaidh an Ghníomhaireacht a bheith riachtanach ar fud an Stáit nó in aon limistéar de chuid an Stáit,

(iii) feidhmeanna aon údarás poiblí iomchuí;

(*g*) sonrófar beartais ann a mbeartaíonn an Ghníomhaireacht gabháil dóibh, ag féachaint dá feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile.

(3) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham, de réir mar is cuí léi, agus uair amháin ar a laghad le linn gach tréimhse 5 bliana tar éis an dáta a ndéanfar an plean bainistithe dramhaíola guaisí, an plean a athbhreithniú agus cibé athmheas a dhéanamh air is cuí léi agus forléireofar tagairtí sa Chuid seo do phlean den sórt sin, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do phlean den sórt sin arna athmheas amhlaidh.

(4) (*a*) Cuirfidh an Ghníomhaireacht faoi deara na fógraí seo a leanas a fhoilsiú i nuachtán náisiúnta amháin ar a laghad—

(i) fógra á rá go bhfuil beartaithe aici an plean bainistithe dramhaíola guaisí a dhéanamh,

(ii) i gcás go mbeidh athbhreithniú déanta aici ar an bplean sin agus go mbeartaíonn sí an plean a athmheas de dhroim athbhreithnithe den sórt sin, fógra i dtaobh an togra sin,

agus déanfaidh sí cóip den phlean nó, de réir mar a bheidh, den athmheas beartaithe ar an bplean a thabhairt don Aire, do gach údarás áitiúil agus do cibé daoine eile a fhorordófar.

(*b*) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)*, *(3)* agus *(4) d'alt 23* i ndáil leis an bplean bainistithe dramhaíola guaisí agus le fógra réamhráite mar atá feidhm ag na forálacha sin i ndáil le plean bainistithe dramhaíola agus le fógra faoi *fho-alt (1) d'alt 23* fara na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá, eadhon—

(i) go bhforléireofar tagairtí sna forálacha sin do phlean agus d'athrú beartaithe ar phlean, faoi seach, mar thagairtí don phlean bainistithe dramhaíola guaisí agus d'athmheas beartaithe ar an bplean sin,

(ii) go bhforléireofar tagairtí sna forálacha sin do phlean a athrú nó a ionadú mar thagairtí do phlean a athmheas,

(iii) go bhforléireofar tagairtí sna forálacha sin d'údarás áitiúil mar thagairtí don Ghníomhaireacht.

(5) Déanfaidh Aire den Rialtas, údarás áitiúil agus aon údarás poiblí eile dá mbeidh feidhmeanna dílsithe le haon achtachán nó faoi aon achtachán i ndáil le caomhnú an chomhshaoil aird a thabhairt ar mholtaí a bheidh sa phlean bainistithe dramhaíola guaisí agus, a mhéid is dóigh leis an Aire sin den Rialtas, leis an údarás áitiúil sin nó leis an údarás poiblí eile sin gur cuí déanamh amhlaidh, bearta a dhéanamh chun moltaí den sórt sin a chur i ngníomh nó chun éifeacht a thabhairt dóibh ar shlí eile.

(6) Gan dochar *d'fho-alt (5)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht, ag féachaint d'fhorálacha an phlean bainistithe dramhaíola guaisí agus d'fheidhmeanna údarás áitiúil i ndáil le dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú, cibé moltaí a dhéanamh chuig údarás áitiúil amháin nó níos mó is dóigh leis an nGníomhaireacht is cuí i ndáil leis an údarás áitiúil sin nó na húdaráis áitiúla sin do bhainistiú dramhaíl ghuaiseach go héifeachtach, agus measfar moltaí den sórt sin a bheith eisithe faoi réim agus de réir alt 63 d'Acht 1992.

(7) Beidh sé de dhualgas ar gach údarás áitiúil agus ar aon údarás poiblí dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*, chun go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht plean bainistithe dramhaíola guaisí nó athbhreithniú ar phlean bainistithe dramhaíola guaisí, aon fhaisnéis iomchuí atá ar fáil don údarás áitiúil nó don údarás poiblí, nó a fhéadfaidh siad le réasún a fháil, a thabhairt don Ghníomhaireacht, ar an nGníomhaireacht iarraidh a dhéanamh chuige sin.

(8) Ní dhéanfar aon ní sa Chuid seo a fhorléiriú mar ní a cheanglóidh ar an nGníomhaireacht aon saoráidí dramhaíola, trealamh nó acmhainní gaolmhara a sholáthar, nó ról díreach a ghlacadh chuici féin maidir lena soláthar, ná mar ní lena bhforchuirfear dualgas ar an nGníomhaireacht, ar dualgas é a bheidh dlite d'aon duine, chun láithreán a shainaithint ar ar seoladh gníomhaíocht diúscartha dramhaíola nó chun aon rud eile a dhéanamh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)* i ndáil le láithreán den sórt sin.

(9) Ar an bplean bainistithe dramhaíola guaisí a dhéanamh nó ar aon athmheas a dhéanamh ar an gcéanna, déanfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) a chur faoi deara fógra a fhoilsiú i nuachtán náisiúnta amháin ar a laghad ina thaobh sin agus i dtaobh an mhodha ar ar féidir le daoine den phobal cóip den phlean, arna dhéanamh nó arna athmheas, a fháil ar chostas nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh le cóip a dhéanamh, agus

(*b*) cóip den phlean, arna dhéanamh nó arna athmheas, a thabhairt don Aire agus do gach údarás áitiúil, agus d'aon údarás poiblí eile a bhfuil, i dtuairim na

Gníomhaireachta, leas aige i mbainistiú dramhaíola guaisí.

CUID III

Bearta Chun Táirgeadh Dramhaíola a Laghdú, agus chur Aisghabháil Dramhaíola a Chur Chun Cinn

Léiriú *(Cuid III)*.

27.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn "scéim éarlaise agus aisíoca", i ndáil le haon táirge, substaint, comhpháirt nó pacáistiú, scéim faoina gceanglaíonn an táirgeoir, an dáileoir nó an miondíoltóir, de réir mar a bheidh, a oibríonn an scéim ar cheannaitheoir táirge nó substainte éarlais inaisíoctha a íoc leis nó léi i ndáil leis an táirge nó an tsubstaint nó le haon chomhpháirt den chéanna nó le haon phacáistiú lena aghaidh nó lena haghaidh, is é sin le rá éarlais airgid a n-aisíocfaidh an táirgeoir, an dáileoir nó an miondíoltóir, de réir mar a bheidh, a méid leis an gceannaitheoir má thugann an ceannaitheoir an táirge, an tsubstaint, an chomhpháirt nó an pacáistiú, de réir mar a bheidh, ar ais dó nó di;

ciallaíonn "dáileoir" duine a dhíolfaidh nó a sholáthróidh táirge nó substaint ar mórdhíol agus forléireofar "dáileadh" dá réir;

tá le "iniúchadh comhshaoil" an bhrí chéanna atá leis in alt 74 d'Acht 1992;

ciallaíonn "córas bainistithe comhshaoil" córas chun seoladh gníomhaíochta a bhainistiú maidir lena héifeachtaí ar an gcomhshaol;

ciallaíonn "measúnacht saolré", i ndáil le táirge, measúnacht ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol a ghabhann leis an táirge a mhonarú, a dháileadh, a mhargú agus a úsáid agus leis an táirge a aisghabháil nó, de réir mar is cuí, a dhiúscairt (lena n-áirítear fuinneamh agus amhábhair a úsáid in aon cheann de na gníomhaíochtaí a dúradh agus dramhaíl a tháirgeadh as na gníomhaíochtaí sin);

folaíonn "táirgeoir" cibé duine a sonróidh an tAire le rialacháin gur táirgeoir é nó í chun críocha na Coda seo (agus is féidir go bhfolóidh an sonrú sin allmhaireoir nó díoltóir an táirge lena mbaineann);

ciallaíonn "oibleagáid fhreagrachta táirgeora" ceanglas bearta a dhéanamh chun dramhaíl a chosc, a íoslaghdú, a theorannú nó a aisghabháil i leith na haicme táirge nó na n-aicmí táirge lena mbaineann an ceanglas agus is féidir go bhfolóidh sé ceanglas spriocanna sonraithe a bhaint amach i ndáil leis na nithe sin;

ciallaíonn "iniúchadh dramhaíola" meastóireacht ar an modh ar a seoltar gníomhaíocht d'fhonn deiseanna a shainaithint—

(*a*) chun táirgeadh dramhaíola as an ngníomhaíocht nó dochracht aon dramhaíola a tháirgtear as an ngníomhaíocht a chosc nó a íoslaghdú, agus

(*b*) chun aisghabháil aon dramhaíola a tháirgfear amhlaidh a éascú.

(2) Forléireofar tagairt sa Chuid seo do chlár laghdaithe dramhaíola a chur i ngníomh agus a oibriú mar thagairt do bhearta a dhéanamh ar mhodh rianúil d'fhonn—

(*a*) táirgeadh dramhaíola as an ngníomhaíocht lena mbaineann nó dochracht aon dramhaíola a tháirgtear as an ngníomhaíocht a laghdú, agus

(*b*) aon dramhaíl a tháirgtear amhlaidh a aisghabháil,

ag féachaint do thorthaí iniúchta dramhaíola arna dhéanamh i ndáil leis an ngníomhaíocht.

Dramhaíl a chosc agus a íoslaghdú.

28.—(1) D'fhonn cosc nó íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn, agus d'fhonn tacú leis an gcéanna nó é a éascú, féadfaidh aon Aire den Rialtas nó údarás áitiúil cibé tacaíocht nó cúnamh a sholáthar, lena n-áirítear airgead a sholáthar, a mheasfaidh sé nó sí nó an t-údarás áitiúil a bheith cuí i ndáil le tionscadail taighde agus forbartha a bheidh á ndéanamh ag aon duine, nó a bheartóidh aon duine a dhéanamh, maidir le dramhaíl a chosc nó a íoslaghdú, agus, chun na gcríoch réamhráite, féadfaidh an tAire sin nó an t-údarás sin cláir a chur ar bun agus critéir agus cuspóirí a shonrú lena rialófar infhaighteacht agus soláthar cúnaimh agus tacaíochta den sórt sin.

(2) (*a*) Aon duine a sheolann aon ghníomhaíocht de chineál talmhaíochta, tráchtála nó tionscail (lena n-áirítear aon táirge a mhonarú), beidh aird chuí aige nó aici ar an ngá atá ann táirgeadh dramhaíola as an ngníomhaíocht sin, agus de réir mar a bheidh, as aon táirge a mhonaróidh sé nó sí mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin, a chosc nó a íoslaghdú, agus déanfaidh sé nó sí gach beart réasúnach is gá chun críocha an choisc nó an íoslaghdaithe sin (lena n-áirítear, más cuí, bearta maidir le dearadh aon táirge réamhráite).

(*b*) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, bearta a shonrú maidir le haon ghníomhaíocht áirithe réamhráite, a measfar gur bearta réasúnacha iad is gá a dhéanamh chun an táirgeadh dramhaíola dá dtagraítear i *mír (a)* a chosc nó, de réir mar a bheidh, a íoslaghdú, agus déanfaidh duine a sheolann gníomhaíocht den sórt sin na bearta sin dá réir sin.

(3) (*a*) Faoi réir *mhír (c)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le haon Aire den Rialtas lena mbaineann, rialacháin a dhéanamh chun táirgeadh dramhaíola nó aicme nó aicmí sonraithe dramhaíola, a chosc, a íoslaghdú nó a theorannú, agus féadfar aon aicme den sórt sin a mhíniú faoi threoir an phróisis mhonarúcháin nó an phróisis tionscail nó faoi threoir na gníomhaíochta eile is cúis leis an dramhaíl lena mbaineann nó faoi threoir cibé nithe eile is cuí leis an Aire.

(*b*) Faoi réir na nithe a dúradh, féadfaidh forálacha a bheith ar áireamh i rialacháin faoin alt seo maidir le hoibleagáidí freagrachta táirgeora a fhorchur ar tháirgeoirí táirgí.

(*c*) Ní bheidh feidhm ag rialacháin faoin alt seo maidir le gníomhaíocht sceidealta ach amháin a mhéid a chinnfidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) a cheangal ar dhuine, ar mhodh sonraithe, iniúchadh dramhaíola a sheoladh agus clár laghdaithe dramhaíola a chur i ngníomh agus a oibriú i ndáil le gníomhaíocht a sheolann sé nó sí,

(*b*) a cheangal go gcoimeádfar doiciméid, taifid nó sonraí eile a bheidh sonraithe, agus go dtabharfar faisnéis shonraithe do dhaoine sonraithe nó go bhfoilseofar faisnéis shonraithe, i ndáil le hiniúchadh dramhaíola a sheoladh nó le clár laghdaithe dramhaíola a chur i ngníomh agus a oibriú,

(*c*) duine a dhíolmhú ó cheanglais rialachán faoi na míreanna sin roimhe seo, maidir le gníomhaíocht áirithe a bheidh á seoladh ag an duine sin, má tá, agus fad a bheidh, iniúchadh comhshaoil sonraithe á sheoladh aige nó aici nó córas bainistithe comhshaoil sonraithe á oibriú aige nó aici, i ndáil leis an ngníomhaíocht áirithe,

(*d*) a thoirmeasc, seachas le toiliú duine a fhorordófar chun na críche sin le rialacháin faoi *mhír (e)*, aon mharc sonraithe nó aon siombail shonraithe a thaispeáint in aon áitreabh, nó ar aon táirge, substaint, pacáistiú, fógrán nó fógra, nó in aon cheann acu,

(*e*) duine a fhorordú chun críocha rialachán faoi *mhír (d)*, na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag duine den sórt sin le linn aon toiliú a dheonú faoi na rialacháin sin agus a chumasú dó nó di toiliú den sórt sin a tharraingt siar in imthosca sonraithe,

(*f*) gan dochar do *mhír (g)*, a cheangal ar dhuine an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ach nach ngabhann costais iomarcacha léi a úsáid chun táirgeadh dramhaíola as gníomhaíocht a bheidh á seoladh ag an duine sin a chosc nó a theorannú,

(*g*) an tAire, nó cibé duine a fhorordófar leis na rialacháin chun na críche sin, do shonrú na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil ach nach ngabhann costais iomarcacha léi, chun táirgeadh dramhaíola as gníomhaíocht a bheidh á seoladh ag duine a shonrófar i rialacháin faoi *mhír (f)* a chosc nó a theorannú,

(*h*) a cheangal ar tháirgeoir táirge d'aicme shonraithe nó d'aicmí sonraithe measúnacht saolré a dhéanamh i ndáil leis an táirge, ar cibé modh nó de réir cibé caighdeán nó nósanna imeachta a bheidh sonraithe,

(*i*) na nithe seo a leanas a thoirmeasc, nó a theorannú nó a rialú ar mhodh sonraithe agus go feadh méid shonraithe—

(i) aon substaint, ábhar nó rud a tháirgeadh nó a úsáid i bpróiseas táirgthe nó ar shlí eile,

(ii) aon táirge nó substaint a chomhdhéanamh, a tháirgeadh, a allmhairiú, a dháileadh, a sholáthar, a

dhíol, a dhiúscairt nó fógraíocht a dhéanamh ina leith, nó

(iii) táirgeadh aon dramhaíola,

(*j*) ceanglais a shonrú a bheidh le comhlíonadh maidir le pacáistiú a dhearadh, a chomhdhéanamh nó a tháirgeadh agus maidir leis an úsáid a fhéadfar a bhaint as pacáistiú, lena n-áirítear ceanglas—

(i) go ndéanfar comhdhéanamh, toirt nó meáchan pacáistithe a shrianadh nó a theorannú a mhéid a bheidh i gcomhréir leis an gcuspóir atá aige cosaint a thabhairt don táirge nó don tsubstaint lena mbaineann,

(ii) go ndearfar, go dtáirgfear agus go n-úsáidfear an pacáistiú ionas gur féidir é a athúsáid,

(*k*) a cheangal go ndéanfar táirgí a dhearadh, a mhonarú nó a chruthú ar mhodh sonraithe nó de réir cibé caighdeán a bheidh forordaithe de réir rialachán faoi *mhír (1)*,

(*l*) a chur ar chumas duine nó daoine sonraithe caighdeáin a fhorordú chun críocha rialachán faoi *mhír (k)*,

(*m*) a cheangal ar tháirgeoir na nithe seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsiú, a mhinice a shonrófar agus ar mhodh sonraithe—

(i) plean ina sonrófar na bearta a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh chun táirgeadh dramhaíola ó aon ghníomhaíocht táirgíochta a sheolann sé nó sí nó ó tháirge a mhonaraíonn sé nó sí, nó ó aon chomhpháirt de tháirge den sórt sin nó ó aon phacáistiú a bhaineann leis, a chosc nó a íoslaghdú, agus

(ii) tuarascáil maidir leis na bearta a bheidh déanta aige nó aici de bhun plean den sórt sin agus maidir le torthaí na mbeart sin,

(*n*) a cheangal ar dhuine is ábhar d'aon cheanglas sonraithe de chuid rialachán faoin alt seo (seachas ceanglas arna fhorchur le rialacháin faoi *mhír (m)*) na nithe seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsiú, a mhinice a shonrófar agus ar mhodh sonraithe—

(i) plean ina sonrófar na bearta a bheidh le déanamh aige nó aici chun ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh, agus

(ii) tuarascáil maidir leis na bearta a rinne sé nó sí chun ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh agus maidir le torthaí na mbeart sin,

(*o*) feidhmeanna breise sonraithe a thabhairt d'údaráis phoiblí (lena n-áirítear an tAire) agus do dhaoine sonraithe eile d'fhonn oibriú forálacha de rialacháin faoin alt seo a áirithiú nó a éascú,

(*p*) aon nithe a leanfaidh as an méid sin roimhe seo nó a ghabhann leis.

(5) (*a*) Gan dochar *d'fho-alt (3)* nó *d'alt 7(2)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le daoine, táirgí, substaintí, gníomhaíochtaí nó nithe eile dá dtagraítear san alt seo i gcoitinne nó i ndáil le haicme shonraithe nó le haicmí sonraithe daoine, táirgí, substaintí, gníomhaíochtaí nó nithe eile den sórt sin.

(*b*) Maidir le sprioc, a bhforchuirfear oibleagáid ar dhuine í a bhaint amach le rialacháin faoin alt seo, féadfar í a mhíniú sna rialacháin sin faoi threoir ciona a bheidh sonraithe (cibé acu de réir meáchain, toirte nó ar shlí eile) de na táirgí, substaintí nó rudaí eile lena mbaineann an oibleagáid.

(6) Aon duine a sháróidh *fo-alt (2)(b)* nó foráil de rialacháin faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) In ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar rialacháin faoin alt seo (is sárú arb éard é mainneachtain sprioc a bheidh sonraithe sna rialacháin a bhaint amach), is cosaint mhaith é a chruthú go ndearna an cúisí gach beart réasúnach chun an sprioc sin a bhaint amach.

Bearta a bhaineann le dramhaíl a aisghabháil.

29.—(1) Aon tagairt san alt seo do chur i ngníomh agus d'oibriú cláir um dheighilt dramhaíola ag an bhfoinse, forléireofar í mar thagairt do bhearta a dhéanamh ar mhodh rianúil chun dramhaíl shonraithe a dheighilt ó dhramhaíl eile agus chun an dramhaíl sin arna dheighilt amhlaidh a shealbhú, sula ndéanfar í a bhailiú, a aisghabháil nó a dhiúscairt.

(2) Féadfaidh aon Aire den Rialtas nó aon údarás áitiúil, d'fhonn aisghabháil dramhaíola a chur chun cinn, nó d'fhonn tacú leis an aisghabháil sin nó í a éascú, cibé tacaíocht nó cúnamh, lena n-airítear cúnamh airgeadais, is cuí leis nó léi nó leis an údarás áitiúil, a sholáthar d'aon duine, lena n-áirítear airgead a sholáthar i ndáil le tionscadail taighde agus forbartha a bheidh á seoladh ag aon duine, nó a bheartóidh aon duine a sheoladh, i leith dramhaíl a aisghabháil, agus chun na gcríoch réamhráite, féadfaidh sé nó sí nó údarás áitiúil cláir a bhunú agus critéir agus cuspóirí a shonrú lena rialófar infhaighteacht agus soláthar cúnaimh agus tacaíochta den sórt sin.

(3) (*a*) Féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di dul i gcomhairle le haon Aire den Rialtas lena mbaineann, rialacháin a dhéanamh i ndáil le dramhaíl, nó aicme nó aicmí dramhaíola, a aisghabháil, nó chun na críche sin, agus féadfar aon aicme den sórt sin a mhíniú faoi threoir an phróisis mhonarúcháin nó an phróisis tionscail nó faoi threoir na gníomhaíochta eile is cúis leis an dramhaíl lena mbaineann nó faoi threoir cibé nithe eile is cuí leis an Aire.

(*b*) Féadfar forálacha a áireamh i rialacháin faoin alt seo chun oibleagáidí freagrachta táirgeora a fhorchur ar tháirgeoirí táirgí.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) a cheangal go ndéanfar táirge nó substaint, nó pacáistiú an táirge nó na substainte, a lipéadú nó a mharcáil ar mhodh sonraithe d'fhonn na nithe seo a leanas a shainaithint nó a shonrú—

(i) comhdhéanamh an táirge, na substainte nó an phacáistithe,

(ii) guaiseacha ionchasacha an táirge, na substainte nó an phacáistithe i gcás go ndéanfar é nó í a aisghabháil nó a dhiúscairt,

(iii) ionchas aisghabhála an táirge, na substainte nó an phacáistithe,

(iv) cibé faisnéis eile a shonrófar,

(*b*) ceanglais a shonrú a bheidh le comhlíonadh maidir le cineál, comhdhéanamh nó dearadh pacáistithe agus maidir leis an úsáid a bhainfear as pacáistiú agus féadfar a áireamh i gceanglais den sórt sin toirmeasc ar phacáistiú a úsáid seachas sna himthosca a shonrófar nó ceanglas go ndéanfar pacáistiú a dhearadh de réir cibé caighdeán a fhorordófar de réir rialachán faoi *mhír (e)* d'fhonn aisghabháil an phacáistithe a éascú,

(*c*) allmhairiú, dáileadh, soláthar nó díol aon táirge nó substainte i gcoimeádán nó i bpacáistiú eile sonraithe a thoirmeasc, nó a theorannú nó a rialú ar mhodh sonraithe agus go feadh méid shonraithe,

(*d*) a cheangal go ndéanfar táirgí a dhearadh, a mhonarú nó a chruthú ar mhodh sonraithe nó de réir cibé caighdeán a fhorordófar de réir rialachán faoi *mhír (e)*, chun a éascú comhpháirteanna a bhaint as táirgí, nó táirgí a dhíchóimeáil, sula ndéanfar iad a aisghabháil nó a dhiúscairt,

(*e*) a chumasú do dhuine sonraithe nó do dhaoine sonraithe caighdeáin a fhorordú chun críocha rialachán faoi *mhír (b)* nó *(d)*,

(*f*) a cheangal ar tháirgeoir, ar dháileoir nó ar mhiondíoltóir scéim éarlaise agus aisíoca a oibriú i ndáil le táirge nó substaint de shaghas nó de bhranda a dhéanann, a dháileann nó a dhíolann sé nó sí, nó i ndáil le haon chomhpháirt de chuid an táirge nó na substainte sin, nó i ndáil le haon phacáistiú a bhaineann leis an táirge nó leis an tsubstaint sin,

(*g*) na coinníollacha a shonrú faoina mbeidh scéim dá dtagraítear i *mír (f)* le hoibriú (lena n-áirítear méid na héarlaise nó na n-éarlaisí a cheanglófar ar na ceannaitheoirí lena mbaineann agus na spriocanna a bhainfidh oibritheoir scéime den sórt sin amach maidir le táirgí, substaintí nó pacáistiú a thabhairt ar ais faoin scéim i dtréimhse áirithe),

(*h*) a cheangal ar tháirgeoir, ar dháileoir nó ar mhiondíoltóir aon táirge nó substaint de shaghas nó de bhranda a dhéanann an táirgeoir sin, a dháileann an dáileoir sin nó a dhíolann an miondíoltóir sin, nó aon chomhpháirt de

chuid an táirge nó na substainte sin, nó aon phacáistiú a bhaineann leis nó léi, a bhailiú nó socrú a dhéanamh chun an céanna a bhailiú, nó a ghlacadh ar ais nó socrú a dhéanamh chun an céanna a ghlacadh ar ais, gan aon mhuirear a fhorchur as an méid sin a dhéanamh, tráth nach mbeidh aon ghá ag ceannaitheoir an táirge nó na substainte sin an céanna a úsáid a thuilleadh, agus na coinníollacha a shonrú faoina mbeidh an bailiú sin nó an glacadh ar ais sin le déanamh (lena n-áirítear na spriocanna a bhainfidh an táirgeoir, an dáileoir nó an miondíoltóir amach maidir leis an saghas nó leis an mbranda sin táirge nó substainte, nó na comhpháirteanna sin nó an pacáistiú sin a bhaineann leis an táirge nó leis an tsubstaint, a bhailiú nó a ghlacadh ar ais, i dtréimhse áirithe),

(*i*) a cheangal ar úinéir nó ar bhainisteoir ollmhargaidh, stáisiúin seirbhíse nó ionaid díola eile saoráidí sonraithe a sholáthar, saor in aisce, in ionad den sórt sin chun go ndéanfaidh custaiméirí pacáistiú a bhaint de tháirgí nó de shubstaintí a cheannaíonn siad san ionad sin, agus gabhdáin a sholáthar chun an pacáistiú sin a chur isteach iontu,

(*j*) a cheangal ar úinéir nó ar bhainisteoir ollmhargaidh, stáisiúin seirbhíse nó ionaid díola eile muirear a fhorchur ar chustaiméir maidir le haon mhála, coimeádán nó pacáistiú eile den sórt sin a sholáthar don chustaiméir i ndáil le táirgí nó substaintí arna gceannach ag an gcustaiméir san ionad díola sin, ar muirear é de mhéid atá comhionann le costas iomlán an phacáistithe sin nó le cibé méid eile a shonrófar sna rialacháin,

(*k*) a cheangal ar cheannaitheoir táirge nó substainte an táirge nó an tsubstaint sin, nó aon chomhpháirt den táirge nó den tsubstaint sin, nó aon phacáistiú a bhaineann leis an táirge nó leis an tsubstaint sin, a thabhairt ar ais do mhiondíoltóir táirge nó substainte den sórt sin nó a sheachadadh ar bhailitheoir údaraithe dramhaíola nó ar dhuine sonraithe eile nó ar shaoráid shonraithe eile, tráth nach mbeidh aon ghá aige nó aici an céanna a úsáid a thuilleadh,

(*l*) a cheangal ar tháirgeoir táirge nó substainte ábhar nó comhpháirteanna aisghafa nó in-aisghabhála a úsáid le linn an táirge nó an tsubstaint a tháirgeadh, nó úsáid ábhair íona shonraithe sa táirgeadh sin a thoirmeasc, nó a theorannú nó a rialú ar mhodh sonraithe agus go feadh méid shonraithe,

(*m*) a cheangal ar dhuine clár um dheighilt ag an bhfoinse a chur i ngníomh agus a oibriú ar mhodh sonraithe le haghaidh dramhaíola d'aicme shonraithe nó d'aicmí sonraithe,

(*n*) a cheangal go ndéanfar dramhaíl is ábhar do chlár um dheighilt ag an bhfoinse a thairiscint agus a chur ar fáil, saor in aisce nó ar shlí eile, ar mhodh sonraithe, do dhuine sonraithe lena bailiú ag duine den sórt sin,

(*o*) a cheangal, ar mhodh sonraithe, ar úinéir nó ar bhainisteoir ollmhargaidh, stáisiúin seirbhíse nó ionaid

díola eile gabhdáin bhailiúcháin dramhaíola a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil, nó socrú a dhéanamh chun an céanna a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil in ionad den sórt sin lena n-úsáid ag daoine den phobal agus dramhaíl a chuirfear sna gabhdáin sin amhlaidh a aistriú nó socrú a dhéanamh chun í a aistriú chuig saoráid aisghabhála dramhaíola sonraithe,

(*p*) a cheangal go ndéanfar aon táirge, substaint, comhpháirt, pacáistiú nó dramhaíl eile atá úsáidte agus lena mbaineann rialacháin faoi aon fhoráil eile den fho-alt seo a aisghabháil ar mhodh sonraithe,

(*q*) a cheangal go ndéanfar bearta sonraithe eile i ndáil le dramhaíl dá dtagraítear i *mír (p)* i gcás, mar gheall ar imthosca a bheidh mínithe sna rialacháin, nach indéanta an dramhaíl a aisghabháil,

(*r*) d'ainneoin aon fhorála eile den alt seo, a cheangal ar údarás áitiúil cúnamh airgeadais sonraithe a sholáthar ar mhodh sonraithe do dhaoine atá ag gabháil d'aisghabháil dramhaíola teaghlaigh,

(*s*) duine a dhíolmhú ó na ceanglais go léir nó ó aon cheann de na ceanglais faoin alt seo, ar duine é nó í a bheidh deimhnithe ag comhlachas nó ag comhlacht corpraithe a foirmíodh nó a bunaíodh chun gníomhaíochtaí aisghabhála dramhaíola a sheoladh agus a bheidh ceadaithe ag an Aire de réir rialachán faoi *mhír (t)* mar dhuine—

(i) is comhalta nó scairshealbhóir de chuid an chomhlachais nó de chuid an chomhlachta chorpraithe sin, de réir mar a bheidh, nó

(ii) atá páirteach, go sásúil, i scéim chun dramhaíl a aisghabháil, nó atá ag comhlíonadh aon cheanglais arna sonrú ag an gcomhlachas nó ag an gcomhlacht corpraithe sin, de réir mar a bheidh, i ndáil le haisghabháil dramhaíola,

(*t*) (i) deonú ceaduithe ag an Aire chun críocha rialachán faoi *mhír (s)* agus na coinníollacha a fhéadfaidh sé nó sí a chur ag gabháil leis na ceaduithe sin, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(I) na socruithe airgeadais agus riaracháin a bheidh le déanamh ag an gcomhlachas nó ag an gcomhlacht corpraithe lena mbaineann,

(II) na gníomhaíochtaí aisghabhála dramhaíola a bheidh le seoladh ag an gcomhlachas nó ag an gcomhlacht corpraithe lena mbaineann agus an modh ar a mbeidh siad le seoladh,

(III) na spriocanna a bheidh le baint amach ag an gcomhlachas nó ag an gcomhlacht corpraithe lena mbaineann maidir le haisghabháil dramhaíola aige,

(ii) a chumasú don Aire aon choinníoll a bheidh ag gabháil le ceadú réamhráite a athrú de réir mar is cuí leis nó léi nó ceadú den sórt sin a chúlghairm in imthosca sonraithe,

(iii) an tslí ina gcinnfidh comhlachas nó comhlacht corpraithe, chun críche rialachán faoi *mhír (s)*, an bhfuil duine páirteach, go sásúil, i scéim dá dtagraítear sa mhír sin nó, de réir mar a bheidh, an bhfuil sé nó sí ag comhlíonadh ceanglais dá dtagraítear sa mhír sin,

(iv) deonú agus cúlghairm deimhnithe ag comhlachas nó comhlacht corpraithe chun críche rialachán faoi *mhír (s)* agus na fógraí a bheidh le tabhairt aige don duine lena mbaineann agus do dhaoine sonraithe eile maidir le deonú nó cúlghairm den sórt sin,

(*u*) a cheangal ar dhuine doiciméid, taifid nó sonraí eile a bheidh sonraithe a choimeád agus faisnéis shonraithe a thabhairt do dhaoine sonraithe i ndáil leis na bearta a bheidh déanta aige nó aici chun ceanglas sonraithe de chuid rialachán faoin alt seo a chomhlíonadh, agus a chumasú do dhuine sonraithe cruinneas aon ní a bheidh luaite nó taifeadta de bhun ceanglais de chuid rialachán faoin mír seo a fhíorú,

(*v*) a cheangal ar tháirgeoir nó ar dháileoir na nithe seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsiú a mhinice a shonrófar agus ar mhodh sonraithe—

(i) plean ina sonrófar bearta a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh chun aisghabháil aon táirge nó substainte a dhéanann, a dháileann nó a dhíolann sé nó sí, nó aisghabháil aon chomhpháirte de chuid táirge nó substainte den sórt sin, nó aisghabháil aon phacáistithe a bhaineann le táirge nó substaint den sórt sin, a chur chun cinn nó chun tacú leis an aisghabháil sin nó chun í a éascú, agus

(ii) tuarascáil maidir leis na bearta a bheidh déanta aige nó aici de bhun plean den sórt sin agus maidir le torthaí na mbeart sin,

(*w*) a cheangal ar dhuine is ábhar d'aon cheanglas sonraithe de chuid rialachán faoin alt seo (seachas ceanglas arna fhorchur le rialacháin faoi *mhír (v)*) na nithe seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsiú a mhinice a shonrófar agus ar mhodh sonraithe—

(i) plean ina sonrófar na bearta a bheidh le déanamh aige nó aici chun ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh, agus

(ii) tuarascáil maidir leis na bearta a bheidh déanta aige nó aici chun ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh agus maidir le torthaí na mbeart sin,

(*x*) feidhmeanna breise sonraithe a thabhairt d'údaráis phoiblí (lena n-áirítear an tAire) agus do dhaoine sonraithe eile chun oibriú forálacha de chuid rialachán faoin alt seo a áirithiú nó a éascú,

(*y*) a cheangal ar údaráis áitiúla múiríniú ar dhramhaíl bhardasach de chineál orgánach, nó aon phróiseas eile chun claochlú bitheolaíoch a dhéanamh ar dhramhaíl den sórt sin, a éascú, a chur chun cinn nó a chur i gcrích ar mhodh sonraithe,

(*z*) aon nithe a leanfaidh as na nithe sin roimhe seo nó a ghabhann leo.

(5) (*a*) Gan dochar *d'fho-alt (3)* nó *d'alt 7(2)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo i ndáil le daoine, táirgí, substaintí, gníomhaíochtaí nó nithe eile dá dtagraítear san alt seo i gcoitinne nó i ndáil le haicme shonraithe nó le haicmí sonraithe daoine, táirgí, substaintí, gníomhaíochtaí nó nithe eile den sórt sin.

(*b*) Maidir le sprioc, a bhforchuirfear oibleagáid ar dhuine le rialacháin faoin alt seo í a bhaint amach, féadfar í a mhíniú sna rialacháin sin faoi threoir ciona a bheidh sonraithe (cibé acu de réir meáchain, toirte nó ar shlí eile) de na táirgí, na substaintí nó na rudaí eile lena mbaineann an oibleagáid.

(6) Aon duine a sháróidh foráil de rialacháin faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) In ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar rialacháin faoin alt seo (is sárú arb éard é mainneachtain sprioc a bheidh sonraithe sna rialacháin a bhaint amach), is cosaint mhaith a chruthú go ndearna an cúisí gach beart réasúnach chun an sprioc sin a bhaint amach.

Bainistiú dramhaíola ag údaráis phoiblí.

30.—(1) (*a*) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, clár a fhógairt maidir le dramhaíl a eascraíonn as údaráis phoiblí do chomhlíonadh a bhfeidhmeanna a chosc, a íoslaghdú agus a aisghabháil.

(*b*) Féadfar, le clár faoin bhfo-alt seo, déileáil le cibé aicme nó aicmí dramhaíola, nó féadfaidh sé feidhm a bheith aige maidir le cibé aicme nó aicmí údarás poiblí, is dóigh leis an Aire is cuí.

(2) Déanfaidh an tAire clár faoi *fho-alt (1)* a athbhreithniú ó am go ham de réir mar is cuí leis nó léi agus déanfaidh sé nó sí cibé athmheas air is cuí leis nó léi.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i gclár faoin bhfo-alt sin—

(*a*) cuspóirí sonracha i ndáil le cineálacha éagsúla dramhaíola,

(*b*) gníomhartha chun bearta a chomhordú atá á ndéanamh ag údaráis phoiblí nó a bheartaíonn siad a dhéanamh i ndáil le dramhaíl a chosc, a íoslaghdú agus a aisghabháil,

(*c*) tograí chun rialáil a dhéanamh, de bhun cumhachtaí faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, ar ghníomhaíochtaí a sheoltar chun dramhaíl a chosc, a íoslaghdú agus a aisghabháil.

(4) Chun críche cláir faoi *fho-alt (1)*, foilseoidh an tAire treoirlínte agus critéir i ndáil le dramhaíl a chosc, a íoslaghdú agus a

aisghabháil agus tabharfaidh údaráis phoiblí aird orthu i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna, agus féadfaidh foráil maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna treoirlínte agus sna critéir sin—

(*a*) breithniú ag údaráis phoiblí ar na héifeachtaí is dóigh a bheadh ag earraí nó seirbhísí áirithe a bheartaíonn siad a cheannach nó a fhostú, ar an gcomhshaol,

(*b*) cuspóirí maidir le húdaráis áitiúla d'úsáid ábhar arna n-aisghabháil ó dhramhaíl,

(*c*) seoladh iniúchtaí dramhaíola ag údaráis phoiblí agus cur i ngníomh agus oibriú clár laghdaithe dramhaíola acu agus torthaí iniúchtaí agus clár den sórt sin a fhoilsiú,

(*d*) údaráis phoiblí do dhéanamh pleananna ("pleananna bainistithe dramhaíola údarás poiblí"), ina sonrófar gníomhartha cuí chun cosc, íoslaghdú agus aisghabháil dramhaíola acu a éascú agus cuspóirí maidir leis an gcéanna,

(*e*) ábhar, foilsiú, cur i ngníomh agus athbhreithniú pleananna bainistithe dramhaíola údarás poiblí,

(*f*) ullmhú agus foilsiú tuarascálacha ag údaráis phoiblí maidir lena gcuid pleananna bainistithe dramhaíola údarás poiblí, faoi seach, a chur i ngníomh agus maidir le comhlíonadh treoirlínte agus critéir arna bhfoilsiú faoin bhfo-alt seo i gcoitinne acu.

Aisghabháil dramhaíola ag údaráis áitiúla.

31.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil—

(*a*) gabháil d'aisghabháil dramhaíola nó a bheith páirteach in aisghabháil dramhaíola, agus chun na críche sin féadfaidh sé comhaontú amháin nó níos mó a dhéanamh le haon údarás áitiúil eile nó le haon duine eile,

(*b*) dramhaíl a cheannach nó a fháil ar shlí eile d'fhonn í a aisghabháil,

(*c*) aon ábhar nó rud, lena n-áirítear fuinneamh, arna aisghabháil ó dhramhaíl, a úsáid, a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, folaíonn "údarás áitiúil" bardas buirge d'aon chineál agus comhairle ceantair uirbigh.

CUID IV

Dramhaíl a Shealbhú, a Bhailiú agus a Aistriú

Dualgas ginearálta sealbhóra dramhaíola.

32.—(1) Ní dhéanfaidh duine dramhaíl a shealbhú, a iompar, a aisghabháil ná a dhiúscairt ar shlí is cúis, nó ar dóigh di a bheith ina cúis, le truailliú comhshaoil.

(2) Ní dhéanfaidh duine, ach amháin i cibé imthosca a shonrófar faoi *fho-alt (4)*, rialú dramhaíola a aistriú chuig aon duine seachas duine cuí.

(3) Déanfaidh sealbhóir dramhaíola aon chaillteanas, doirteadh, tionóisc nó tarlú eile a bhaineann leis an dramhaíl sin agus is cúis, nó ar dóigh di a bheith ina cúis, le truailliú comhshaoil, a chur in iúl dóibh seo a leanas gan mhoill—

(*a*) an t-údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a tharlaíonn an caillteanas, an doirteadh nó an ní eile a luaitear san fho-alt seo, nó

(*b*) i gcás dramhaíola guaisí, an t-údarás áitiúil sin agus an Ghníomhaireacht araon.

(4) Féadfaidh an tAire, le rialacháin—

(*a*) a fhoráil go ndéanfaidh sealbhóir ar aicme shonraithe dramhaíola nó ar aicmí sonraithe dramhaíola polasaí árachais a bhaint amach agus a choimeád lena n-árachaítear an sealbhóir go feadh méid shonraithe maidir le haon dliteanas óna thaobh sin nó óna taobh sin de chun damáistí nó costais a íoc de bharr díobháil a bhain do dhuine nó do mhaoin ag eascairt as sealbhú na dramhaíola aige nó aici,

(*b*) a fhoráil go ndéanfaidh sealbhóir dramhaíola, ar an dramhaíl a aistriú, in imthosca sonraithe, sonraí sonraithe i scríbhinn i dtaobh na dramhaíola a sholáthar don aistrí d'fhonn a chumasú don duine sin sárú ar fhorálacha iomchuí an Achta seo a sheachaint,

(*c*) a fhoráil nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (2)* in imthosca sonraithe.

(5) San alt seo, ciallaíonn "duine cuí" údarás áitiúil, bardas buirge nach contaebhuirg, comhairle ceantair uirbigh, nó duine atá údaraithe thairis sin faoi réim nó de réir an Achta seo nó Acht 1992, chun bailiú, aisghabháil nó diúscairt na haicme dramhaíola atá i gceist a ghabháil de láimh.

(6) (*a*) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, *(2)* nó *(3)* nó foráil de rialacháin faoi *fho-alt (4)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(*b*) In ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar *fho-alt (1)*, is cosaint mhaith a chruthú gur de réir ceada bailiúcháin dramhaíola nó ceadúnais dramhaíola faoin Acht seo, nó de réir ceadúnais nó ceadúnais athmheasta faoi Chuid IV d'Acht 1992, a seoladh an ghníomhaíocht lena mbaineann.

(7) Gan dochar *d'fho-alt (6)*, i gcás go n-aistreoidh duine rialú dramhaíola chuig duine eile de shárú ar *fho-alt (2)*—

(*a*) aon ghníomh arna dhéanamh nó ionstraim arna déanamh ag duine chun teideal sa dramhaíl a aistriú chun na críche sin, ní oibreoidh sé chun an teideal sin a aistriú,

(*b*) measfar, chun críocha an Achta seo, gur sealbhóir ar an dramhaíl an duine céadluaite i dteannta an dara duine a luaitear:

Ar choinníoll nach bhforléireofar aon ní sa mhír seo mar ní lena gceanglaítear go measfar gur sealbhóir ar an dramhaíl ceachtar de na daoine sin ar an dáta a ndéanfar

aistriú ina dhiaidh sin (más ann) ar rialú na dramhaíola de réir *fho-alt (2)*, nó dá éis.

Dramhaíl a bhailiú.

33.—(1) (*a*) Déanfaidh gach údarás áitiúil dramhaíl teaghlaigh a bhailiú, nó socrú a dhéanamh chun í a bhailiú, laistigh dá limistéar feidhme.

(*b*) Féadfaidh bardas buirge (seachas contaebhuirg) nó comhairle ceantair uirbigh dramhaíl teaghlaigh a bhailiú nó socrú a dhéanamh chun í a bhailiú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1) (a)* maidir le dramhaíl teaghlaigh in aon chuid de limistéar feidhme údaráis áitiúil a mhéid a bheidh feidhm ag aon cheann de na coinníollacha a luaitear i *bhfo-alt (3)* maidir leis an gcuid sin nó, de réir mar is cuí, leis an dramhaíl teaghlaigh sin.

(3) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*—

(*a*) go bhfuil seirbhís bhailiúcháin dramhaíola leordhóthanach ar fáil sa chuid lena mbaineann de limistéar feidhme an údaráis áitiúil,

(*b*) go mbeadh na costais mheasta a ghabhfadh leis an údarás áitiúil do bhailiú na dramhaíola lena mbaineann ard gan réasún i dtuairim an údaráis,

(*c*) gur deimhin leis an údarás áitiúil gur féidir le sealbhóir na dramhaíola, le réasún, socruithe leordhóthanacha a dhéanamh chun an dramhaíl lena mbaineann a dhiúscairt.

(4) Féadfaidh údarás áitiúil dramhaíl, seachas dramhaíl teaghlaigh, a bhailiú nó socrú a dhéanamh chun í a bhailiú.

(5) Féadfaidh údarás áitiúil socruithe a dhéanamh le húdarás áitiúil eile amháin nó níos mó, nó le duine eile amháin nó níos mó, chun go ndéanfaidh an t-údarás sin nó na húdaráis sin nó, de réir mar a bheidh, an duine sin nó na daoine sin, dramhaíl a bhailiú thar a cheann ina limistéar feidhme nó i gcuid nó i gcodanna den limistéar sin.

(6) D'ainneoin aon fhorála eile den Acht seo, ní bheidh aon dualgas ar údarás áitiúil dramhaíl a bhailiú ó aon duine ná socrú a dhéanamh chun dramhaíl a bhailiú ó aon duine—

(*a*) más rud é go mbeidh aon fhoráil d'fhodhlíthe faoi *alt 35* maidir leis an dramhaíl a chur ar fáil lena bailiú gan chomhlíonadh, nó

(*b*) más rud é go mbeidh aon táirge nó substaint nó pacáistiú lena aghaidh nó lena haghaidh sa dramhaíl sin de shárú ar rialacháin faoi *alt 29*.

(7) Aon dramhaíl a dhéanfaidh údarás áitiúil a bhailiú nó a aisghabháil, tiocfaidh sí chun bheith ina maoin de chuid an údaráis.

(8) (*a*) Ní dhéanfaidh duine, gan údarás dleathach, na rudaí seo a leanas a chorraí ná cur isteach orthu ná iad a aistriú—

(i) aon rud a chuirfear i saoráid arna soláthar ag údarás áitiúil nó ag bailitheoir dramhaíola údaraithe nó thar ceann an chéanna chun dramhaíl a chur isteach inti nó a stóráil inti, nó aon ghléasra, lena n-áirítear aon ghabhdáin a bheidh istigh inti,

(ii) aon rud a chuirfear i ngabhdán le haghaidh dramhaíola, cibé acu is lena úsáid ag daoine den phobal nó eile an gabhdán.

(*b*) Ní chuirfidh duine bac ná treampán ar bhailiú dramhaíola ag údarás áitiúil nó ag bailitheoir dramhaíola údaraithe.

(*c*) Aon duine a sháróidh *mír (a)* nó *(b)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(9) Chun críche an ailt seo, seachas *fo-alt (1)*, folaíonn "údarás áitiúil" bardas buirge d'aon chineál agus comhairle ceantair uirbigh.

Ceadanna bailiúcháin dramhaíola.

34.—(1) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, ní dhéanfaidh duine seachas údarás áitiúil dramhaíl a bhailiú, chun luaíocht a fháil, d'fhonn brabús a dhéanamh nó eile i gcúrsa gnó, ar cibé dáta a bheidh forordaithe nó dá éis, ach amháin faoi réim agus de réir ceada (dá ngairtear "cead bailiúcháin dramhaíola" san Acht seo) arna dheonú ag an údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a bhailítear an dramhaíl.

(*b*) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforálfar nach mbeidh feidhm ag *mír (a)* maidir le bailiú aon aicme nó aicmí dramhaíola i gcás go ndéanfar an bailiú sin i gcomhlíonadh cibé ceanglas (a bhféadfaidh ceanglas a bheith ar áireamh orthu maidir le sonraí sonraithe a bhaineann leis an duine a dhéanann an bailiú a thaifeadadh sa chlár arna chothabháil ag an údarás áitiúil lena mbaineann faoi *alt 19*) a bheidh sonraithe sna rialacháin.

(*c*) Aon duine a sháróidh *mír (a)* nó aon cheanglas de chuid rialacháin faoi *mhír (b)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) (*a*) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé treoir nó ordacháin is cuí léi a thabhairt d'údarás áitiúil nó d'údaráis áitiúla i gcoitinne i ndáil leis an rialú atá le feidhmiú nó na bearta atá le déanamh aige nó acu ar bhailiú dramhaíola guaisí, nó maidir lena bailiú, ag daoine ina limistéar feidhme nó ina limistéir fheidhme nó maidir le deonú ceadanna bailiúcháin dramhaíola aige nó acu i leith na dramhaíola sin.

(*b*) Beidh aird ag údarás áitiúil ar aon treoir agus comhlíonfaidh sé aon ordachán a thabharfar dó faoi *mhír (a)* le linn aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo nó faoi *alt 33*, de réir mar is cuí.

(3) Ar iarratas a bheith déanta chuig údarás áitiúil chun cead a dheonú faoin alt seo, féadfaidh an t-údarás a chinneadh an cead a dheonú, faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó a chinneadh diúltú an cead a dheonú.

(4) Ní dheonóidh údarás áitiúil cead bailiúcháin dramhaíola mura deimhin leis nach mbeadh an ghníomhaíocht atá i gceist, dá seolfaí í

de réir cibé coinníollacha a bheidh ag gabháil leis an gcead, ina cúis le truailliú comhshaoil, agus go bhfuil deonú an cheada de réir aon fhorálacha iomchuí de chuid plean bainistithe dramhaíola an údaráis sin agus de chuid an phlean bainistithe dramhaíola guaisí, de réir mar a bheidh.

(5) (*a*) Gan dochar *d'fho-ailt (3)*, *(4)* agus *(6)*, féadfar diúltú d'iarratas ar chead bailiúcháin dramhaíola, nó féadfar cead bailiúcháin dramhaíola a chúlghairm más rud é gur ciontaíodh an t-iarratasóir, an sealbhóir ceada nó aon duine iomchuí eile i gcion faoin Acht seo ar cion é a bheidh forordaithe chun críocha an fho-ailt seo, nó i gcion faoi aon achtachán eile, nó aon ionstraim faoi achtachán, de réir mar a fhorordófar amhlaidh.

(*b*) Maidir leis an tagairt i *mír (a)* do dhuine iomchuí, is tagairt í do dhuine a gcinnfidh an t-údarás áitiúil ina leith gur duine iomchuí é nó í chun an t-iarratas lena mbaineann a bhreithniú nó, de réir mar a bheidh, chun a chinneadh an gcúlghairfear an cead bailiúcháin dramhaíola, tar éis don údarás aird a thabhairt ar aon chritéir a mbeidh foráil déanta ag an Aire le rialacháin go dtabharfaidh sé aird orthu le linn ní den sórt sin a chinneadh.

(6) Féadfaidh údarás áitiúil, tráth ar bith, cead a bheidh deonaithe aige faoin alt seo a athbhreithniú, agus cinneadh a dhéanamh coinníollacha a ghabhann leis a leasú, nó é a chúlghairm.

(7) Sonrófar i gcoinníollacha a bheidh ag gabháil le cead a dheonófar faoin alt seo na ceanglais a bheidh le comhlíonadh i leith na ngníomhaíochtaí lena mbaineann an cead ("na gníomhaíochtaí lena mbaineann") agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh ceanglais i ndáil leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna ceanglais sin—

(*a*) na saghsanna agus na méideanna dramhaíola a fhéadfar a bhailiú ("dramhaíl lena mbaineann");

(*b*) an áit nó na háiteanna ar a bhféadfar nó ar a ndéanfar dramhaíl lena mbaineann a sheachadadh lena haisghabháil nó lena diúscairt;

(*c*) na modhanna, na gabhdáin, lena n-áirítear scibeanna agus feithiclí, a bheidh le húsáid chun dramhaíl lena mbaineann a bhailiú (lena n-áirítear ceanglais maidir leis na tréimhsí ar lena linn a fhéadfar gabhdáin a fhágáil in áit phoiblí, agus maidir le maoirsiú ar a n-úsáid ag sealbhóir an cheada);

(*d*) comharthaí sainaitheantais a bheidh le cur ar taispeáint ar aon ghabhdán nó feithicil den sórt sin;

(*e*) caighdeáin theicniúla, chomhshaoil nó shábháilteachta a bheidh le comhlíonadh (lena n-áirítear caighdeáin maidir leis an dramhaíl lena mbaineann nó le hearnálacha den dramhaíl sin a leithlisiú, a phacáistiú nó a lipéadú);

(*f*) doiciméadacht a bheidh ag gabháil le gach coinsíneacht dramhaíola lena mbaineann nó a iomprófar ar gach feithicil a úsáidtear le haghaidh na ngníomhaíochtaí lena mbaineann;

(*g*) taifid a choimeád agus a chaomhnú, agus an fhaisnéis a bheidh le soláthar ag sealbhóir an cheada don údarás áitiúil lena mbaineann nó d'aon duine eile i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, a choimeád agus a chaomhnú;

(*h*) sealbhóir an cheada do bhaint amach agus do choimeád polasaí árachais lena n-árachaítear é nó í maidir le haon dliteanas óna thaobh sin nó óna taobh sin de chun damáistí nó costais a íoc de bharr díobháil a bhain do dhuine nó do mhaoin ag eascairt as na gníomhaíochtaí lena mbaineann;

(*i*) nithe de dhroim na mbeart a fhéadfar a dhéanamh faoi *alt 35*.

(8) (*a*) Déanfaidh údarás áitiúil, sula ndéanfaidh sé cinneadh i ndáil le hiarratas arna dhéanamh chuige ar chead bailiúcháin dramhaíola a dheonú, aon aighneachtaí a dhéanfar chuige faoi réim agus de réir rialachán faoi *fho-alt (11)* i ndáil leis an iarratas a bhreithniú.

(*b*) Déanfaidh údarás áitiúil, má chinneann sé—

(i) cead bailiúcháin dramhaíola a dheonú nó aon choinníollacha atá curtha ag gabháil le cead bailiúcháin dramhaíola aige a leasú, nó

(ii) diúltú cead den sórt sin a dheonú, nó cead den sórt sin a chúlghairm,

an cinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl láithreach don iarratasóir ar an gcead sin nó do shealbhóir an cheada sin, de réir mar a bheidh.

(9) (*a*) Féadfaidh iarratasóir ar chead bailiúcháin dramhaíola, nó sealbhóir ceada bailiúcháin dramhaíola, laistigh de mhí amháin tar éis an dáta a thugtar fógra faoi *fho-alt (8)*, achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis áitiúil lena mbaineann chuig breitheamh den Chúirt Dúiche don dúiche Chúirte Dúiche ina bhfuil príomhoifig an údaráis áitiúil suite.

(*b*) Ar achomharc a éisteacht faoin bhfo-alt seo, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche ordú a dhéanamh lena dtabharfar cibé ordacháin don údarás áitiúil lena mbaineann is cuí leis nó léi i ndáil le cead bailiúcháin dramhaíola a dheonú nó a chúlghairm nó le coinníollacha a bheidh ag gabháil le cead den sórt sin a leasú.

(10) Maidir le sárú ar aon fhoráil *d'alt 32* nó *39*, nó ar aon choinníoll de chuid ceada bailiúcháin dramhaíola, ag aon duine a bheidh fostaithe ag sealbhóir an cheada nó fostaithe thar a cheann nó thar a ceann, nó a bheidh ag seoladh aon ghníomhaíocht bailiúcháin dramhaíola ar shlí eile dó nó di nó thar a cheann nó thar a ceann, measfar gur sárú é freisin ar an bhforáil nó ar an gcoinníoll, de réir mar a bheidh, ag an sealbhóir sin.

(11) (*a*) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críche an ailt seo.

(*b*) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin bhfo-alt seo i ndáil le gach ceann nó le haon ceann de na nithe seo a leanas—

(i) an fhoirm ina ndéanfar iarratas ar chead bailiúcháin dramhaíola ("cead") agus foirm ceada;

(ii) faisnéis agus sonraí a bheidh le cur isteach ag iarratasóir ar chead a dheonú, agus fíorú na faisnéise agus na sonraí sin;

(iii) an tréimhse a shonrú ar laistigh di a dhéileálfaidh údarás áitiúil le hiarratas ar chead a dheonú;

(iv) nithe nach foláir d'údarás áitiúil a bheith deimhin díobh sula ndeonófar cead;

(v) a cheangal ar údarás áitiúil coinníollacha sonraithe a chur ag gabháil le cead;

(vi) coinníollacha a shonrú a fhéadfaidh údarás áitiúil a chur ag gabháil le cead;

(vii) coinníollacha a chuirfear ag gabháil le cead a leasú nó cead a chúlghairm agus na forais a bheidh le leasú nó cúlghairm den sórt sin;

(viii) iarratas ar chead a dheonú a chur ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal, agus daoine den phobal do dhéanamh aighneachtaí chuig údarás áitiúil, laistigh de thréimhse shonraithe, i ndáil leis an iarratas sin;

(ix) an t-údarás áitiúil d'fhoilsiú cinntí arna ndéanamh aige i ndáil le ceadanna;

(x) a cheangal ar iarratasóir ar chead a dheonú aon chostais a thabhóidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann, le linn imscrúdú a dhéanamh i ndáil leis an iarratas, a ghlanadh nó ranníoc a thabhairt ina leith.

(12) Maidir le bailiúchán dramhaíola sa tréimhse sula ndéanfar cead bailiúcháin dramhaíola i ndáil leis an mbailiúchán sin a dheonú nó a dhiúltú, measfar nár sáraíodh forálacha an ailt seo leis más rud é, roimh an dáta a fhorordófar faoi *fho-alt (1) (a)*, go mbeidh iarratas déanta ar chead bailiúcháin dramhaíola i leith an bhailiúcháin sin agus gur chomhlíon an t-iarratasóir ar an gcead na ceanglais de chuid rialachán faoi *fho-alt (11)* i ndáil leis an iarratas.

(13) Déanfar an tagairt i *bhfo-alt (1) (a)* d'údarás áitiúil, sa chéad áit a bhfuil sé, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do bhardas buirge d'aon chineál agus do chomhairle ceantair uirbigh.

Dramhaíl a thabhairt i láthair lena bailiú.

35.—(1) Aon uair a mheasfaidh údarás áitiúil gur gá déanamh amhlaidh chun dramhaíl a bhainistiú go cuí nó chun truailliú comhshaoil a chosc nó a rialú, féadfaidh sé, faoi réir *fho-alt (5)*, fodhlíthe a dhéanamh—

(*a*) á cheangal ar shealbhóir dramhaíola teaghlaigh an dramhaíl sin a thabhairt i láthair lena bailiú ag duine a bhailíonn dramhaíl de réir na Coda seo,

(*b*) á cheangal ar shealbhóir dramhaíola teaghlaigh nó tráchtála a thugann dramhaíl den sórt sin i láthair lena bailiú mar a dúradh (cibé acu is de bhun ceanglais de chuid fodhlíthe faoi *mhír (a)* a dhéantar é nó nach ea) an dramhaíl sin a thabhairt i láthair amhlaidh ar mhodh a bheidh sonraithe sna fodhlíthe.

(2) Déanfar fodhlí faoi *fho-alt (1)* de réir Chuid VII den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus forléireofar é amhail is dá mba faoin gcéanna rinneadh é.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* nó *alt 37(4)* den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, féadfaidh forálacha a bheith ar áireamh i bhfodhlíthe faoi *fho-alt (1)* ina sonrófar—

(*a*) nach gcuirfear dramhaíl a bheidh le bailiú ach i ngabhdáin de chineál áirithe amháin agus go gcuirfear dramhaíl éagsúil i ngabhdáin éagsúla,

(*b*) an méid dramhaíola is ceadmhach nó nach ceadmhach a chur in aon ghabhdán,

(*c*) an dramhaíl, nó na meascáin de dhramhaíl, is ceadmhach nó nach ceadmhach a chur i ngabhdán,

(*d*) na bearta nó na réamhchúraimí a bheidh le déanamh i gcás go gcuirfear dramhaíl áirithe, nó meascáin di, i ngabhdán,

(*e*) méid, dath, cruthú nó cothabháil gabhdán,

(*f*) an t-ionad ina mbeidh an dramhaíl le cur ar fáil lena bailiú,

(*g*) na tráthanna ar lena linn a bheidh an dramhaíl le cur ar fáil lena bailiú,

(*h*) aon nithe a leanfaidh as na nithe sin roimhe seo nó a ghabhann leo.

(4) Féadfaidh údarás áitiúil gabhdáin a sholáthar nó, más cuí, féadfaidh sé a cheangal, de réir *alt 34*, ar shealbhóir ceada bailiúcháin dramhaíola arna dheonú ag an údarás gabhdáin a sholáthar, ina ndéanfar dramhaíl teaghlaigh nó tráchtála (i gcoitinne nó de chineál nó saghas sonraithe) arna tabhairt i láthair lena bailiú a chur lena bailiú amhlaidh, agus féadfaidh an t-údarás áitiúil nó an sealbhóir sin, de réir mar a bheidh, a cheangal ar na daoine dá soláthraítear iad cibé íocaíocht réasúnach a dhéanamh a chinnfidh sé nó sí i leith gabhdáin a sholáthar.

(5) (*a*) Féadfaidh an tAire, má mheasann sé nó sí gur fóirsteanach déanamh amhlaidh chun truailliú comhshaoil a chosc nó a rialú, ordachán a thabhairt d'údarás áitiúil á cheangal air bearta sonraithe a dhéanamh (lena n-áirítear fodhlíthe a dhéanamh faoi Chuid VII den Acht Rialtais Áitiúil, 1994) chun a chinntiú go ndéanfar substaintí sonraithe, táirgí sonraithe, ábhair shonraithe nó aicmí sonraithe dramhaíola, a eascraíonn i ndramhaíl teaghlaigh nó tráchtála, a leithlisiú chun críche agus i gcúrsa bailiúcháin,

agus an céanna a aisghabháil nó a dhiúscairt ar mhodh sonraithe.

(*b*) Comhlíonfaidh údarás áitiúil lena mbaineann aon ordachán ón Aire a thabharfar faoin bhfo-alt seo laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordachán.

Rialacháin i ndáil le dramhaíl a aistriú.

36.—(1) Chun truailliú comhshaoil ó dhramhaíl a chosc, féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haistriú dramhaíola laistigh den Stát, isteach ann nó amach as a mhaoirsiú agus a rialú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(*a*) aistriú dramhaíola a thoirmeasc, a chosc, a theorannú nó a rialú agus, go háirithe—

(i) a cheangal go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil aon aistriú dramhaíola nó aistriú dramhaíola d'aicme shonraithe nó d'aicmí sonraithe a údarú,

(ii) a chumasú go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil, de réir mar a bheidh, coinníollacha de chineál a bheidh sonraithe sna rialacháin a chur ag gabháil le haon údarú den sórt sin;

(*b*) fógraí, lena n-áirítear doiciméadacht, a bheidh le tabhairt sula ndéanfar dramhaíl a aistriú agus ina dhiaidh, foirm agus ábhar na bhfógraí sin, na daoine a gceanglaítear orthu na fógraí sin a thabhairt agus na daoine dá mbeidh na fógraí sin le tabhairt;

(*c*) faisnéis, lena n-áirítear doiciméadacht, a bheidh ag gabháil le haon aistriú dramhaíola, foirm agus ábhar na faisnéise sin agus cé na daoine a gceanglaítear orthu an fhaisnéis sin a ullmhú, a shealbhú nó a chur isteach;

(*d*) a chumasú go ndéanfaidh daoine a bheidh údaraithe chuige sin ag an nGníomhaireacht nó ag údarás áitiúil coinsíneachtaí dramhaíola agus doiciméadacht a bhaineann leo a iniúchadh;

(*e*) ceanglais maidir le leithlisiú, láimhseáil, pacáistiú agus lipéadú dramhaíola agus na gcoimeádán ina bhféadfar dramhaíl a aistriú;

(*f*) ceanglas nach bhféadfaidh lastais dramhaíola teacht isteach sa Stát nó dul amach as ach amháin in áit shonraithe nó in áiteanna sonraithe laistigh den Stát;

(*g*) a cheangal ar dhuine a ghabhann aistriú dramhaíola de láimh polasaí árachais a bhaint amach agus a choimeád lena n-árachaítear é nó í maidir le haon dliteanas óna thaobh sin nó óna taobh sin de chun damáistí nó costais a íoc de bharr díobháil a bhain do dhuine nó do mhaoin ag eascairt as aistriú na dramhaíola;

(*h*) a cheangal ar dhuine a dhéanann dramhaíl a onnmhairiú nó a allmhairiú comhaontú nó comhaontuithe a dhéanamh le duine cuí amháin nó níos mó, trína gcomhaontóidh an duine nó na daoine céadluaite an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt;

(*i*) an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil nó duine a bheidh údaraithe ag an nGníomhaireacht nó ag údarás áitiúil chuige sin do dhéanamh coinsíneacht dramhaíola, nó cuid di, a urghabháil, a ghlacadh faoi chúram, a aisghabháil nó a dhiúscairt, i gcás go mbeidh aon fhoráil de rialacháin faoin alt seo nó d'aon achtachán sonraithe gan chomhlíonadh maidir leis an gcoinsíneacht nó le cuid di, de réir mar a bheidh;

(*j*) daoine sonraithe do choimeád taifead ar fhoinse dramhaíola, agus ar shonraí faoi aistriú, faoi sheachadadh agus faoi fháil dramhaíola agus, de réir mar a bheidh, faoi aisghabháil nó faoi dhiúscairt na dramhaíola, agus faoi na daoine a gcuirfear na taifid sin ar fáil dóibh;

(*k*) bruscar agus núis ó bholaithe a d'fhéadfadh eascairt as aistriú dramhaíola agus i gcoitinne maidir le láimhseáil dramhaíola le linn a haistrithe a chosc agus a rialú;

(*l*) an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil do dhéanamh cibé muirear is gá, chun aon chostais a íoc a bheidh tabhaithe le réasún ag an nGníomhaireacht nó ag an údarás áitiúil le linn aon fheidhm a chomhlíonadh faoi rialacháin faoin alt seo maidir leis an dramhaíl, a fhorchur ar dhuine a dhéanann aistriú dramhaíola a ghabháil de láimh;

(*m*) a cheangal ar dhuine cibé urrús a iarrfaidh an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil a thabhairt don Ghníomhaireacht nó don údarás áitiúil maidir le haon mhuirear a dhlífidh sé nó sí a íoc leis an nGníomhaireacht nó leis an údarás áitiúil (de réir mar a bheidh) a íoc de bhun rialachán faoi *mhír (l)*;

(*n*) a cheangal ar dhuine a dhéanann aistriú dramhaíola a ghabháil de láimh urrús de chineál sonraithe a thabhairt don Ghníomhaireacht, d'údarás áitiúil nó d'aon duine sonraithe eile i leith costas a thabhóidh an Ghníomhaireacht, an t-údarás áitiúil nó an duine réamhráite eile le linn bearta a dhéanamh i ndáil leis an dramhaíl i gcás go ndéanfaidh an duine céadluaite sárú ar aon fhoráil de rialacháin faoin alt seo maidir leis an dramhaíl sin;

(*o*) a cheangal ar dhuine a dhéanann aistriú dramhaíola a ghabháil de láimh nó is coinsíní dramhaíola a allmhairíodh isteach sa Stát nó a aistríodh laistigh den Stát an dramhaíl a thabhairt ar ais, i gcás go n-ordóidh an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil dó nó di déanamh amhlaidh, go dtí a háit tionscnaimh nó go dtí cibé áit eile a bheidh sonraithe san ordachán agus cibé bearta a dhéanamh a bheidh sonraithe amhlaidh i ndáil leis an dramhaíl, lena n-áirítear an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt ar cibé modh nó ag cibé saoráid a bheidh sonraithe amhlaidh;

(*p*) na himthosca a shonrú ina bhféadfaidh an Ghníomhaireacht nó an t-údarás áitiúil ordachán a thabhairt do dhuine de bhun rialachán faoi *mhír (o)*;

(*q*) aon nithe a leanfaidh as na nithe sin roimhe seo nó a ghabhann leo.

(3) Aon duine a sharóidh foráil de rialacháin faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

CUID V

Dramhaíl a Aisghabháil agus a Dhiúscairt

Léiriú (*Cuid V*).

37.—Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

déanfar "saoráid dramhaíola chathartha" a fhorléiriú de réir *alt 38 (2)*;

folaíonn "ceadúnas dramhaíola" ceadúnas dramhaíola athmheasta faoi *alt 46 (2)*.

Saoráidí bainistithe dramhaíola.

38.—(1) Soláthróidh agus oibreoidh údarás áitiúil, nó déanfaidh sé socrú go soláthrófar agus go n-oibreofar, cibé saoráidí is gá chun dramhaíl teaghlaigh a eascróidh laistigh dá limistéar feidhme a aisghabháil agus a dhiúscairt.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil na saoráidí seo a leanas a sholáthar agus a oibriú, nó féadfaidh sé socrú a dhéanamh chun iad a sholáthar agus a oibriú, nó an céanna a éascú—

(*a*) saoráidí dramhaíola cathartha, is é sin le rá, saoráidí ag a bhféadfaidh daoine den phobal dramhaíl a chur, agus

(*b*) saoráidí eile—

(i) chun dramhaíl a leithlisiú, a mheascadh, a chornadh, a stóráil nó a chóireáil sula ndéanfar í a aisghabháil nó a dhiúscairt,

(ii) chun dramhaíl a aisghabháil, nó

(iii) chun dramhaíl (seachas dramhaíl teaghlaigh) a dhiúscairt.

(3) Gan dochar d'fhorálacha *fho-alt (2)*, tar éis d'údarás áitiúil an t-ábhar a scrúdú, soláthróidh sé, nó déanfaidh sé socrú go soláthrófar, cibé saoráid nó saoráidí is dealraitheach dó a bheith riachtanach agus réasúnach ag a bhféadfar feithiclí a chaitheamh i leataobh.

(4) Chun críche *fho-ailt (1)*, *(2)* agus *(3)*, féadfaidh údarás áitiúil comhaontú a dhéanamh nó socruithe a dhéanamh ar shlí eile le haon údarás áitiúil eile nó le duine eile maidir leis an údarás sin nó an duine sin d'aisghabháil nó do dhiúscairt dramhaíola thar a cheann, nó maidir leis an údarás áitiúil féin agus an t-údarás eile sin nó an duine eile sin do sholáthar agus d'oibriú aon saoráide iomchuí i gcomhpháirt.

(5) Ní dhéanfaidh aisghairm aon achtacháin a luaitear i *gCuid I* den *Chúigiú Sceideal* dochar d'oibriú leanúnach saoráidí diúscartha dramhaíola ag bardas buirge (seachas contaebhuirg) nó ag comhairle ceantair uirbigh, i gcás go mbeidh na saoráidí sin á n-oibriú ar thosach feidhme an ailt seo.

(6) Féadfaidh an tAire cibé bearta a dhéanamh is dóigh leis nó léi is cuí d'fhonn bunú cibé saoráidí chun dramhaíl a bhainistiú go maith, lena n-áirítear dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is inmhianaithe, a chur chun cinn agus tacú leis, agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh sé nó sí, chun críche an fho-ailt seo, le toiliú an Aire Airgeadais, deontais nó cineálacha eile cúnaimh airgeadais a sholáthar maidir le saoráidí den sórt sin a bhunú.

(7) (*a*) I gcás gur dealraitheach d'údarás áitiúil nó don Ghníomhaireacht gur gá déanamh amhlaidh chun dramhaíl a dhiúscairt go héifeachtach ordúil, féadfaidh údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, i cibé imthosca agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordófar, a cheangal ar shealbhóir nó ar tháirgeoir aon aicme nó aicmí dramhaíola, seachas dramhaíl teaghlaigh, an dramhaíl sin a dhiúscairt, nó socrú a dhéanamh chun í a dhiúscairt, ar cibé modh, faoi cibé coinníollacha agus ag cibé saoráid diúscartha dramhaíola chuí a shonróidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht.

(*b*) Aon duine a mhainneoidh ceanglas faoin bhfo-alt seo a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(8) Déanfaidh an Ghníomhaireacht saoráidí atá sa Stát chun dramhaíl a dhiúscairt a aicmiú ar cibé modh a fhorordófar agus ag féachaint do cibé critéir a fhorordófar.

(9) Chun críche *fho-alt (2)*, seachas *mír (b) (iii)*, agus *fo-alt (3)*, folaíonn "údarás áitiúil", de réir mar is cuí, bardas buirge d'aon chineál agus comhairle ceantair uirbigh.

(10) Leasaítear leis seo alt 3 *(c)* den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, trí "nó faoi reacht nó faoin dlí coiteann" a chur isteach i ndiaidh "a thugtar le reacht nó leis an dlí coiteann".

(11) (*a*) Ní dhéanfaidh duine dramhaíl a chur i saoráid nó a chaitheamh i leataobh ag saoráid arna soláthar ag údarás áitiúil faoin alt seo ar shlí seachas de réir aon choinníollacha a bheidh arna sonrú de thuras na huaire ag an údarás áitiúil maidir leis an gcineál, an saghas agus an méid dramhaíola is ceadmhach a chur nó a chaitheamh i leataobh amhlaidh nó maidir leis an úsáid a bhainfear thairis sin as saoráid den sórt sin.

(*b*) Déanfaidh údarás áitiúil cibé bearta a bheidh réasúnach chun aon choinníollacha a bheidh sonraithe aige de thuras na huaire chun críocha *mhír (a)* a chur in iúl do dhaoine den phobal.

(*c*) Aon duine a sháróidh *mír (a)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(*d*) Faoi réir *mhír (e)*, tiocfaidh dramhaíl a chuirfear i saoráid nó a chaithfear i leataobh ag saoráid arna soláthar ag

údarás áitiúil faoin alt seo chun bheith ina maoin de chuid an údaráis.

(*e*) Gan dochar do *mhír (c),* más rud é go ndéanfaidh duine dramhaíl a chur nó a chaitheamh i leataobh de shárú ar *mhír (a)*—

(i) ní thiocfaidh an dramhaíl chun bheith ina maoin de chuid an údaráis áitiúil lena mbaineann mura rud é go gcinnfidh sé úinéireacht na dramhaíola a ghlacadh chuige féin,

(ii) beidh aon chaiteachais a thabhóidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann le linn dó an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, nó le linn dó socrú a dhéanamh chun an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, inghnóthaithe aige ón duine mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Ceanglas ceadúnas dramhaíola a shealbhú.

39.—(1) Faoi réir *fho-ailt (4)* agus *(7)*, ní dhéanfaidh duine dramhaíl a dhiúscairt nó ní ghabhfaidh duine aisghabháil dramhaíola de láimh i saoráid, ar cibé dáta a bheidh forordaithe nó dá éis, seachas faoi réim agus de réir ceadúnais faoin gCuid seo (dá ngairtear "ceadúnas dramhaíola" san Acht seo) a bheidh i bhfeidhm i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann a sheoladh sa tsaoráid sin.

(2) Chun críche *fho-alt (1)*, féadfar dátaí éagsúla a fhorordú i leith gníomhaíochtaí éagsúla diúscartha nó aisghabhála dramhaíola, aicmí éagsúla saoráide agus aicmí éagsúla dramhaíola.

(3) Sa tréimhse sula ndeonófar ceadúnas dramhaíola i ndáil le haisghabháil nó diúscairt dramhaíola nó sula ndiúltófar an céanna a dheonú, measfar nach mbeidh sárú déanta ar fhorálacha na Coda seo mar gheall ar an aisghabháil nó an diúscairt sin más rud é, roimh an dáta a fhorordófar faoi *fho-alt (1)*, i leith na gníomhaíochta lena mbaineann—

(*a*) go mbeidh iarratas déanta ar cheadúnas dramhaíola i leith na gníomhaíochta sin agus gur chomhlíon an t-iarratasóir ar cheadúnas dramhaíola ceanglais rialachán faoi *ailt 45* agus *50* i ndáil leis an iarratas ar an gceadúnas sin, agus

(*b*) i gcás diúscartha dramhaíola, seachas diúscairt arna déanamh ag údarás áitiúil, ag bardas buirge nach contaebhuirg, nó ag comhairle ceantair uirbigh, go mbeidh sí déanta de réir ceada arna eisiúint faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979, nó faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, de réir mar is cuí.

(4) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

(*a*) maidir le haicme shonraithe nó aicmí sonraithe dramhaíola a dhiúscairt ar mhodh sonraithe san áit ina dtáirgtear an dramhaíl sin, nó

(*b*) maidir le haicme shonraithe nó aicmí sonraithe dramhaíola a aisghabháil ar mhodh sonraithe,

má chomhlíonann, agus fad a chomhlíonann, an duine a dhéanfaidh an dramhaíl a dhiúscairt nó a aisghabháil, de réir mar a bheidh, coinníollacha sonraithe i ndáil leis an diúscairt nó leis an aisghabháil sin a dhéanamh.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (4)*, féadfar, le rialacháin faoin bhfo-alt sin, coinníollacha a shonrú i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) an méid dramhaíola lena mbaineann a fhéadfar a aisghabháil nó a dhiúscairt i dtréimhse áirithe,

(*b*) an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ach nach ngabhann costais iomarcacha léi a úsáid chun astú ón ngníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha lena mbaineann a chosc nó deireadh a chur leis nó, i gcás nach indéanta sin, chun astú den sórt sin a theorannú, a mhaolú nó a laghdú,

(*c*) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire a bheith cuí chun a chinntiú nach mbeidh an ghníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha lena mbaineann ina cúis le truailliú comhshaoil, agus féadfaidh ceanglas a bheith ar áireamh iontu go ndéanfaidh an duine lena mbaineann toiliú i scríbhinn roimh ré a fháil ón údarás áitiúil iomchuí maidir leis an duine sin do sheoladh na gníomhaíochta lena mbaineann agus sonrú maidir le rialuithe a bheidh le feidhmiú nó bearta a bheidh le déanamh ag an údarás áitiúil sin i ndáil le seoladh na gníomhaíochta sin (a gcumhachtaítear leis seo don údarás áitiúil sin iad a fheidhmiú nó a dhéanamh).

(6) Féadfaidh an tAire, le rialacháin—

(*a*) a cheangal ar tháirgeoir aicme nó aicmí sonraithe dramhaíola, seachas dramhaíl teaghlaigh—

(i) coinníollacha sonraithe a chomhlíonadh i ndáil le cóireáil nó stóráil shealadach na dramhaíola aige nó aici san áitreabh ina dtáirgtear í, lena n-áirítear toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón údarás áitiúil iomchuí maidir leis an gcóireáil nó leis an stóráil sin,

(ii) plean a dhéanamh maidir le cibé bearta a dhéanamh, i gcás go dtarlóidh teagmhas lena ngabhann cailliúint nó scaoileadh na dramhaíola, lena gcoiscfear nó lena n-íoslaghdófar an priacal truaillithe comhshaoil uaidh sin,

(iii) polasaí árachais a bhaint amach agus a choimeád lena n-árachaítear é nó í go feadh méid shonraithe maidir le haon dliteanas óna thaobh sin nó óna taobh sin de chun damáistí nó costais a íoc de bharr díobháil a bhain do dhuine nó do mhaoin, ag eascairt as táirgeadh nó sealbhú na dramhaíola,

(*b*) a chumasú d'údarás áitiúil coinníollacha sonraithe a chur ag gabháil le toiliú arna dheonú aige de bhun rialachán faoi *mhír (a) (i)* agus toiliú den sórt sin a chúlghairm i gcás aon cheann de na coinníollacha a bheidh ag gabháil leis amhlaidh a bheith gan chomhlíonadh,

(*c*) tréimhse uasta a shonrú ar lena linn a fhéadfar an dramhaíl a stóráil mar a dúradh agus a mheas gur diúscairt nó aisghabháil ar an dramhaíl stóráil na dramhaíola i ndiaidh na tréimhse sin, de réir mar is cuí.

(7) I dteannta na díolúine óna théarmaí dá bhforáiltear le *halt 51*, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt i saoráid atá bainteach le gníomhaíocht a bhfuil ceadúnas nó ceadúnas athmheasta faoi Chuid IV d'Acht 1992 i bhfeidhm ina leith, i gcás go mbeidh an aisghabháil nó an diúscairt sin faoi réir an cheadúnais nó an cheadúnais athmheasta sin,

(*b*) dramhaíl teaghlaigh arna táirgeadh agus arna diúscairt laistigh de chúirtealáiste na haon teaghaise amháin,

(*c*) bruscar a chur i mbosca bruscair,

(*d*) dramhaíl a chur i saoráid dramhaíola chathartha,

(*e*) dramhaíl a aistriú chuig údarás áitiúil, chuig bardas buirge nach contaebhuirg, chuig comhairle ceantair uirbigh nó chuig aon duine eile chun í a aisghabháil nó a dhiúscairt de réir an Achta seo nó de réir ceadúnais nó ceadúnais athmheasta faoi Chuid IV d'Acht 1992,

(*f*) seachtháirgí ainmhithe, de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seachtháirgí Ainmhithe a Dhiúscairt, a Phróiseáil agus a Chur ar an Margadh), 1994, a dhiúscairt, agus

(*g*) cibé gníomhaíochtaí eile a bheidh forordaithe.

(8) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena leasófar an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1992 trí aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear sa *Tríú Sceideal* nó sa *Cheathrú Sceideal* a chur leis an Sceideal sin, faoi réir cibé modhnuithe, más ann, a chinnfidh sé nó sí agus a shonróidh sé nó sí sna rialacháin.

(9) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* nó foráil de rialacháin faoi *fho-alt (4)* nó *(6)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Ceadúnais dramhaíola a dheonú.

40.—(1) (*a*) Ar iarratas a bheith déanta chuici chuige sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a dheonú don iarratasóir faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha nó diúltú ceadúnas den sórt sin a dheonú don iarratasóir.

(*b*) Tá an fo-alt seo faoi réir *ailt 42* agus *50* agus rialachán faoi *alt 45*.

(2) Faoi réir *fho-alt (5)*, le linn iarratas ar cheadúnas dramhaíola a bhreithniú nó le linn ceadúnas dramhaíola a athbhreithniú de bhun na Coda seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht—

(*a*) cibé imscrúduithe a dhéanamh, nó a chur faoi deara cibé imscrúduithe a dhéanamh, is dóigh léi is gá nó a fhorordófar thairis sin chun críocha an bhreithnithe sin nó an athbhreithnithe sin,

(*b*) aird a thabhairt—

(i) ar aon phlean bainisteoireachta aercháilíochta iomchuí faoi alt 46 d'Acht 1987, nó plean bainistithe cáilíochta uisce faoi alt 15 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, nó plean bainistithe dramhaíola nó plean bainistithe dramhaíola guaisí faoi *Chuid II*,

(ii) (I) ar aon ráiteas tionchair timpeallachta maidir le forbairt bheartaithe arb éard í an ghníomhaíocht dramhaíola lena mbaineann nó ar chun críocha na gníomhaíochta dramhaíola lena mbaineann í, a chuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta faoi réim agus de réir ceanglais de chuid rialachán faoi *alt 45* nó arna dhéanamh de bhun na rialachán sin,

(II) ar aon aighneachtaí nó tuairimí a chuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta i ndáil leis an ráiteas tionchair timpeallachta,

(III) ar cibé faisnéis fhorlíontach (más ann) a bhaineann leis an ráiteas sin agus a bheidh tugtha ag an iarratasóir nó an sealbhóir ceadúnais don Ghníomhaireacht faoi réim agus de réir ceanglais de chuid rialachán faoi *alt 45* nó arna dhéanamh de bhun na rialachán sin,

(IV) más cuí, ar thuairimí ó Bhallstáit eile de chuid na gComhphobal Eorpach i ndáil le héifeachtaí na gníomhaíochta beartaithe ar an gcomhshaol,

(iii) ar cibé nithe eile is dóigh léi is gá agus a bhaineann le truailliú comhshaoil ón ngníomhaíocht lena mbaineann a chosc, a theorannú, deireadh a chur leis nó é a mhaolú nó a laghdú, agus

(iv) ar cibé nithe eile a bheidh forordaithe.

(3) (*a*) Chun críche *fho-alt (2)(b)(ii)*, déanfaidh an Ghníomhaireacht, seachas i gcás ráitis tionchair timpeallachta maidir le forbairt a bheartaíonn údarás áitiúil a dhéanamh nó a bheartaítear a dhéanamh thar a cheann laistigh de limistéar feidhme an údaráis, aird a thabhairt ar na nithe a luaitear sa ráiteas tionchair timpeallachta agus ar aon aighneachtaí, tuairimí nó faisnéis fhorlíontach a bhaineann leis an ráiteas sin a dhéanfar chuig an nGníomhaireacht nó a thabharfar di faoi réim agus de réir ceanglais de chuid rialachán faoi *alt 45* nó arna dhéanamh de bhun na rialachán sin, a mhéid amháin a bhaineann siad leis an bpriacal truaillithe comhshaoil ón ngníomhaíocht atá i gceist.

(*b*) An tagairt san fho-alt seo do limistéar feidhme údaráis áitiúil, is tagairt í dá limistéar feidhme ina cháil mar údarás pleanála.

(4) Ní dheonóidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola mura deimhin léi—

(*a*) nach mbeidh de thoradh ar aon astuithe ón ngníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha atá i gceist ("an ghníomhaíocht lena mbaineann") go ndéanfar sárú ar aon chaighdeán

iomchuí, lena n-áirítear aon chaighdeán i dtaca le meán comhshaoil, nó aon luach teorann astaithe iomchuí, arna fhorordú faoi aon achtachán eile,

(*b*) nach mbeidh an ghníomhaíocht lena mbaineann, arna seoladh de réir cibé coinníollacha a bheidh ag gabháil leis an gceadúnas, ina cúis le truailliú comhshaoil,

(*c*) go mbainfear úsáid as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ach nach ngabhann costais iomarcacha léi chun astú ón ngníomhaíocht lena mbaineann a chosc nó deireadh a chur leis nó, i gcás nach indéanta sin, chun í a theorannú, a mhaolú nó a laghdú,

(*d*) más rud é nach údarás áitiúil, bardas buirge nach contaebhuirg, nó comhairle ceantair uirbigh an t-iarratasóir, gur duine cuí ceart é nó í, faoi réir *fho-alt (8)*, chun ceadúnas dramhaíola a shealbhú,

(*e*) gur chomhlíon an t-iarratasóir aon cheanglais faoi *alt 53.*

(5) I gcás go ndeonófar ceadúnas dramhaíola i ndáil le gníomhaíocht, ní dhéanfar ceadúnas—

(*a*) faoi Chuid III d'Acht 1987,

(*b*) faoi alt 4 nó 16 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, ná

(*c*) faoi alt 171 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959,

a dheonú i ndáil le gníomhaíocht den sórt sin, agus air sin scoirfidh aon cheadúnas den sórt sin a bheidh i bhfeidhm i ndáil le gníomhaíocht den sórt sin d'éifeacht a bheith leis i ndáil leis an ngníomhaíocht sin.

(6) (*a*) I gcás go ndéanfar ceadúnas dramhaíola a dheonú i ndáil le gníomhaíocht, agus gur deonaíodh ceadúnas imeall trá faoin Acht Imeall Trágha, 1933, i ndáil leis an ngníomhaíocht chéanna, scoirfidh aon choinníollacha a bheidh ag gabháil leis an gceadúnas imeall trá sin d'éifeacht a bheith leo a mhéid is coinníollacha iad chun truailliú comhshaoil a chosc.

(*b*) Má dheonaítear ceadúnas faoin Acht Imeall Trágha, 1933, i ndáil le haon ghníomhaíocht, ní dhéanfaidh sé sin aon dochar ná difear ar bhealach ar bith ar d'fheidhm, ná srian a chur le feidhm, aon fhorála den Acht seo maidir le gníomhaíocht den sórt sin.

(7) Chun críche na Coda seo, measfar gur duine cuí ceart duine más rud é—

(*a*) nár ciontaíodh an duine sin ná aon duine iomchuí eile i gcion faoin Acht seo, is cion a bheidh forordaithe chun críocha an fho-ailt seo,

(*b*) i dtuairim na Gníomhaireachta, go bhfuil ag an duine sin nó, de réir mar is cuí, ag aon duine nó daoine a bheidh fostaithe aige nó aici chun seoladh na gníomhaíochta lena mbainfidh an ceadúnas dramhaíola a stiúradh nó a rialú, an t-eolas teicniúil nó na cáilíochtaí teicniúla is gá chun

an ghníomhaíocht sin a sheoladh de réir an cheadúnais agus cheanglais eile an Achta seo,

(*c*) i dtuairim na Gníomhaireachta, gur dóigh go mbeidh an duine sin in ann freastal d'aon áraigh nó dliteanais airgeadais a mheasfaidh an Ghníomhaireacht le réasún a dhéanfaidh sé nó sí nó a thabhóidh sé nó sí le linn dó nó di an ghníomhaíocht lena mbainfidh an ceadúnas dramhaíola a sheoladh de réir théarmaí an cheadúnais sin nó de dhroim scor den ghníomhaíocht sin a sheoladh.

(8) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, más cuí léi déanamh amhlaidh in aon chás áirithe, a mheas gur duine cuí ceart duine chun críocha na Coda seo d'ainneoin nach duine lena mbaineann *fo-alt (7) (a)* an duine sin nó aon duine iomchuí eile.

(9) Maidir leis na tagairtí i *bhfo-ailt (7)* agus *(8)* do dhuine iomchuí, is tagairtí iad do dhuine a gcinnfidh an Ghníomhaireacht gur duine iomchuí é nó í chun an t-iarratas lena mbaineann a bhreithniú tar éis aird a thabhairt ar aon chritéir a bhforálfaidh an tAire le rialacháin go dtabharfaidh sí aird orthu le linn di ní den sórt sin a chinneadh.

(10) Ní ceadmhach ceadúnas dramhaíola a dheonófar do dhuine faoin gCuid seo a aistriú chuig duine eile, seachas faoi réim agus de réir *alt 47*.

(11) Ní bheidh duine i dteideal, de bhíthin ceadúnais dramhaíola faoin gCuid seo agus dá bhíthin sin amháin, astú isteach in aon mheán comhshaoil a dhéanamh ná a chur faoi deara í a dhéanamh ná í a cheadú.

(12) Is cosaint mhaith é—

(*a*) i gcoinne ionchúisimh mar gheall ar chion faoi aon achtachán seachas an Chuid seo, nó

(*b*) i gcoinne imeachtaí—

(i) faoi alt 10 nó 11 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977,

(ii) faoi alt 20 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990,

(iii) faoi alt 28, 28A nó 28B d'Acht 1987,

(iv) faoi *alt 57* nó *58*,

a chruthú go bhfuil an gníomh a bhfuil gearán déanta faoi údaraithe le ceadúnas dramhaíola arna dheonú faoin gCuid seo.

(13) (*a*) Déanfaidh sealbhóir ceadúnais dramhaíola, laistigh de thréimhse 1 mhí tar éis scor den ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas, fógra i scríbhinn ina thaobh sin a thabhairt don Ghníomhaireacht.

(*b*) Aon duine a mhainneoidh *mír (a)* a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Coinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas dramhaíola.

41.—(1) Féadfaidh foráil a bheith i gceadúnas dramhaíola, maidir le haon choinníoll a bheidh ag gabháil leis, go gcomhlíonfar an coinníoll sula ndéanfar aon ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas a thosú nó da éis nó sula scoirfear di nó dá éis.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 40(1)(a)*, déanfar, i gcoinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas dramhaíola arna dheonú faoin gCuid seo—

(*a*) de réir mar is cuí—

(i) an ghníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha dramhaíola, de réir mar a bheidh, lena mbaineann an ceadúnas ("an ghníomhaíocht lena mbaineann"), agus saghsanna, cineál, comhdhéanamh agus méid na dramhaíola a cheadaítear a aisghabháil nó a dhiúscairt le linn tréimhsí sonraithe nó thairis sin, a shonrú,

(ii) an tsaoráid ina bhféadfar dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt faoin gceadúnas a shonrú,

(iii) nósanna imeachta nó modhanna a bheidh le leanúint nó le húsáid maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, ag féachaint do chineál agus do chomhdhéanamh na dramhaíola, do chóngaracht limistéir ghabhála uisce don tsaoráid lena mbaineann agus do thréithe na timpeallachta glactha, a shonrú,

(iv) a cheangal bearta sonraithe a dhéanamh, chun cosc a chur le substaintí sonraithe do dhul amach in uiscí nó chun truailliú trí shubstaintí sonraithe a sheachaint,

(v) ceanglais de chineál teicniúil a shonrú, ar ceanglais iad a bheidh le comhlíonadh chun astuithe a eascróidh as an ngníomhaíocht lena mbaineann nó is toradh ar an gcéanna, a rialú, lena n-áirítear—

(I) ceanglais a bhaineann le dearadh, foirgniú, soláthar, oibriú nó cothabháil na saoráide lena mbaineann, nó aon ghléasra ar an gcéanna,

(II) ceanglais eile chun na gcríoch réamhráite, lena n-áirítear ceanglas go n-úsáidfear nósanna imeachta sonraithe nó cóid chleachtais shonraithe,

(vi) a cheangal go ndéanfar faireachán, maoirseacht agus rialú ar gach gné d'oibriú na saoráide nó aon ghléasra lena mbaineann trí mhodhanna sonraithe agus chun na críche sin a cheangal go ndéanfar nósanna imeachta sonraithe nó cóid chleachtais shonraithe a leanúint nó a úsáid agus go nglacfar réamhchúraimí de chineál slándála,

(vii) a cheangal go ndéanfar faireachán ar cibé meáin chomhshaoil a bhféadfadh, i dtuairim na Gníomhaireachta, an ghníomhaíocht lena mbaineann difear a dhéanamh dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh mar thoradh ar an ngníomhaíocht,

(viii) a cheangal go gcoimeádfar taifid ar an méid, ar an gcineál agus ar bhunadh dramhaíola a nglacfar léi sa tsaoráid lena mbaineann, ar chóireáil, ar aisghabháil nó ar dhiúscairt na dramhaíola sin, agus más iomchuí, ar mhéid, ar chineál, ar cheann scríbe, ar mhinicíocht bailiúcháin agus ar mhodh iompair dramhaíola a bheidh ag fágáil na saoráide lena mbaineann, agus an tréimhse a shonrú a mbeidh na taifid sin le coimeád ar a feadh,

(ix) i gcás gníomhaíochta diúscartha dramhaíola, a cheangal go ndéanfar taisce dramhaíola guaisí sa tsaoráid lena mbaineann a thaifeadadh agus a shainaithint,

(x) a cheangal go gcoimeádfar taifid shonraithe eile agus a cheangal go soláthrófar faisnéis shonraithe don Ghníomhaireacht, nó d'aon duine sonraithe eile, i ndáil le seoladh na gníomhaíochta lena mbaineann, lena n-áirítear ráiteas ó shealbhóir an cheadúnais á dhaingniú cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon sé nó sí gach ceann de na coinníollacha a bheidh ag gabháil leis an gceadúnas,

(*b*) féadfar, de réir mar is cuí—

(i) ceanglais a shonrú a bheidh le comhlíonadh maidir le cineál, comhdhéanamh, teocht, toirt, leibhéal, ráta, modh cóireála agus suíomh astaithe a eascróidh as an ngníomhaíocht lena mbaineann nó is toradh ar an gcéanna ("astú lena mbaineann"),

(ii) na tréimhsí a shonrú is ceadmhach, nó nach ceadmhach, astú lena mbaineann a dhéanamh lena linn,

(iii) teorainneacha le héifeachtaí astaithe lena mbaineann a shonrú,

(iv) tiúchan truailleáin i meán comhshaoil nó ráta scardtha nach sárófar a shonrú,

(v) a cheangal go ndéanfar méadair, tomhsairí agus gairis nó deiseanna eile chun faireachán a dhéanamh ar chineál, méid agus éifeachtaí astaithe lena mbaineann a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil,

(vi) ceanglais a shonrú maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí daoine a bheidh fostaithe i seoladh na gníomhaíochta lena mbaineann,

(vii) na modhanna, na feithiclí agus na gabhdáin a shonrú a bheidh le húsáid chun dramhaíl a iompar go dtí an tsaoráid lena mbaineann, uaithi nó laistigh di,

(viii) a cheangal go ndéanfar samplaí a thógáil agus a anailísiú, go ndéanfar tomhais agus go gcomhlíonfar nósanna imeachta sonraithe maidir le rialú cáilíochta i dtaca leis an ngníomhaíocht lena mbaineann agus chun na críche sin—

(I) a cheangal go n-úsáidfear caighdeáin shonraithe anailíseacha nó go ndéanfar leas a bhaint as seirbhísí saotharlann sonraithe, nó

(II) a cheangal go gcoimeádfar taifid i ndáil leis na samplaí, na tomhais nó na nósanna imeachta,

(III) a cheangal go dtabharfar faisnéis don Ghníomhaireacht nó d'aon duine sonraithe eile i ndáil leis na samplaí, na tomhais nó na nósanna imeachta,

(ix) a cheangal go ndéanfar plean, agus go ndéanfar athmheas air i gceann eatramh sonraithe, ina leagfar amach na bearta a bheidh le déanamh i gcás go dtarlóidh aon tionóisc nó teagmhas (lena n-áirítear aon deacracht de chineál oibríochta) a bhainfidh leis an tsaoráid nó le haon ghléasra lena mbaineann,

(x) a cheangal go ndéanfar bearta sonraithe i gcás go gclisfeadh aon ghléasra nó trealamh eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'astú lena mbaineann,

(xi) de réir mar is cuí, an saghas breosla a shonrú a bheidh le húsáid nó nach ceadmhach a úsáid, de réir mar a bheidh,

(xii) a cheangal go ndéanfar agus go gcothabhálfar cibé soláthar airgeadais a cheanglófar faoi *alt 53 (1)*,

(xiii) a cheangal ar shealbhóir an cheadúnais polasaí árachais a bhaint amach agus a chothabháil lena n-árachaítear é nó í maidir le haon dliteanas óna thaobh sin nó óna taobh sin de chun damáistí nó costais a íoc mar gheall ar dhíobháil do dhuine nó do mhaoin a eascróidh as an ngníomhaíocht lena mbaineann a sheoladh,

(xiv) a cheangal go ndéanfaidh sealbhóir an cheadúnais íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht chun costais a ghlanadh a thabhóidh an Ghníomhaireacht le linn di faireachán a dhéanamh nó ar shlí eile le linn aon fheidhmeanna i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann a chomhlíonadh,

(xv) ceanglais a shonrú maidir leis an tsaoráid lena mbaineann a dhúnadh, a aisiriú agus a leasú, nó maidir le hiarchúram a dhéanamh i ndáil léi,

(xvi) a cheangal ar shealbhóir an cheadúnais cibé ceanglais bhreise a chomhlíonadh i ndáil le dúnadh, aisiriú, leasú nó iarchúram na saoráide lena mbaineann, nó thairis sin de réir mar a chinnfear i gcúrsa cuí faoi *alt 46 (5)*,

(xvii) an dáta is déanaí a shonrú faoina mbeidh coinníoll a bheidh ag gabháil leis an gceadúnas le comhlíonadh.

(3) Féadfaidh an tAire le rialacháin—

(*a*) a cheangal ar an nGníomhaireacht forálacha a chur ag gabháil mar choinníollacha le haon cheadúnas dramhaíola a dheonóidh sí i leith aicme nó aicmí sonraithe de ghníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha dramhaíola, lena gceanglófar aon chaighdeán sonraithe, sonraíocht, nós imeachta nó ceanglas eile, lena n-áirítear aon cheanglas is gá nó is riachtanach a fhorchur chun éifeacht a thabhairt d'aon ghníomh Comhphobail i ndáil le dramhaíl, a chomhlíonadh,

(*b*) a cheangal ar an nGníomhaireacht foráil a chur ag gabháil mar choinníoll le ceadúnas dramhaíola d'aicme shonraithe nó d'aicmí sonraithe, lena dtoirmiscfear dramhaíl shonraithe a aisghabháil nó a dhiúscairt i saoráid lena mbaineann nó trí ghníomhaíocht shonraithe aisghabhála nó diúscartha, nó

(*c*) a cheangal ar an nGníomhaireacht aon ní sonraithe eile a chur i gcuntas le linn coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnas dramhaíola.

(4) Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas dramhaíola maidir le haon ghléasra, nó talamh nó aon chuid d'aon talamh, a úsáidtear, nó a úsáideadh, chun críche gníomhaíochta lena mbaineann an ceadúnas, nó atá teagmhasach leis an gcéanna, agus maidir le haon astú ón tsaoráid lena mbaineann.

(5) Féadfaidh an Ghníomhaireacht méid aon íocaíochta a bheidh ag dul di agus a eascraíonn as coinníoll atá ag gabháil le ceadúnas dramhaíola a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(6) Sula dtosófar ar an ngníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha dramhaíola lena mbaineann ceadúnas dramhaíola, de réir mar a bheidh, nó sula dtiocfaidh ceadúnas dramhaíola i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht lena mbaineann *alt 39(3)*, déanfaidh an Ghníomhaireacht iniúchadh ar an tsaoráid lena mbaineann d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an tsaoráid sin na coinníollacha iomchuí atá ag gabháil leis an gceadúnas dramhaíola.

Iarratas ar cheadúnas dramhaíola nó ar athbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola.

42.—(1) (*a*) I gcás go mbeartóidh duine iarratas a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht ar cheadúnas dramhaíola a dheonú faoi *alt 40* nó ar cheadúnas dramhaíola a athbhreithniú faoi *alt 46*, déanfaidh sé nó sí fógra, á rá go bhfuil beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh, a fhoilsiú nó a thabhairt i cibé foirm agus do cibé daoine a fhorordófar faoi *alt 45*.

(*b*) I gcás go mbeartóidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a athbhreithniú faoi *alt 46(1)*, foilseoidh sí cibé fógra a fhorordófar faoi *alt 45* chun críocha an ailt seo, agus tabharfaidh sí fógra i scríbhinn do shealbhóir an cheadúnais agus, más cuí, don údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a sheoltar an ghníomhaíocht is ábhar don cheadúnas agus do cibé daoine eile (más ann) a fhorordófar amhlaidh, á rá go bhfuil beartaithe aici athbhreithniú den sórt sin a sheoladh.

(2) Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh faoi *alt 40* maidir le hiarratas arna dhéanamh chuici ar cheadúnas dramhaíola a dheonú, nó faoi *alt 46(2)* de dhroim athbhreithnithe ar cheadúnas

dramhaíola a bheidh seolta aici faoin alt sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra i scríbhinn—

(*a*) don iarratasóir nó do shealbhóir an cheadúnais, de réir mar a bheidh,

(*b*) d'aon duine a chuir aighneacht i scríbhinn faoi bhráid na Gníomhaireachta i ndáil leis an iarratas nó leis an athbhreithniú, de réir rialachán faoin gCuid seo,

(*c*) más iomchuí, don údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a bheartaítear an ghníomhaíocht is ábhar don cheadúnas dramhaíola beartaithe nó don cheadúnas dramhaíola, de réir mar a bheidh, a sheoladh, nó ina bhfuil sí á seoladh, agus

(*d*) do cibé daoine eile a fhorordófar,

faoin gcinneadh a bheartaíonn sí a dhéanamh maidir leis an iarratas nó de dhroim an athbhreithnithe agus, i gcás gur cinneadh ceadúnas dramhaíola nó ceadúnas dramhaíola athmheasta a dheonú an cinneadh a dtabharfar fógra faoi amhlaidh, sonróidh sí cá bhféadfar cóip den cheadúnas beartaithe nó den cheadúnas athmheasta a fháil.

(3) Féadfaidh aon duine, faoi réir ceanglas aon rialachán faoi *ailt 45* agus *50* a chomhlíonadh, agus aon tráth roimh dhul in éag don tréimhse chuí, agóid a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht i ndáil le cinneadh a bheartaíonn sí a dhéanamh agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*.

(4) Maidir le hagóid—

(*a*) is i scríbhinn a dhéanfar í,

(*b*) luafar ainm agus seoladh an agóideora inti,

(*c*) luafar ábhar na hagóide inti,

(*d*) luafar go hiomlán inti na forais agóide agus na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil siad bunaithe, agus

(*e*) beidh cibé táille (más ann) a bheidh iníoctha i leith na hagóide sin a dhéanamh de réir rialachán faoi *alt 50* ag gabháil léi.

(5) (*a*) Aon agóid nach ndéantar de réir cheanglais *fho-alt (4)*, is agóid neamhbhailí í.

(*b*) Beidh feidhm ag ceanglas *fho-alt (4) (d)* cibé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh an t-agóideoir, nó a bheartóidh nó nach mbeartóidh sé nó sí, a iarraidh faoi *fho-alt (9)* go ndéanfar an agóid a éisteacht ó bhéal.

(6) Beidh cibé doiciméid, sonraí nó faisnéis eile ag gabháil le hagóid a mheasfaidh an t-agóideoir is gá nó is cuí.

(7) Gan dochar d'fhorálacha aon rialachán faoi *alt 45*, ní bheidh agóideoir i dteideal mionléiriú i scríbhinn a dhéanamh ar na forais agóide a luafar san agóid, ná aighneachtaí breise i scríbhinn a dhéanamh i ndáil leis na forais sin, agus ní bhreithneoidh an Ghníomhaireacht aon mhionléiriú, aighneachtaí nó forais bhreise agóide den sórt sin a gheobhaidh sí.

(8) Ní bhreithneoidh an Ghníomhaireacht aon doiciméid, sonraí nó faisnéis eile a chuirfidh agóideoir faoina bráid, seachas na doiciméid, na sonraí nó an fhaisnéis eile a bhí ag gabháil leis an agóid nó a tugadh don Ghníomhaireacht faoi réim agus de réir ceanglais de chuid, nó arna dhéanamh de bhun, rialachán faoi *alt 45*.

(9) (*a*) Féadfaidh duine a mbeidh agóid á déanamh aige nó aici faoi *fho-alt (3)* a iarraidh go ndéanfar an agóid a éisteacht ó bhéal.

(*b*) (i) Is i scríbhinn chuig an nGníomhaireacht a dhéanfar iarraidh go ndéanfar agóid a éisteacht ó bhéal agus beidh cibé táille (más ann) a bheidh iníoctha i leith na hiarrata sin de réir rialachán faoi *alt 50* ag gabháil léi.

(ii) Ní bhreithneoidh an Ghníomhaireacht iarraidh go ndéanfar agóid a éisteacht ó bhéal, ar iarraidh í nach mbeidh cibé táille (más ann) a bheidh iníoctha i leith na hiarrata sin ag gabháil léi.

(*c*) Déanfar iarraidh ar agóid a éisteacht ó bhéal laistigh den tréimhse chuí agus ní bhreithneoidh an Ghníomhaireacht aon iarraidh a gheobhaidh sí tar éis dul in éag don tréimhse sin.

(10) Déanfar agóid, nó iarraidh ar éisteacht ó bhéal faoi *fho-alt (9)*—

(*a*) tríd an agóid nó an iarraidh a chur leis an bpost réamhíoctha chuig an nGníomhaireacht, nó

(*b*) tríd an agóid nó an iarraidh a fhágáil le fostaí de chuid na Gníomhaireachta ag príomhoifig na Gníomhaireachta le linn uaireanta oifige, nó

(*c*) ar aon slí eile a bheidh forordaithe.

(11) (*a*) I gcás go mbeidh iarraidh ar agóid a éisteacht ó bhéal déanta de réir *fho-alt (9)*, nó thairis sin i gcás go mbeidh agóid déanta, beidh de lánrogha ag an nGníomhaireacht éisteacht ó bhéal a thionól i ndáil leis an agóid agus, má chinneann sí éisteacht den sórt sin a thionól, tabharfaidh sí fógra i scríbhinn faoin gcinneadh sin—

(i) don iarratasóir nó do shealbhóir an cheadúnais, de réir mar a bheidh,

(ii) más iomchuí, don údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a bheartaítear an ghníomhaíocht is ábhar don cheadúnas dramhaíola beartaithe nó don cheadúnas dramhaíola, de réir mar a bheidh, a sheoladh, nó ina bhfuil sí á seoladh, agus

(iii) d'aon duine a d'iarr éisteacht ó bhéal, agus

(iv) do cibé duine eile a fhorordófar.

(*b*) I gcás go gcinnfidh an Ghníomhaireacht gan éisteacht ó bhéal a thionól faoin bhfo-alt seo, tabharfaidh sí fógra i scríbhinn faoina cinneadh don duine a d'iarr an éisteacht ó bhéal.

(12) San alt seo, ciallaíonn "an tréimhse chuí" an tréimhse 28 lá dar tosach an lá a chuirfear fógra faoi *fho-alt (2)* i leith an ní lena mbaineann.

Alt 42: forálacha forlíontacha.

43.—(1) (*a*) Más rud é—

(i) nach ndéanfar aon agóid de réir *alt 42 (3)* chuig an nGníomhaireacht i ndáil le cinneadh a bheartóidh sí a dhéanamh i leith iarratais arna dhéanamh chuici ar cheadúnas dramhaíola a dheonú nó de dhroim athbhreithnithe arna dhéanamh aici ar cheadúnas dramhaíola, nó

(ii) go ndéanfar aon agóid nó agóidí a bheidh déanta chuici i ndáil leis an gcinneadh sin a tharraingt siar,

is é an cinneadh sin a mbeidh fógra tugtha aici ina thaobh faoi *alt 42 (2)* cinneadh na Gníomhaireachta i ndáil leis an iarratas sin nó de dhroim an athbhreithnithe.

(*b*) Más é cinneadh na Gníomhaireachta ceadúnas dramhaíola nó ceadúnas dramhaíola athmheasta a dheonú, deonóidh sí ceadúnas den sórt sin a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh.

(2) Gan dochar *d'alt 40 (4)*, i gcás go mbeidh agóid déanta de réir *alt 42 (3)* i ndáil le cinneadh dá dtagraítear in *alt 42 (2)* a bheartaíonn an Ghníomhaireacht a dhéanamh, agus nach mbeidh sí tarraingthe siar, breithneoidh an Ghníomhaireacht an agóid sin agus aon aighneachtaí, pleananna, doiciméid nó faisnéis agus sonraí eile a bheidh tugtha don Ghníomhaireacht de réir rialachán faoi *alt 45* i ndáil leis an agóid sin agus, i gcás gur tionóladh éisteacht ó bhéal i ndáil leis an agóid, leis an tuarascáil ar an éisteacht, agus a luaithe is féidir ina dhiaidh sin, cinnfidh an Ghníomhaireacht an ceadúnas iomchuí a dheonú, nó diúltú é a dheonú, de réir *alt 40 (1)*.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht breithniú a dhéanamh ar agóid i ndáil le cinneadh dá dtagraítear in *alt 42(2)*, d'ainneoin mainneachtana ar thaobh agóideora ceanglas de chuid, nó arna dhéanamh de bhun, rialachán faoi *alt 45* aon aighneachtaí, pleananna, doiciméid nó faisnéis agus sonraí eile a thabhairt, a chomhlíonadh, gan a thuilleadh fógra a thabhairt don duine sin.

(4) Beidh de dhualgas ar an nGníomhaireacht a chinntiú go ndéanfar—

(*a*) cinneadh uaithi faoi *alt 42 (11)* éisteacht ó bhéal a thionól, nó

(*b*) cinneadh uaithi i leith iarratais arna dhéanamh chuici ar cheadúnas dramhaíola a dheonú nó de dhroim athbhreithnithe a bheidh seolta aici ar cheadúnas dramhaíola, cibé acu a tionóladh nó nár tionóladh éisteacht ó bhéal i ndáil le haon agóid arna déanamh chuici de réir *alt 42 (3)* i leith an chinnidh sin,

a thabhairt a luaithe is féidir agus, chun na críche sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht na bearta sin go léir a bheidh ar fáil di chun a chinntiú nach mbeidh, a mhéid is indéanta, aon mhoill inseachanta

ann ag aon chéim le linn aon iarratas den sórt sin a chinneadh nó aon athbhreithniú den sórt sin a chríochnú.

(5) (*a*) Ní dhéanfaidh duine bailíocht cinnidh ón nGníomhaireacht maidir le hiarratas arna dhéanamh chuici ar cheadúnas dramhaíola a dheonú, nó de dhroim athbhreithnithe arna dhéanamh aici ar cheadúnas den sórt sin, a cheistiú ar shlí seachas ar mhodh iarratais ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) (dá ngairtear "an tOrdú" anseo ina dhiaidh seo san fho-alt seo).

(*b*) Maidir le hiarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach faoin Ordú a iarraidh i leith cinnidh dá dtagraítear i *mír (a)*—

(i) déanfar é laistigh den tréimhse 2 mhí dar tosach an dáta a thugtar an cinneadh,

(ii) déanfar é trí fhoriarratas iar bhfógra (a bheidh bunaithe ar an modh a shonraítear san Ordú i leith foriarratais *ex parte* ar chead)—

(I) chuig an nGníomhaireacht,

(II) i gcás nach é nó í an t-iarratasóir ar chead an t-iarratasóir ar an gceadúnas dramhaíola lena mbaineann, ná sealbhóir an cheadúnais dramhaíola lena mbaineann, chuig an iarratasóir ar an gceadúnas sin, nó chuig sealbhóir an cheadúnais sin, agus

(III) chuig aon duine a mbeidh agóid déanta aige nó aici de réir *alt 42 (3)* chuig an nGníomhaireacht i ndáil leis an ní lena mbaineann,

(IV) chuig aon duine eile a shonrófar chun na críche sin le hordú ón Ard-Chúirt,

agus ní dheonófar an cead sin mura rud é gur deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena mhaíomh go bhfuil an cinneadh neamhbhailí nó gur ceart é a neamhniú.

(*c*) (i) Is breith chríochnaitheach breith na hArd-Chúirte maidir le hiarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach mar a dúradh a iarraidh nó maidir le hiarratas ar athbhreithniú breithiúnach den sórt sin agus ní bheidh aon ábhar achomhairc ann chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte i gceachtar cás ach amháin le cead ón Ard-Chúirt, agus ní dheonófar an cead sin ach amháin i gcás go ndeimhneoidh an Ard-Chúirt go bhfuil ponc dlí a ngabhann tábhacht phoiblí eisceachtúil leis i gceist ina cinneadh agus gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí.

(ii) Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le breith ón Ard-Chúirt a mhéid a bhaineann sé le ceist i dtaobh bhailíocht aon dlí, ag féachaint d'fhorálacha an Bhunreachta.

(*d*) Déanfar tagairtí san fho-alt seo don Ordú a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Ordú arna leasú nó arna athachtú (fara modhnú nó dá éagmais) le rialacha cúirte.

Éisteacht ó bhéal a sheoladh agus tuarascáil i scríbhinn maidir leis an gcéanna.

44.—(1) (*a*) Is duine arna cheapadh ag an nGníomhaireacht chun na críche sin a sheolfaidh éisteacht ó bhéal faoi *alt 42*.

(*b*) Faoi réir aon rialachán faoi *fho-alt (4)*, is de réir rogha an duine a cheapfar faoin bhfo-alt seo a bheidh an modh ar a ndéanfar éisteacht réamhráite a sheoladh ach beidh de dhualgas ar an duine sin a chinntiú go seolfar an éisteacht gan aon fhoirmiúlacht mhíchuí.

(2) Féadfaidh an duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* fianaise faoi mhionn a ghlacadh ag an éisteacht ó bhéal agus chun na críche sin, féadfaidh sé nó sí daoine a chur faoi mhionn, agus beidh aon duine a thabharfaidh fianaise ag éisteacht den sórt sin i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a bheadh aige nó aici dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.

(3) Tabharfaidh an duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* tuarascáil i scríbhinn ar an éisteacht don Ghníomhaireacht agus áireofar sa tuarascáil moladh faoi dheonú ceadúnais dramhaíola nó ceadúnais dramhaíola athmheasta, de réir mar a bheidh (lena n-áirítear na coinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas den sórt sin) nó faoi cheadúnas den sórt sin a dhiúltú.

(4) (*a*) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le seoladh éisteachta ó bhéal faoi *alt 42* agus leis na nósanna imeachta ag éisteacht den sórt sin.

(*b*) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, déanfar foráil le rialacháin faoin bhfo-alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(i) nithe a fhéadfar a thógáil ag éisteacht ó bhéal;

(ii) na daoine a fhéadfar a éisteacht ag éisteacht ó bhéal;

(iii) a chumasú don duine a bheidh ag seoladh éisteachta ó bhéal a cheangal ar aon duine freastal ar an éisteacht agus fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní a bheidh i gceist ag an éisteacht;

(iv) fógra a fhoilsiú nó a thabhairt faoi éisteacht ó bhéal a thionól;

(v) an tráth a thionólfar, agus an áit a dtionólfar, éisteacht ó bhéal a athrú;

(vi) aighneachtaí, pleananna, doiciméid nó faisnéis agus sonraí eile a sholáthar do dhaoine;

(vii) éisteacht ó bhéal a chur ar atráth nó a athoscailt, agus fógra faoi atráth nó athoscailt den sórt sin a fhoilsiú nó a thabhairt;

(viii) ionadú duine a bheidh ceaptha chun éisteacht ó bhéal a sheoladh nó éisteacht nua ó bhéal a sheoladh;

(ix) iarraidh ar éisteacht ó bhéal a tharraingt siar, agus nithe a leanfaidh as sin.

Rialacháin maidir le ceadúnais dramhaíola.

45.—(1) Déanfaidh an tAire rialacháin i ndáil le hiarratais ar cheadúnais dramhaíola a dheonú nó ar cheadúnais dramhaíola a athbhreithniú agus i ndáil le ceadúnais den sórt sin a dheonú nó a athbhreithniú, agus féadfaidh forálacha éagsúla i ndáil le haicmí éagsúla nithe den sórt sin a bheith sna rialacháin sin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas—

(*a*) an fhoirm ina ndéanfar iarratas ar cheadúnas dramhaíola ("ceadúnas") a dheonú nó ar cheadúnas a athbhreithniú agus foirm ceadúnais,

(*b*) an tréimhse ar lena linn a bheidh iarratas ar cheadúnas a dheonú nó a athbhreithniú le déanamh i gcoibhneas le fógra a fhoilsiú nó a thabhairt faoi *alt 42 (1)* i leith iarratais den sórt sin,

(*c*) agóidí a dhéanamh faoi *alt 42 (3)*,

(*d*) iarratasóir ar dheonú ceadúnais ("iarratasóir"), sealbhóir ceadúnais, nó an Ghníomhaireacht d'fhoilsiú nó do thabhairt fógraí sonraithe,

(*e*) a cheangal nó a chumasú go ndéanfaidh iarratasóir, sealbhóir ceadúnais, duine a bheidh ag déanamh agóidí faoi *alt 42 (3)* ("agóideoir") nó aon duine eile aighneachtaí, pleananna, doiciméid agus faisnéis agus sonraí eile, lena n-áirítear ráiteas tionchair timpeallachta, a thabhairt don Ghníomhaireacht nó d'aon duine sonraithe eile laistigh de cibé tréimhsí a bheidh sonraithe,

(*f*) a cheangal nó a chumasú go ndéanfaidh iarratasóir, sealbhóir ceadúnais, agóideoir nó aon duine eile cibé faisnéis bhreise nó sonraí breise (lena n-áirítear ráiteas tionchair timpeallachta) a bhaineann le hiarratas ar cheadúnas a dheonú nó ar cheadúnas a athbhreithniú, de réir mar a cheanglóidh nó a iarrfaidh an Ghníomhaireacht, a thabhairt don Ghníomhaireacht nó d'aon duine sonraithe eile, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Ghníomhaireacht,

(*g*) a cheangal go dtabharfar ar aird don Ghníomhaireacht, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh sí, cibé fianaise a cheanglóidh sí le réasún d'fhonn aon fhaisnéis nó sonraí a fhíorú a bheidh tugtha di ag iarratasóir, sealbhóir ceadúnais, agóideoir nó aon duine eile faoi réim agus de réir rialachán faoin alt seo,

(*h*) a cheangal ar an nGníomhaireacht cóip d'iarratas ar cheadúnas a dheonú nó ar cheadúnas a athbhreithniú nó d'aon aighneachtaí, pleananna, doiciméid nó faisnéis eile (lena n-áirítear, más cuí, ráiteas tionchair timpeallachta agus aon fhaisnéis fhorlíontach a bhaineann leis an gcéanna), nó d'aon sliocht as an gcéanna, a bhaineann le hiarratas den sórt sin, a fhoilsiú nó a chur ar fáil lena hiniúchadh nó lena ceannach ag daoine den phobal,

(*i*) nósanna imeachta a leanfaidh an Ghníomhaireacht le linn di déileáil le hiarratas ar cheadúnas a dheonú nó le linn athbhreithniú ar cheadúnas a sheoladh (lena n-áirítear nósanna imeachta comhchomhairliúcháin i ndáil le ráiteas tionchair timpeallachta), cibé acu a sheoltar nó nach seoltar éisteacht ó bhéal i leith an chéanna, agus na tráthanna ar laistigh díobh a dhéanfar na bearta a bheidh sna nósanna imeachta sin,

(*j*) gan dochar do *mhír (i)*, an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar cinneadh a dhéanamh ceadúnas a dheonú,

(*k*) cinneadh, arna thabhairt ag an nGníomhaireacht i leith iarratais arna dhéanamh chuici ar cheadúnas a dheonú nó de dhroim athbhreithnithe arna sheoladh aici ar cheadúnas, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, agus aon doiciméid shonraithe nó faisnéis eile i ndáil leis an gcinneadh, a fhoilsiú,

(*l*) an fhaisnéis a bheidh i ráiteas tionchair timpeallachta,

(*m*) a cheangal ar iarratasóir nó ar shealbhóir ceadúnais costas aon imscrúdaithe, a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht nó a chuirfidh an Ghníomhaireacht faoi deara a dhéanamh, i ndáil le hiarratas ar cheadúnas a dheonú nó ar cheadúnas a athbhreithniú, a ghlanadh nó ranníoc a thabhairt ina leith, nó

(*n*) na dálaí agus na himthosca a shonrú faoina bhféadfaidh an Ghníomhaireacht a mheas go bhfuil iarratas ar cheadúnas a dheonú tarraingthe siar.

(3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha agus idirthréimhseacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire is gá chun críocha nó de dhroim na rialachán sin nó chun lánéifeacht a thabhairt dóibh.

(4) Aon duine a dhéanfaidh ráiteas i scríbhinn, i ndáil le hiarratas ar cheadúnas dramhaíola nó ar athbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola, is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) Maidir le glanadh costais nó ranníoc a thabhairt ina leith a cheanglaítear a dhéanamh faoi rialacháin faoin alt seo, beidh sé iníoctha ar é a éileamh agus, mura n-íocfar amhlaidh é, beidh sé inghnóthaithe ag an nGníomhaireacht ón duine lena mbaineann mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Ceadúnais dramhaíola a athbhreithniú.

46.—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a athbhreithniú—

(*a*) ar aon cheann de na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*,

(*b*) le toiliú shealbhóir an cheadúnais nó ar iarratas chuige sin arna dhéanamh ag sealbhóir an cheadúnais, nó

(*c*) tráth nach luaithe ná 3 bliana ón dáta ar ar deonaíodh an ceadúnas.

(2) A luaithe is féidir tar éis don Ghníomhaireacht athbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola faoin alt seo a chríochnú, féadfaidh sí

ceadúnas dramhaíola ("ceadúnas dramhaíola athmheasta") a dheonú do shealbhóir an cheadúnais dramhaíola sin, a mbeidh a théarmaí agus a choinníollacha éagsúil, ar cibé slite is dóigh leis an nGníomhaireacht is cuí, ó théarmaí agus coinníollacha an cheadúnais chéadluaite agus beidh éifeacht leis an gceadúnas dramhaíola athmheasta in ionad an cheadúnais chéadluaite.

(3) Is iad seo a leanas na forais a luaitear i *bhfo-alt (1)(a)*:

(*a*) go measann an Ghníomhaireacht gur priacal truaillithe comhshaoil aon astú a eascraíonn as an ngníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas dramhaíola ("astú lena mbaineann") nó mar thoradh uirthi,

(*b*) go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar chineál na gníomhaíochta lena mbaineann an ceadúnas dramhaíola, nó ar chineál nó méid astaithe lena mbaineann, nó ar an suíomh ina seoltar an ghníomhaíocht sin nó ar limistéar atá in aice leis,

(*c*) go bhfuil athrú ábhartha, nárbh fhéidir a shamhlú le réasún nuair a deonaíodh an ceadúnas dramhaíola, tagtha ar bhail an chomhshaoil sa limistéar ina seoltar an ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas,

(*d*) go bhfuil fianaise ar fáil nach raibh ar fáil nuair a deonaíodh an ceadúnas dramhaíola agus a dhéanfadh difear ábhartha do chinneadh na Gníomhaireachta an ceadúnas a dheonú faoi réir na gcoinníollacha ar faoina réir a deonaíodh é,

(*e*) go ndéanfar caighdeáin nó ceanglais nua a bhaineann le seoladh nó rialú na gníomhaíochta lena mbaineann an ceadúnas dramhaíola, le hábhar nó cineál astaithe lena mbaineann, nó lena n-éifeachtaí ar an gcomhshaol, a fhorordú faoi fhoráil den Acht seo nó gníomh Comhphobail.

(4) Le linn ceadúnas dramhaíola a athbhreithniú faoin alt seo beidh aird ag an nGníomhaireacht ar na nithe seo a leanas—

(*a*) aon athrú ar cháilíocht an chomhshaoil sa limistéar ina seoltar an ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas dramhaíola, agus

(*b*) forbairt an eolais theicniúil i ndáil le truailliú comhshaoil agus éifeachtaí an truaillithe sin,

ó deonaíodh an ceadúnas dramhaíola nó ón uair dheireanach a ndearnadh athbhreithniú air.

(5) (*a*) Gan dochar *d'fho-alt (1),* déanfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a athbhreithniú ar fhógra faoi *alt 40(13)* a fháil, nó tar éis a fháil amach ar shlí eile gur scoireadh den ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas, nó tar éis di diúltú glacadh le tabhairt suas an cheadúnais faoi alt 48(7).

(*b*) In athbhreithniú faoin bhfo-alt seo, cinnfidh an Ghníomhaireacht cibé bearta is gá, ina tuairim—

(i) maidir le haon saoráid lena mbaineann chun dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt a dhúnadh, a aisiriú, a leasú nó chun iarchúram a sholáthar ina leith,

(ii) maidir le caomhnú comhshaoil,

de réir mar is cuí, agus féadfaidh sí ceadúnas dramhaíola athmheasta a dheonú dá réir sin, lena n-áirítear cibé coinníollacha is dóigh léi is cuí maidir leis na nithe réamhráite.

Ceadúnais dramhaíola a aistriú.

47.—(1) Féadfar ceadúnas dramhaíola a aistriú ón sealbhóir chuig duine eile de réir an ailt seo.

(2) I gcás gur mian le sealbhóir ceadúnais dramhaíola go n-aistreofaí an ceadúnas chuig duine eile (dá ngairtear "an t-aistrí beartaithe" ina dhiaidh seo san alt seo), déanfaidh sealbhóir an cheadúnais agus an t-aistrí beartaithe iarratas i gcomhpháirt chuig an nGníomhaireacht á iarraidh ar an nGníomhaireacht aistriú den sórt sin a dhéanamh.

(3) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (2)* i cibé foirm agus áireofar ann cibé faisnéis a fhorordófar agus beidh cibé táille a fhorordófar faoi *alt 50* agus an ceadúnas dramhaíola lena mbaineann ag gabháil leis.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar shealbhóir an cheadúnais nó ar an aistrí beartaithe cibé faisnéis bhreise a sholáthar a mheasfaidh sí is cuí chun déileáil le hiarratas arna dhéanamh acu faoin alt seo.

(5) Más rud é, ar iarratas faoi *fho-alt (2)* agus aon fhaisnéis iomchuí arna soláthar maidir leis a bhreithniú—

(*a*) gur deimhin leis an nGníomhaireacht go measfadh sí gur dhuine cuí ceart an t-aistrí beartaithe, dá mba iarratasóir ar an gceadúnas é nó í, chun ceadúnas dramhaíola den tsamhail chéanna leis an gceadúnas lena mbaineann a dheonú dó nó di faoi *alt 40*,

(*b*) gur deimhin leis an nGníomhaireacht go bhfuil aon cheanglais faoi *alt 53* comhlíonta ag an aistrí beartaithe, agus

(*c*) go bhfuil an Ghníomhaireacht deimhin maidir le cibé nithe eile a fhorordófar,

déanfaidh sí an ceadúnas a aistriú chuig an aistrí beartaithe ar cibé modh a fhorordófar.

(6) Aon duine a n-aistreofar ceadúnas dramhaíola chuige nó chuici faoin alt seo, measfar gur ghabh sé air nó uirthi féin na dliteanais, na ceanglais agus na hoibleagáidí go léir dá bhforáiltear sa cheadúnas nó a eascraíonn faoin gceadúnas nó gur ghlac sé nó sí leis an gcéanna, is cuma conas a n-eascraíonn siad agus cén tréimhse a n-eascraíonn siad ina leith, lena n-áirítear tréimhse roimh aistriú an cheadúnais.

Ceadúnais dramhaíola a thabhairt suas.

48.—(1) Féadfaidh sealbhóir an cheadúnais ceadúnas dramhaíola a thabhairt suas, ach sin sa chás amháin go nglacann an Ghníomhaireacht leis an tabhairt suas.

(2) Maidir le sealbhóir ceadúnais dramhaíola ar mian leis nó léi é a thabhairt suas, déanfaidh sé nó sí iarratas chun na críche sin chuig an nGníomhaireacht, i cibé foirm, ina dtabharfar cibé faisnéis agus a mbeidh cibé fianaise ag gabháil leis a fhorordófar agus beidh cibé táille a fhorordófar faoi *alt 50* ag gabháil leis.

(3) Ar iarratas ar cheadúnas dramhaíola a thabhairt suas a fháil—

(*a*) déanfaidh an Ghníomhaireacht an tsaoráid ina seoltar an ghníomhaíocht lena mbaineann an ceadúnas ("an tsaoráid iomchuí") a iniúchadh, agus

(*b*) féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar shealbhóir an cheadúnais cibé faisnéis nó fianaise bhreise a shonróidh sí a thabhairt di.

(4) Chun críche *fho-alt (3)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht, trí fhógra i scríbhinn a sheirbheálfar ar an duine, a cheangal ar dhuine a mbeidh iarratas déanta aige nó aici chuici faoi *fho-alt (2)*, cibé faireachán, sampláil agus imscrúduithe, de bhreis orthu sin a cheanglófar faoi choinníoll a bheidh curtha ag gabháil leis an gceadúnas dramhaíola lena mbaineann, a mheasfaidh an Ghníomhaireacht is gá agus a shonróidh sí amhlaidh, a sheoladh, nó a shocrú go seolfar iad, ar cibé modh a bheidh sonraithe san fhógra, agus measfar gur coinníoll a ghabhann leis an gceadúnas sin aon cheanglas arna dhéanamh amhlaidh.

(5) I gcás go mbeartóidh an Ghníomhaireacht glacadh le tabhairt suas ceadúnais dramhaíola, rachaidh sí i gcomhairle le cibé daoine de réir cibé nósanna imeachta a bheidh forordaithe.

(6) Ag féachaint d'aon fhaisnéis nó fianaise a thabharfar di faoi *mhír (b) d'fho-alt (3)* agus do thorthaí aon iniúchta faoi *mhír (a)* den fho-alt sin agus aon fhaireacháin, samplála nó imscrúdaithe a cheanglaítear a sheoladh faoi *fho-alt (4)*, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnacht ar bhail na saoráide iomchuí, a mhéid gur de thoradh ar úsáid na saoráide chun dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt (cibé acu is de réir an cheadúnais dramhaíola lena mbaineann a seoladh nó nach ea) a tharla an bhail sin agus ar an éifeacht is dócha a bheadh ar aon mheán comhshaoil ag aon astuithe ón tsaoráid iomchuí a tharlóidh.

(7) Más deimhin leis an nGníomhaireacht go bhfuil an tsaoráid lena mbaineann i mbail nach bhfuil, nó nach dócha go mbeidh sí, ina cúis le truailliú comhshaoil, glacfaidh sí le tabhairt suas an cheadúnais dramhaíola, ach mura deimhin diúltóidh sí glacadh le tabhairt suas an cheadúnais.

(8) Déanfar cinneadh ón nGníomhaireacht faoi *fho-alt (7)* a chur in iúl—

(*a*) don iarratasóir lena mbaineann,

(*b*) don údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a seoladh an ghníomhaíocht is ábhar don cheadúnas dramhaíola, agus

(*c*) d'aon duine lena mbaineann lena ndeachaigh sí i gcomhairle faoi *fho-alt (5)*,

trí fhógra i scríbhinn, a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh agus i gcás gur cinneadh lena nglacfar le tabhairt suas

ceadúnais dramhaíola an cinneadh, scoirfidh an ceadúnas sin d'éifeacht a bheith leis ar an bhfógra sin a sheirbheáil.

(9) Maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas dramhaíola a thabhairt suas faoin alt seo nó go scoirfear den ghníomhaíocht lena mbaineann ceadúnas dramhaíola, ní dhéanfaidh sé difear ar aon slí do cibé coinníollacha, ceanglais nó oibleagáidí, a bhaineann le sealbhóir an cheadúnais sin nó a thiteann air nó uirthi, agus a bheidh sonraithe sa cheadúnas nó a eascróidh faoin gceadúnas, ná ní dhéanfaidh sé iad a laghdú.

Teorainn le ré ceadúnas dramhaíola.

49.—(1) I gcás nach mbeidh an ghníomhaíocht lena mbaineann ceadúnas dramhaíola tosaithe go substaintiúil laistigh den tréimhse 3 bliana dar tosach an dáta ar ar deonaíodh an ceadúnas nó, de réir mar is cuí, an tréimhse dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (2)*, ansin scoirfidh an ceadúnas sin d'éifeacht a bheith leis ar dhul in éag don tréimhse sin.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ag féachaint do chineál na gníomhaíochta lena mbainfidh nó lena mbaineann ceadúnas dramhaíola a dheonóidh sí nó a dheonaigh sí, de réir mar a bheidh, agus d'aon socruithe is gá a dhéanamh nó a bheidh déanta i dtaca le seoladh na gníomhaíochta agus aon chúinse iomchuí eile—

(*a*) tréimhse is faide ná trí bliana dar tosach an dáta a mbeidh an ceadúnas le deonú a shonrú chun críocha *fho-alt (1)*,

(*b*) i gcás ceadúnas dramhaíola arna dheonú aici, ar iarratas lena gcomhlíontar cibé ceanglais (más ann) a bheidh forordaithe a bheith déanta ag sealbhóir an cheadúnais chuige sin, an tréimhse dá dtagraítear san fho-alt sin nó a bheidh sonraithe aici faoi *mhír (a)*, de réir mar is cuí, a fhadú chun críocha *fho-alt (1)*.

Táillí.

50.—(1) Déanfaidh an tAire rialacháin lena ndéanfar foráil go n-íocfar le húdarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht, de réir mar is cuí, táille de mhéid sonraithe i leith na nithe seo a leanas—

(*a*) iarratas arna dhéanamh chuig an údarás áitiúil ar chead bailiúcháin dramhaíola a dheonú faoi *alt 34*,

(*b*) iarratas arna dhéanamh chuig an nGníomhaireacht ar na nithe seo a leanas—

(i) ceadúnas dramhaíola a dheonú faoi *alt 40*;

(ii) ceadúnas den sórt sin a athbhreithniú faoi *alt 46*;

(iii) ceadúnas den sórt sin a aistriú faoi *alt 47*;

(iv) ceadúnas den sórt sin a thabhairt suas faoi *alt 48*; agus

(v) tréimhse a luaitear san alt sin a fhadú chun críocha *alt 49*,

(*c*) agóid arna déanamh chuig an nGníomhaireacht faoi *alt 42 (3)* nó iarraidh ar éisteacht ó bhéal i ndáil le hagóid den sórt sin arna déanamh chuici faoi *alt 42 (9)*,

agus féadfar foráil a dhéanamh sna rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(I) táillí de mhéideanna éagsúla a íoc maidir le haicmí éagsúla iarratas den sórt sin nó nithe eile mar a dúradh,

(II) díolúine ó aon táille den sórt sin a íoc i cibé imthosca a bheidh sonraithe,

(III) aon táille den sórt sin a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc (go hiomlán nó go páirteach) i cibé imthosca a bheidh sonraithe, agus

(IV) an modh ar a bhféadfar na táillí sin a dhiúscairt.

(2) I gcás, de bhun rialachán faoin alt seo, go mbeidh táille iníoctha le húdarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht i leith iarratais nó iarrata a dhéanfar chuige nó chuici, ní dhéanfaidh an t-údarás áitiúil ná an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, an t-iarratas nó an iarraidh a bhreithniú nó a chinneadh go dtí go bhfaighfear an táille sin.

Slodaí agus dramhaíl talmhaíochta a aisghabháil.

51.—(1) Beidh feidhm ag forálacha an ailt seo d'ainneoin fhorálacha aon fhodhlí arna dhéanamh faoi alt 21 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, ní bheidh gá le ceadúnas dramhaíola faoi *alt 39* chun—

(i) sloda a aisghabháil ó shaoráid a bheidh á hoibriú ag údarás áitiúil chun uisce nó dramhuisce a chóireáil,

(ii) fuil de bhunadh ainmhíoch nó éanlaithe a aisghabháil,

(iii) ábhar feartha de bhunadh ainmhíoch nó éanlaithe i bhfoirm aoiligh nó sciodair a aisghabháil, nó

(iv) cibé dramhaíl talmhaíochta nádúrtha a bheidh forordaithe a aisghabháil,

(*b*) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena leasófar *mír (a)* trí aon aicme nó aicmí sonraithe dramhaíola nó gníomhaíochta aisghabhála dramhaíola a chur leis an bhforáil sin nó a scriosadh as.

folaíonn "aisghabháil", chun críocha an ailt seo, instealladh dramhaíola isteach i dtalamh ar mhaithe le haon ghníomhaíocht talmhaíochta nó foraoiseolaíochta a sheoladh nó le córas éiceolaíoch.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar aisghabháil aon dramhaíola lena mbaineann *fo-alt (2)* (dá ngairtear "dramhaíl iomchuí" ina dhiaidh seo san alt seo), a thoirmeasc, nó a theorannú nó a rialú ar mhodh sonraithe agus go feadh méid shonraithe.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, féadfar le rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh i ndáil le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(*a*) ceanglas nach ndéanfar aisghabháil dramhaíola iomchuí a sheoladh gan toiliú a fháil roimh ré i scríbhinn ón údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a bheidh an ghníomhaíocht aisghabhála bheartaithe ar siúl, agus a chumasú don údarás áitiúil sin cibé coinníollacha is cuí leis a chur ag gabháil le toiliú den sórt sin,

(*b*) an ráta ar dá réir a fhéadfar dramhaíl iomchuí a leathadh ar thalamh nó a instealladh isteach i dtalamh,

(*c*) na nithe seo a leanas a shonrú—

(i) teorainneacha i leith comhábhar dramhaíola iomchuí nó i leith thiúchan na n-ábhar sin i dtalamh ar a ndéanfar dramhaíl iomchuí a aisghabháil, agus

(ii) uasmhéideanna bliantúla na gcomhábhar dramhaíola iomchuí a fhéadfar a aisghabháil ar thalamh,

(*d*) cóireáil, sampláil agus anailísiú, ar mhodh sonraithe, a dhéanamh ar dhramhaíl iomchuí, agus faireachán, sampláil agus anailísiú, ar mhodh sonraithe, a dhéanamh ar thalamh ar a ndéanfar dramhaíl den sórt sin a aisghabháil,

(*e*) srian a chur le húsáid talún ar a ndéanfar nó ina ndéanfar dramhaíl iomchuí a aisghabháil,

(*f*) (i) duine do choimeád taifead ina mbeidh sonraí sonraithe maidir leis na nithe seo a leanas—

(I) dramhaíl iomchuí a tháirgeadh, a chóireáil, a aisghabháil, nó a aistriú chuig duine eile,

(II) faireachán, sampláil agus anailísiú a dhéanamh ar dhramhaíl iomchuí nó ar thalamh ar a ndéantar dramhaíl den sórt sin a aisghabháil,

(ii) sonraí mar a dúradh a thaifeadadh i gclár a cheanglaítear ar údarás áitiúil a bhunú agus a chothabháil chun na críche,

(iii) faisnéis shonraithe a thabhairt d'údarás áitiúil nó d'aon duine sonraithe eile i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*,

(*g*) údarás áitiúil do thabhairt cibé faisnéise maidir le dramhaíl dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)(i)* don Ghníomhaireacht, ar cibé modh agus ag cibé tráthanna, de réir mar a cheanglóidh an Ghníomhaireacht, agus an Ghníomhaireacht d'ullmhú agus d'fhoilsiú na nithe seo a leanas—

(i) tuarascáil, faoi dháta sonraithe, maidir leis an dramhaíl sin a aisghabháil agus a dhiúscairt,

(ii) tuarascálacha breise, i gceann eatramh sonraithe tar éis an dáta sin, maidir leis an aisghabháil agus an diúscairt sin,

(*h*) ordacháin nó treoir a eisiúint chuig údaráis áitiúla maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi rialacháin faoin alt seo,

(*i*) a cheangal go gcomhlíonfaidh daoine sonraithe cóid chleachtais shonraithe maidir le haon ghníomhaíocht aisghabhála a sheoladh i leith dramhaíola iomchuí,

(*j*) aon nithe a leanfaidh as na nithe sin roimhe seo nó a ghabhann leo.

(5) Aon duine a sháróidh foráil de rialacháin faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(6) Chun críche an ailt seo, seachas *fo-alt (4)(a)*, folaíonn "údarás áitiúil" bardas buirge d'aon chineál agus comhairle ceantair uirbigh.

Scardadh chuig séaraigh.

52.—Beidh feidhm ag alt 97 d'Acht 1992 i ndáil le ceadúnas dramhaíola a dheonú faoin gCuid seo amhail is dá mba thagairt do cheadúnas dramhaíola faoin gCuid seo aon tagairt san alt sin do cheadúnas nó do cheadúnas athmheasta.

Forálacha airgeadais maidir le haisghabháil agus diúscairt dramhaíola.

53.—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, sula ndéanfaidh sí aon cheann de na nithe seo a leanas, eadhon—

(*a*) a chinneadh an ndéanfaidh sí—

(i) ceadúnas dramhaíola a dheonú,

(ii) ceadúnas den sórt sin a aistriú,

(*b*) athbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola a sheoladh,

a cheangal ar an iarratasóir ar an gceadúnas, nó ar shealbhóir an cheadúnais, nó ar an aistrí beartaithe, de réir mar a bheidh—

(i) cibé sonraí a thabhairt di i leith cibé nithe a dhéanann difear dá chumas nó dá cumas freastal do na freagrachtaí nó dliteanais airgeadais is dóigh leis an nGníomhaireacht le réasún a dhéanfaidh nó a thabhóidh sé nó sí le linn an ghníomhaíocht lena mbaineann nó lena mbainfidh an ceadúnas, de réir mar a bheidh, a sheoladh de réir théarmaí an cheadúnais nó de dhroim é nó í do scor den ghníomhaíocht sin a sheoladh de réir mar a shonróidh sí, agus

(ii) cibé soláthar airgeadais a dhéanamh, agus fianaise a thabhairt go ndearna sé nó sí amhlaidh, a shonróidh sí (agus féadfaidh dul faoi bhanna nó urrús de chineál eile a bheith san áireamh) is leor, i dtuairim na Gníomhaireachta, chun na freagrachtaí nó dliteanais airgeadais sin a ghlanadh.

(2) Maidir le duine a dhéanfaidh, de bhun ceanglais a chuirfear air nó uirthi faoi *fho-alt (1)*, aon sonraí nó fianaise a thabhairt don Ghníomhaireacht is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, féadfar, le rialacháin faoin alt seo, na nithe seo a leanas a shonrú faoi threoir an chineáil gníomhaíochta lena mbaineann nó lena mbainfidh an ceadúnas dramhaíola lena mbaineann—

(*a*) cineál an tsoláthair airgeadais a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar dhuine a dhéanamh faoi *fho-alt (1)(ii)*,

(*b*) na nithe nach foláir don Ghníomhaireacht aird a thabhairt orthu le linn méid an tsoláthair airgeadais a cheanglóidh sí ar dhuine a dhéanamh faoi *fho-alt (1)(ii)* a chinneadh.

Feidhm Acht 1963 agus rialacháin ghaolmhara.

54.—(1) I gcás go ndeonófar ceadúnas dramhaíola faoin Acht seo i ndáil le gníomhaíocht, agus go mbeidh cead deonaithe faoi Chuid IV d'Acht 1963 i leith forbartha arb éard í an ghníomhaíocht sin nó ar chun críocha na gníomhaíochta sin í, scoirfidh aon choinníollacha a ghabhann leis an gcead sin d'éifeacht a bheith leo, a mhéid is chun truailliú comhshaoil a chosc, a theorannú, a mhaolú, a laghdú, nó deireadh a chur leis, iad.

(2) Má thugtar cead faoi Chuid IV d'Acht 1963 i ndáil le haon fhorbairt arb éard í gníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha dramhaíola nó ar chun críocha na gníomhaíochta sin í, ní dhéanfaidh sé sin aon dochar ná difear ar bhealach ar bith d'fheidhm, ná srian a chur le feidhm, aon fhorála den Acht seo maidir le gníomhaíocht den sórt sin.

(3) D'ainneoin alt 26 d'Acht 1963 nó aon fhorála eile de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1993, i gcás gur deonaíodh ceadúnas dramhaíola nó go bhfuil nó go mbeidh gá leis an gcéanna i ndáil le gníomhaíocht, ní dhéanfaidh údarás pleanála ná an Bord Pleanála, i leith aon fhorbartha arb éard í an ghníomhaíocht nó ar chun críocha na gníomhaíochta í—

(*a*) cinneadh a dhéanamh diúltú cead nó ceadú a dheonú faoi Chuid IV d'Acht 1963 de bhíthin go mbeadh an fhorbairt ina cúis le truailliú comhshaoil, nó

(*b*) cinneadh a dhéanamh cead den sórt sin a dheonú faoi réir coinníollacha atá ann chun truailliú comhshaoil ón ngníomhaíocht a chosc, a theorannú, a mhaolú, a laghdú nó deireadh a chur leis,

agus, dá réir sin—

(i) ní dhéanfaidh údarás pleanála breithniú, agus é ag déileáil le hiarratas ar chead nó ar cheadú d'aon fhorbairt den sórt sin, ar aon nithe a bhaineann leis an bpriacal truaillithe comhshaoil ón ngníomhaíocht;

(ii) ní dhéanfaidh an Bord Pleanála breithniú ar aon achomharc a dhéanfar chuige in aghaidh cinnidh ó údarás pleanála i leith iarratais den sórt sin, ná ar aon aighneachtaí nó tuairimí a chuirfear faoina bhráid i ndáil le haon achomharc den sórt sin, a mhéid a bhaineann an t-achomharc, nó na haighneachtaí nó na tuairimí, de réir mar a bheidh, leis an bpriacal truaillithe comhshaoil ón ngníomhaíocht.

(4) I gcás go mbeidh cead faoi Chuid IV d'Acht 1963 deonaithe nó go mbeidh iarratas déanta ar chead den sórt sin i ndáil le haon fhorbairt arb éard í gníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha dramhaíola nó ar chun críocha na gníomhaíochta sin í, ar gá ceadúnas dramhaíola a dheonú chun í a sheoladh—

(*a*) rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis an údarás pleanála ar ina limistéar feidhme a sheoltar nó a sheolfar an ghníomhaíocht i ndáil le haon fhorbairt—

(i) is gá chun éifeacht a thabhairt d'aon choinníollacha a chuirfear ag gabháil le ceadúnas dramhaíola i leith na gníomhaíochta, agus

(ii) ar dóigh leis an nGníomhaireacht nach ábhar í do chead nó d'iarratas ar chead faoi Chuid IV d'Acht 1963, agus

(*b*) féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé coinníollacha a chur ag gabháil leis an gceadúnas dramhaíola, is coinníollacha a bhaineann leis an bhforbairt réamhráite, a shonróidh an t-údarás pleanála sin chun críocha phleanáil agus fhorbairt chuí a limistéir feidhme, nó coinníollacha is déine a mheasfaidh an Ghníomhaireacht a bheith riachtanach chun truailliú comhshaoil ón ngníomhaíocht a chosc, a theorannú, a mhaolú, a laghdú nó deireadh a chur leis.

(5) Aon oibreacha arb éard iad forbairt dá dtagraítear i *bhfo-alt (4) (a)* a dhéanamh agus gabhdáin bhailiúcháin dramhaíola a sholáthar de réir rialachán faoi *alt 29 (4) (o)* nó aon oibreacha atá teagmhasach leis an gcéanna, is forbairt dhíolmhaithe a bheidh i ngach ceann díobh de réir bhrí, agus chun críocha, na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1993, agus ní dhéanfaidh coinníoll a bheidh ag gabháil le cead arna dheonú faoi Chuid IV d'Acht 1963 dochar ná difear ar bhealach ar bith do sholáthar gabhdán bailiúcháin dramhaíola mar a dúradh ná srian a chur leis an gcéanna.

(6) Forléireofar tagairtí in ailt 25, 26 agus 41 d'Acht 1963 do ghníomhaíocht ar gá ceadúnas faoi Chuid IV d'Acht 1992 i ndáil léi mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do ghníomhaíocht ar gá ceadúnas dramhaíola i ndáil léi faoin Acht seo.

(7) (*a*) I gcás go mbeartóidh údarás áitiúil forbairt a dhéanamh nó go mbeartaítear forbairt a dhéanamh thar ceann údaráis áitiúil ina limistéar feidhme, is forbairt arb éard í gníomhaíocht aisghabhála nó diúscartha dramhaíola nó is forbairt chun críocha gníomhaíochta aisghabhála nó diúscartha dramhaíola, ar gá don Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a dheonú don údarás áitiúil ina leith, féadfaidh an tAire le hordú díolúine a dheonú (más deimhin leis nó léi gur gá an díolúine sin a dheonú mar gheall ar imthosca eisceachtúla) i leith na forbartha sin ó cheanglas de chuid rialachán faoi *alt 45* ráiteas tionchair timpeallachta a thabhairt.

(*b*) Comhlíonfaidh an tAire forálacha Airteagal 2 (3) de Threoir 85/337/CEE an 27 Meitheamh, 1985, ón gComhairle le linn dó nó di ordú faoin bhfo-alt seo a dhéanamh.

(*c*) Gan dochar do *mhír (b)*, sonróidh an tAire, i gcás go measfaidh sé nó sí gur gá déanamh amhlaidh chun críocha mhír 3(*a*) d'Airteagal 2 den Treoir réamhráite, in ordú faoin bhfo-alt seo, ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag an údarás áitiúil lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, ag an duine a bheartaíonn an fhorbairt a dhéanamh thar a cheann i ndáil leis na nithe a shonraítear sa mhír sin.

(*d*) Cuirfidh an tAire faoi deara ordú faoin bhfo-alt seo a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

(*e*) Maidir leis an tagairt san fho-alt seo do limistéar feidhme údaráis áitiúil, is tagairt í do limistéar feidhme an údaráis ina cháil mar údarás pleanála.

(8) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh ina sonrófar an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar iarratas ar cheadúnas dramhaíola i gcoibhneas le hiarratas ar chead faoi Chuid IV d'Acht 1963.

CUID VI

Forálacha Ginearálta Maidir le Caomhnú Comhshaoil

Cumhacht údaráis áitiúil a cheangal bearta a dhéanamh i ndáil le dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt.

55.—(1) (*a*) I gcás gur dealraitheach d'údarás áitiúil, maidir lena limistéar feidhme, gur gá déanamh amhlaidh chun truailliú comhshaoil arb é sealbhú, aisghabháil nó diúscairt dramhaíola is cúis leis nó gur dócha gurb é ba chúis leis, a chosc nó a theorannú, féadfaidh an t-údarás áitiúil fógra a sheirbheáil faoin alt seo ar dhuine a bhfuil nó a raibh an dramhaíl á sealbhú, á haisghabháil nó á diúscairt, de réir mar a bheidh, aige nó aici.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* maidir le haisghabháil nó diúscairt dramhaíola a sheolfar de réir ceadúnais dramhaíola, nó de réir ceadúnais nó ceadúnais athmheasta arna dheonú faoi Chuid IV d'Acht 1992.

(2) Féadfar na nithe seo a leanas a cheangal le fógra faoin alt seo—

(*a*) bearta sonraithe a dhéanamh a mheasfaidh an t-údarás áitiúil a bheith riachtanach d'fhonn an truailliú comhshaoil lena mbaineann a chosc nó a theorannú nó d'fhonn atarlú an chéanna a chosc,

(*b*) go scoirfear den sealbhú, den aisghabháil nó den diúscairt lena mbaineann,

(*c*) aon éifeachtaí a bheidh ag aon ghníomhaíocht réamhráite a mhaolú nó a leigheas ar mhodh sonraithe,

laistigh de thréimhse shonraithe (nach giorra ná 14 lá dar tosach dáta seirbheála an fhógra).

(3) Maidir le fógra faoin alt seo—

(*a*) féadfar é a sheirbheáil cibé acu a bhí nó nach raibh ionchúiseamh ann mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann;

(*b*) ní dhéanfaidh sé dochar do thionscnamh ionchúisimh mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann.

(4) Féadfaidh duine ar ar seirbheáladh fógra faoin alt seo uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an údarás áitiúil lena mbaineann maidir le téarmaí an fhógra laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra chun na críche, agus féadfaidh an t-údarás áitiúil, tar éis aon uiríll den sórt sin a bhreithniú, téarmaí an fhógra a leasú nó féadfaidh sé an fógra a dhaingniú nó a chúlghairm, agus cuirfidh sé an leasú, an daingniú nó an chúlghairm sin in iúl don duine.

(5) Déanfaidh duine ar ar seirbheáladh fógra faoin alt seo téarmaí an fhógra a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ann.

(6) Mura ndéanfaidh duine ar ar seirbheáladh fógra faoin alt seo téarmaí an fhógra a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ann, féadfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann cibé bearta a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith réasúnach agus riachtanach chun a áirithiú go ndéanfar de réir an fhógra, agus féadfaidh sé aon chaiteachas a thabhóidh sé amhlaidh a ghnóthú ón duine sin mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(7) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfar a cheangal le fógra faoin alt seo—

(*a*) go n-aistreofar dramhaíl chuig aon suíomh nó suímh,

(*b*) go ndiúscrófar dramhaíl ar mhodh sonraithe nó i saoráid shonraithe,

(*c*) go ndéanfar bearta chun cosc a chur le leanúnachas na gníomhaíochta lena mbaineann an fógra,

(*d*) go ndéanfar tailte nó uiscí a ndearnadh difear dóibh a chóireáil d'fhonn éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbaineann a mhaolú nó a leigheas,

(*e*) go ndéanfar cibé beart eile is gá chun gníomhú i gcoinne aon phriacal truaillithe comhshaoil a eascróidh ón ngníomhaíocht lena mbaineann,

(8) Aon duine a mhainneoidh déanamh dé réir fógra faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(9) Ach amháin i gcás nach gceadaítear forléiriú den sórt sin sa chomhthéacs, déanfar tagairtí san alt seo d'fhógra faoin alt seo a fhorléiriú, más rud é gur leasaíodh an fógra faoi *fho-alt (4)*, mar thagairtí don fhógra arna leasú amhlaidh.

Cumhachtaí údaráis áitiúil bearta a dhéanamh chun truailliú comhshaoil ar dramhaíl is cúis leis, a chosc nó a theorannú.

56.—(1) I gcás gur dealraitheach d'údarás áitiúil gur gá bearta a dhéanamh chun truailliú comhshaoil ina limistéar feidhme arb é sealbhú, aisghabháil nó diúscairt dramhaíola is cúis leis nó gur dócha gurb é ba chúis leis, a chosc nó a theorannú, féadfaidh an t-údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh, cibé oibríochtaí a sheoladh, an dramhaíl sin a aisghabháil nó a dhiúscairt, nó socrú a dhéanamh chun í a aisghabháil nó a dhiúscairt nó cibé cúnamh a thabhairt is dóigh leis is gá chun an truailliú sin a chosc nó a theorannú nó chun éifeachtaí aon ghníomhaíochta den sórt sin ar an gcomhshaol a mhaolú nó a leigheas.

(2) I gcás go ndéanfaidh údarás áitiúil bearta, oibríochtaí a sheoladh, dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, nó socrú a dhéanamh chun dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, nó cúnamh a thabhairt faoin alt seo, féadfaidh an t-údarás áitiúil costais na mbeart, na n-oibríochtaí, na haisghabhála, na diúscartha nó an chúnaimh sin a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ó cibé duine a ndeimhneoidh an t-údarás áitiúil don chúirt gur duine é nó í arb é a ghníomh nó a gníomh nó a neamhghníomh ba chúis le gá a bheith leis na bearta, leis na hoibríochtaí, leis an aisghabháil, leis an diúscairt nó leis an gcúnamh sin.

(3) Ní dochar aon ní san Acht seo ná in aon ionstraim arna déanamh faoi nó faoi aon achtachán eile d'údarás áitiúil do dhéanamh na bearta is gá de bhun na gcumhachtaí faoin alt seo.

Cumhacht na hArd-Chúirte i ndáil le dramhaíl a shealbhú, a aisghabháil nó a dhiúscairt.

57.—(1) Más rud é, ar iarratas ó aon duine chun na hArd-Chúirte, gur deimhin leis an gCúirt sin go bhfuil dramhaíl á sealbhú, á haisghabháil nó á diúscairt ar mhodh is cúis le truailliú comhshaoil, nó ar dóigh dó a bheith ina chúis le truailliú comhshaoil, féadfaidh sí, le hordú—

(*a*) a cheangal ar an duine atá ag sealbhú, ag aisghabháil nó ag diúscairt na dramhaíola sin bearta sonraithe a dhéanamh chun an truailliú sin a chosc nó a theorannú, nó chun atarlú an truaillithe sin a chosc, laistigh de thréimhse shonraithe,

(*b*) a cheangal ar an duine atá ag sealbhú, ag aisghabháil nó ag diúscairt na dramhaíola sin, staonadh ó aon ghníomh sonraithe a dhéanamh nó éirí as é a dhéanamh, nó staonadh ó aon neamhghníomh sonraithe a dhéanamh nó éirí as é a dhéanamh,

(*c*) cibé foráil eile a dhéanamh is cuí leis an gCúirt, lena n-áirítear foráil i ndáil le costais a íoc.

(2) Is trí fhoriarratas a dhéanfar iarratas ar ordú faoin alt seo, agus féadfaidh an Ard-Chúirt, nuair a bheidh an t-ábhar á bhreithniú aici, cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is cuí léi.

(3) Féadfar iarratas ar ordú faoin alt seo a dhéanamh cibé acu a bhí nó nach raibh ionchúiseamh ann mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann agus ní dochar é do thionscnamh ionchúisimh mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann.

(4) Gan dochar do chumhachtaí na hArd-Chúirte ordú faoin alt seo a fhorfheidhmiú, beidh duine a mhainneoidh ordú faoin alt seo a chomhlíonadh ciontach i gcion.

Leigheasanna mar gheall ar shealbhú, aisghabháil nó diúscairt neamhúdaraithe dramhaíola.

58.—(1) (*a*) Más rud é, ar iarratas ó aon duine chuig an gcúirt iomchuí, gur deimhin leis an gcúirt sin go bhfuil duine eile ag sealbhú, ag aisghabháil nó ag diúscairt dramhaíola, nó gur shealbhaigh, gur aisghabh nó gur dhiúscair duine eile dramhaíl, ar mhodh is cúis nó ba chúis le truailliú comhshaoil, féadfaidh an chúirt sin ordú a dhéanamh á cheangal ar an duine eile sin ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh, is é sin le rá:

(i) scor den sealbhú, den aisghabháil nó den diúscairt dramhaíola sin laistigh de thréimhse shonraithe, nó

(ii) aon iarmhairtí ón sealbhú, ón aisghabháil nó ón diúscairt dramhaíola sin a mhaolú nó a leigheas ar mhodh sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe.

(*b*) San fho-alt seo, ciallaíonn "cúirt chuí", i ndáil le hiarratas faoi *mhír (a)*—

(i) i gcás nach mó ná £5,000 an costas measta a ghabhann le comhlíonadh an ordaithe lena mbaineann an t-iarratas, an Chúirt Dúiche,

(ii) i gcás nach mó ná £30,000 an costas measta sin a dúradh, an Chúirt Chuarda, agus

(iii) in aon chás, an Ard-Chúirt.

(*c*) (i) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoin alt seo chuig an gCúirt Dúiche, go dtiocfaidh an chúirt sin, le linn an t-iarratas a éisteacht, ar an tuairim go rachaidh an costas measta sin a dúradh thar £5,000, féadfaidh sí, más cuí léi déanamh amhlaidh, an t-iarratas a aistriú chuig an gCúirt Chuarda nó chuig an Ard-Chúirt, cibé cúirt acu is dóigh léi is cuí ag féachaint don chostas measta sin a dúradh.

(ii) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoin alt seo chuig an gCúirt Chuarda, go dtiocfaidh an chúirt sin, le linn an t-iarratas a éisteacht, ar an tuairim go rachaidh an costas measta sin a dúradh thar £30,000, féadfaidh sí, más cuí léi déanamh amhlaidh, an t-iarratas a aistriú chuig an Ard-Chúirt.

(iii) Ní dochar an mhír seo do dhlínse cúirte (arb í an Chúirt Dúiche nó an Chúirt Chuarda í) chun iarratas a chinneadh faoin alt seo ar iarratas é arbh í an chúirt chuí í i ndáil leis an tráth a rinneadh an t-iarratas.

(2) (*a*) Tionscnófar iarratas ar ordú faoin alt seo ar mhodh achomair agus féadfaidh an chúirt, nuair a bheidh an ní á bhreithniú aici, cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is dóigh léi is cuí.

(*b*) I gcás go n-aistreofar iarratas faoi *mhír (c) d'fho-alt (1)*, measfar gurbh í an chúirt chuig a n-aistrítear é a rinne aon ordú a bheidh déanta faoin bhfo-alt sin ag an gcúirt óna n-aistrítear amhlaidh é sna himeachtaí i ndáil leis an iarratas.

(3) (*a*) Ní dhéanfaidh cúirt ordú faoin alt seo gan deis a thabhairt don duine atá ainmnithe san ordú éisteacht a fháil sa chúirt sna himeachtaí a bhaineann leis an iarratas ar an ordú.

(*b*) Féadfaidh an chúirt lena mbaineann cibé ordú a dhéanamh maidir le costais na bpáirtithe, nó na ndaoine a fhaigheann éisteacht sa chúirt, in imeachtaí maidir le hiarratas ar ordú faoin alt seo, de réir mar is cuí léi.

(4) (*a*) I gcás nach gcomhlíonfaidh duine ordú faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh údarás áitiúil, i leith a limistéir feidhme, nó an Ghníomhaireacht, aon bhearta a dhéanamh a bheidh sonraithe san ordú chun aon éifeachtaí ón ngníomhaíocht lena mbaineann a mhaolú nó a leigheas.

(*b*) Beidh méid aon chaiteachais a thabhóidh údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, i ndáil le bearta arna ndéanamh aige nó aici faoi *mhír* (*a*), ina fhiach conartha shimplí a bheidh dlite don údarás nó don Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, den duine ar ina leith a rinneadh an t-ordú faoi *fho-alt (1)* agus féadfaidh an t-údarás nó an Ghníomhaireacht é a ghnóthú ón duine mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(5) (*a*) Is chuig an mbreitheamh den Chúirt Dúiche don dúiche Chúirte Dúiche ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht lena mbaineann a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* chuig an gCúirt Dúiche.

(*b*) Is chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht lena mbaineann a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* chuig an gCúirt Chuarda.

(6) Féadfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh cibé acu a bhí nó nach raibh ionchúiseamh ann mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann agus ní dochar é do thionscnamh ionchúisimh mar gheall ar chion faoin Acht seo i ndáil leis an ngníomhaíocht lena mbaineann.

(7) Gan dochar d'aon chumhachtaí de chuid na cúirte lena mbaineann chun ordú faoi *fho-alt (1)* a fhorfheidhmiú, beidh duine a mhainneoidh ordú faoin bhfo-alt sin a chomhlíonadh ciontach i gcion.

Feidhmeanna údarás áitiúil maidir le dramhaíl.

59.—(1) Beidh gach údarás áitiúil, ach amháin i gcás áirithe ina bhforáiltear a mhalairt le foráil den Acht seo, freagrach as sealbhú, aisghabháil agus diúscairt dramhaíola ina limistéar feidhme a mhaoirsiú agus as forálacha iomchuí an Achta seo a fhorfheidhmiú i ndáil leis an gcéanna.

(2) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (1)* mar ní a dhéanann dochar do cheart na Gníomhaireachta nó aon duine eile aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a thugtar don Ghníomhaireacht nó dó nó di le haon fhoráil den Acht seo nó faoi aon fhoráil den Acht seo.

CUID VII

Ilghnéitheach

Ordacháin bheartais ón Aire i ndáil le ceadúnú dramhaíola, aistriú dramhaíola agus nithe eile.

60.—(1) Féadfaidh an tAire, aon uair is cuí leis nó léi, ordacháin ghinearálta i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht nó do gach údarás áitiúil maidir le beartas i ndáil leis na nithe seo a leanas, de réir mar is cuí—

(*a*) an plean bainistithe dramhaíola guaisí nó plean bainistithe dramhaíola a dhéanamh nó a athbhreithniú,

(*b*) bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aisghabhála nó diúscartha dramhaíola a sheoltar ar shlí seachas faoi cheadúnas dramhaíola,

(*c*) ceadúnais dramhaíola a dheonú,

(*d*) comhlíonadh a feidhmeanna nó a fheidhmeanna faoin Acht seo maidir le haistrithe dramhaíola ag an nGníomhaireacht nó ag údarás áitiúil,

(*e*) nithe a bhaineann le nithe réamhráite.

(2) Le linn a feidhmeanna nó a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, déanfaidh an Ghníomhaireacht nó gach údarás áitiúil lena mbaineann, de réir mar a bheidh, aird a thabhairt ar aon ordacháin a thabharfaidh an tAire di nó dó faoin alt seo.

(3) Ach amháin maidir leis na nithe dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin, ní fhorléireofar *fo-alt (1)* mar ní a chuirfidh ar chumas an Aire aon chumhacht nó rialú a fheidhmiú i ndáil le comhlíonadh feidhme a thugtar don Ghníomhaireacht nó d'údarás áitiúil leis an Acht seo nó faoin Acht seo ag an nGníomhaireacht nó ag údarás áitiúil in imthosca áirithe.

(4) Aon uair a thabharfaidh an tAire ordachán faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí—

(*a*) a luaithe is féidir, a chur faoi deara cóip den ordachán a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas;

(*b*) a chur faoi deara cóip den ordachán a tharchur chuig an nGníomhaireacht nó chuig gach údarás áitiúil lena mbaineann, de réir mar a bheidh;

(*c*) a chur faoi deara fógra a fhoilsiú san Iris Oifigiúil faoin ordachán a thabhairt.

(5) Sonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (4)(c)* cén áit a bhféadfar cóip den ordachán lena mbaineann sé a fháil agus an táille (más ann) is iníoctha i leith cóip den sórt sin (ar táille í a gcumhachtaítear don Aire leis seo í a mhuirearú).

Feithiclí agus trealamh áirithe a choinneáil agus a fhorghéilleadh.

61.—(1) (*a*) I gcás go dtionscnófar imeachtaí i leith ciona faoi *alt 36*, *39* nó *51* agus go mbeidh na himeachtaí sin le hionchúiseamh ar díotáil, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche don dúiche Chúirte Dúiche chuí, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici ag an údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a líomhnaítear go ndearnadh an cion nó ag an nGníomhaireacht, ordú a dhéanamh á cheangal ar an gcosantóir sna himeachtaí sin dul faoi bhanna a bheidh ar cóimhéid leis an luach a measfaidh an breitheamh gurb é luach aon fheithicle nó trealaimh atá ar úinéireacht ag an gcosantóir agus a líomhnaíonn an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht gur úsáideadh é nó í le linn an cion a dhéanamh.

(*b*) San fho-alt seo, ciallaíonn "dúiche Chúirte Dúiche chuí" an dúiche Chúirte Dúiche a líomhnaítear gurb inti a rinneadh an cion lena mbaineann nó ina bhfuil cónaí ar an gcosantóir lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí gnó.

(2) Má mhainníonn cosantóir ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh an breitheamh (gan dochar d'aon mhodh eile chun an t-ordú a fhorfheidhmiú) ordú a dhéanamh á údarú don údarás áitiúil lena mbaineann nó don Ghníomhaireacht aon fheithicil nó trealamh ar ina leith a rinneadh an t-ordú céadluaite a choinneáil go dtí go gcinnfear na himeachtaí i leith an chiona lena mbaineann.

(3) Má chiontaítear duine ar díotáil i gcion faoi *alt 36*, *39* nó *51*, féadfaidh an chúirt a gciontófar an duine os a comhair a ordú go ndéanfar aon fheithicil nó trealamh, atá ar úinéireacht ag an gcosantóir agus a úsáideadh le linn an cion a dhéanamh, nó méid aon bhanna faoina ndeachaigh an cosantóir i gcomhlíonadh ordaithe faoi *fho-alt (1)*, a fhorghéilleadh don údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a rinneadh an cion nó don Ghníomhaireacht.

(4) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (3)* go dtí go mbeidh an gnátham chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe nó an ordaithe lena mbaineann imithe in éag nó, i gcás go dtionscnófar achomharc den sórt sin, go dtí go ndéanfar an t-achomharc sin nó aon achomharc eile a chinneadh go críochnaitheach nó a thréigean nó go dtí go mbeidh an gnátham chun aon achomharc eile a thionscnamh imithe in éag.

(5) Féadfaidh údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht déileáil le haon fheithicil nó trealamh, nó le méid aon bhanna, a bheidh forghéillte dó nó di faoi *fho-alt (3)* nó (de réir mar is cuí) féadfaidh sé nó sí an céanna a dhiúscairt, de réir mar is cuí leis nó léi.

Cumhacht chun éifeacht a thabhairt do ghníomhartha Comhphobail.

62.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh go mbeidh éifeacht leis na forálacha lena mbaineann an t-alt seo fara cibé modhnuithe a shonrófar sna rialacháin chun a chumasú don Stát éifeacht a thabhairt d'aon ghníomh Comhphobail i ndáil le dramhaíl.

(2) Tá feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le forálacha an Achta seo, agus

(*b*) maidir le forálacha Chuid IV d'Acht 1992.

(3) San alt seo, folaíonn "modhnuithe" modhnuithe a dhéantar trí aon ní nó rud a chur leis an bhforáil lena mbaineann nó a scriosadh aisti.

Comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus údaráis phoiblí eile.

63.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh feidhm ag alt 45 d'Acht 1992 maidir le haon fheidhmeanna a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht a chomhlíonadh faoin Acht seo.

(2) Ní fhorléireofar *fo-alt (1)* mar ní a chuireann ar chumas na Gníomhaireachta a údarú d'údarás poiblí aon fheidhmeanna faoi *Chuid II* a chomhlíonadh nó ceadúnas dramhaíola faoi *Chuid V* a dheonú nó diúltú é a dheonú.

Maischothromaíochtaí substaintí sonraithe.

64.—Leasaítear leis seo Acht 1992 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 96:

"96A.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

(*a*) chun méid substaintí arna scaoileadh i meáin chomhshaoil mar thoradh ar úsáid nó ar thomhailt aon aicme nó aicmí sonraithe substaintí in aon aicme shonraithe nó aicmí sonraithe próisis, forbartha nó oibríochta (cibé acu a n-áirítear nó nach n-áirítear ann nó inti gníomhaíocht lena mbaineann Cuid IV) a chinneadh, agus chun faisnéis a chur ar fáil do dhaoine den phobal i ndáil leis an gcéanna,

(*b*) chun an ghaolmhaireacht ('an mhaischothromaíocht') a chinneadh idir scaoileadh substainte amhlaidh agus úsáid nó tomhailt substainte réamhráite i bpróiseas, i bhforbairt nó in oibríocht réamhráite, agus chun faisnéis a chur ar fáil i ndáil leis an gcéanna,

lena gceanglófar ar dhuine a sheolann próiseas, forbairt nó oibríocht réamhráite an cinneadh sin a dhéanamh maidir leis na nithe dá dtagraítear i míreanna *(a)* agus *(b)* agus a bheidh sonraithe sna rialacháin, agus an fhaisnéis sin a sholáthar don Ghníomhaireacht nó d'údaráis phoiblí shonraithe, nó a fhoilsiú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ceann nó le haon cheann díobh seo a leanas:

(*a*) a cheangal ar an duine lena mbaineann tomhais, ríomhaireachtaí, meastacháin nó réamh-mheastacháin a dhéanamh, ar dhátaí sonraithe nó i gceann eatramh sonraithe, ar scaoileadh substaintí i meáin chomhshaoil,

(*b*) na modhanna nó na nósanna imeachta a fhorordú a bheidh le húsáid le linn na tomhais, na ríomhaireachtaí, na meastacháin nó na réamh-mheastacháin sin a dhéanamh,

(*c*) a cheangal go gcoimeádfaidh an duine lena mbaineann taifid nó cláir i bhfoirm shonraithe, nó ina ndéanfaidh sé nó sí sonraí sonraithe a thaifeadadh maidir le scaoileadh substaintí i meáin chomhshaoil agus maidir le húsáid nó tomhailt aon substainte i bpróiseas, forbairt nó oibríocht is cúis le scaoileadh den sórt sin,

(*d*) na heatraimh ag a soláthróidh, agus an modh ar a soláthróidh an duine lena mbaineann faisnéis i dtaobh na nithe réamhráite don Ghníomhaireacht nó d'údaráis phoiblí eile nó ar a bhfoilseofar í,

(*e*) nithe a leanann as na nithe sin roimhe seo, nó a ghabhann leo.

(3) Foilseoidh an Ghníomhaireacht agus aon údarás poiblí forordaithe araon faisnéis a soláthraíodh di nó dó de bhun rialachán faoin alt seo ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha a bheidh forordaithe.".

Leasú ar Acht 1992 agus Acht 1987.

65.—(1) Leasaítear leis seo Acht 1992—

(*a*) trí "a dhiúscairt" a scriosadh i mír *(c)* den mhíniú ar "astú" in alt 3;

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in alt 83 i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Sula ndeonófar ceadúnas nó ceadúnas athmheasta, agus d'fhonn breithniú a dhéanamh ar iarratas ar cheadúnas den sórt sin, seolfaidh an Ghníomhaireacht, nó cuirfidh sí faoi deara go seolfar, cibé imscrúduithe a mheasfaidh sí a bheith riachtanach nó a bheidh forordaithe.".

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in alt 83 i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Beidh feidhm ag *alt 53* den *Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996*, i ndáil le ceadúnas nó ceadúnas athmheasta faoin gCuid seo, ach tagairtí do cheadúnas nó do cheadúnas athmheasta faoin gCuid seo a dheonú nó a athbhreithniú a chur in ionad tagairtí san alt sin do cheadúnas dramhaíola a dheonú nó a athbhreithniú agus fara aon mhodhnuithe eile is gá.".

(2) Leasaítear leis seo alt 30 d'Acht 1987 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad "mura mbeidh ceadúnas faoin Acht seo i bhfeidhm i ndáil leis an ngléasra", i bhfo-ailt (1) agus (2), gach áit a bhfuil na focail sin:

"seachas faoi réim agus de réir ceadúnais faoin Acht seo a bheidh i bhfeidhm i ndáil leis an ngléasra."

Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

66.—(1) Leasaítear leis seo an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 26:

"Rialacháin chun truailliú uisce a chosc nó a theorannú.

26A.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, d'fhonn truailliú uisce a chosc nó a theorannú, táirgeadh, cóireáil, úsáid (i bpróiseas nó ar shlí eile), allmhairiú, dáileadh, stóráil, iompar, soláthar nó díol aon substainte sonraithe nó aon airteagail ina mbeidh aon substaint shonraithe a thoirmeasc nó a theorannú nó a rialú ar mhodh sonraithe agus go feadh méid shonraithe.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), maidir le rialacháin faoin alt seo—

(*a*) féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh maidir le substaintí nó airteagail éagsúla,

(*b*) féadfar a cheangal ar údaráis áitiúla nó ar dhaoine sonraithe bearta sonraithe a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacháin,

(*c*) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, iarmhartacha agus forlíontacha a bheith iontu is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán sin.

(3) (*a*) Aon duine a sháróidh foráil de rialacháin faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(*b*) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £25,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

(4) Féadfaidh an tAire, údarás áitiúil nó cibé duine eile a bheidh sonraithe i rialacháin faoin alt seo ionchúiseamh mar gheall ar chion faoin alt seo a thionscnamh.".

(2) Leasaítear leis seo alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) (a cuireadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990):

"(3) Is cosaint é ar chúiseamh go ndearnadh cion faoin alt seo má chruthaíonn an cúisí gur ghlac sé nó sí gach cúram réasúnach chun an dul amach in uiscí lena mbaineann an cúiseamh a chosc trí shaoráidí a chur ar fáil, a chothabháil, a úsáid, a oibriú agus a mhaoirsiú, nó trí fheidhm a bhaint as cleachtais nó modhanna oibriúcháin, a bhí oiriúnach chun an dul amach sin a chosc, agus, más cuí, gur tharla an dul amach in uiscí lena mbaineann an cúiseamh trí ghníomhaíocht a sheoltar de réir plean bainistithe cothaitheach arna cheadú faoi alt 21A (arna chur isteach leis an *Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996*) den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990.".

(3) Leasaítear leis seo an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 21:

"Pleananna Bainistithe Cothaitheach.

21A.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aon uair a mheasfaidh údarás áitiúil gur gá déanamh amhlaidh chun ábhar truailliúcháin a chosc ar dhul amach in uiscí, nó chun deireadh a chur le dul amach den sórt sin nó chun é a íoslaghdú, ó ghníomhaíocht dá dtagraítear in alt 21(1)(b) (ar gníomhaíocht í a sheoltar ina limistéar feidhme), féadfaidh sé fógra a sheirbheáil i scríbhinn faoin alt seo—

(*a*) ar úinéir na talún ar a seoltar an ghníomhaíocht, nó

(*b*) mura bhfuil úinéir na talún sin ag áitiú na talún, ar an duine atá ag áitiú na talún sin, á cheangal ar an duine plean (dá ngairtear 'plean bainistithe cothaitheach' san alt seo) a ullmhú agus a thabhairt dó lena cheadú a fháil faoin alt seo i ndáil leis an ngníomhaíocht laistigh de thréimhse shonraithe, ar tréimhse í nach giorra ná 5 mhí dar tosach dáta seirbheála an fhógra.

(2) Ní dhéanfar fógra faoi fho-alt (1) a sheirbheáil ar dhuine i ndáil le gníomhaíocht ar gá ceadúnas a dheonú faoi Chuid IV den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, chun í a sheoladh.

(3) Sula gcinnfidh údarás áitiúil an chumhacht a thugtar le fo-alt (1) a fheidhmiú (cibé acu i gcoitinne maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in alt 21(1)(b) agus a sheoltar ar thailte ina limistéar feidhme nó maidir le cibé gníomhaíochtaí a sheoltar ar thailte i gcuid áirithe dá limistéar feidhme), rachaidh sé i gcomhairle le cibé comhlacht nó comhlachtaí a bheidh forordaithe chun críocha an fho-ailt seo.

(4) Maidir le fógra faoin alt seo—

(*a*) ceanglófar leis go ndéanfar sa phlean bainistithe cothaitheach—

(i) cibé sonraí i dtaobh na gníomhaíochta lena mbaineann a bheidh sonraithe san fhógra a sholáthar,

(ii) méideanna cibé cothaitheach i ndramhaíl ainmhíoch agus eile a bheidh sonraithe san fhógra a shonrú (agus féadfaidh cothaithigh i ndramhaíl mar a dúradh a tháirgtear ó fhoinsí seachas an talamh lena mbaineann a bheith ar áireamh iontu) agus a mheastar a úsáidfear i ngach bliain den tréimhse iomchuí ar an talamh lena mbaineann,

(iii) a fhoráil go ndéanfar cinneadh maidir le saghsanna agus tiúchan na gcothaitheach in ithir na talún lena mbaineann de réir cláir shamplála agus anailísithe a chinnfidh an t-údarás áitiúil tar éis dul i gcomhairle leis an duine ar a seirbheálfar an fógra (dá ngairtear 'an duine iomchuí' ina dhiaidh seo san alt seo),

(iv) méideanna uasta cibé cothaitheach a bheidh sonraithe san fhógra a shonrú, ar cothaithigh iad, i dtuairim an duine iomchuí, ag féachaint do gach ceann de na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (5), ba chóir, i ngach bliain den tréimhse iomchuí, a chur ar an talamh lena mbaineann, nó ar cibé codanna den talamh sin a bheidh sonraithe san fhógra, nó a instealladh isteach ann nó iontu, nó a chur ar bharra a bheidh ag fás ar an talamh sin nó ar cibé codanna a bheidh sonraithe amhlaidh,

(v) na tráthanna i gcaitheamh na tréimhse iomchuí a shonrú nuair ba chóir agus nuair nár chóir, i dtuairim an duine iomchuí, go ndéanfar dramhaíl ainmhíoch agus eile agus leasachán ceimiceach a chur ar an talamh lena mbaineann nó a instealladh isteach ann nó a chur ar bharra a bheidh ag fás ar an talamh, ag féachaint d'aon riachtanais barr agus don chuspóir maidir le cailliúint cothaitheach trína ndul amach in uiscí a chosc, a íoslaghdú nó deireadh a chur leis an gcéanna,

(vi) a cheangal go gcoimeádfar agus go gcothabhálfar taifid i leith gach bliana, nó, i gcás na nithe dá dtagraítear i gclásal (III), na bliana nó na mblianta lena mbaineann, den tréimhse iomchuí, ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an t-údarás áitiúil tar éis dul i gcomhairle leis an duine iomchuí—

(I) i ndáil leis na nithe seo a leanas a dhéanfaidh an duine sin i gcaitheamh na bliana lena mbaineann, eadhon—

(A) dramhaíl ainmhíoch nó eile a tháirgeadh, a chóireáil, a fháil ó dhuine eile nó a aistriú chuig duine eile,

(B) dramhaíl ainmhíoch nó eile a chur ar an talamh lena mbaineann nó a instealladh isteach ann nó a chur ar bharra a bheidh ag fás ar an talamh sin agus na

tráthanna agus na rátaí ag a ndéanfar nó ar dá réir a dhéanfar í a chur ar an talamh nó a instealladh isteach ann amhlaidh,

(II) na saghsanna agus na méideanna leasacháin cheimicigh a chuirfear ar an talamh lena mbaineann i gcaitheamh na bliana lena mbaineann agus na tráthanna agus na rátaí ag a ndéanfar nó ar dá réir a dhéanfar í a chur ar an talamh amhlaidh,

(III) torthaí an chinnidh dá dtagraítear i bhfomhír (iii) arna dhéanamh i ndáil leis an talamh lena mbaineann agus, de réir mar a bheidh, torthaí aon chinnidh eile den chineál sin, arna dhéanamh de bhun ceanglais faoi mhír (b)(ii), i gcaitheamh na bliana lena mbaineann,

(vii) a cheangal go ndéanfar cibé faisnéis a bheidh sonraithe san fhógra i ndáil leis na nithe dá dtagraítear sa mhír seo agus, de réir mar a bheidh, i mír (b), a thabhairt don údarás áitiúil,

(*b*) a cheangal maidir leis an bplean bainistithe cothaitheach—

(i) go gceanglófar leis taifid a choimeád agus a chothabháil i leith gach bliana den tréimhse iomchuí, ar taifid iad ina mbeidh sonraí, a chinnfidh an t-údarás áitiúil, tar éis dul i gcomhairle leis an duine iomchuí, maidir le tiúchan cibé cothaitheach i ndramhaíl ainmhíoch nó eile a bheidh sonraithe san fhógra, agus a cuireadh ar an talamh lena mbaineann, nó a instealladh isteach ann, i gcaitheamh na bliana lena mbaineann,

(ii) go bhforálfar ann go ndéanfar cinneadh breise den chineál dá dtagraítear i mír (a)(iii) (cibé acu i leith cothaitheach i gcoitinne nó i leith cothaitheach d'aicme a bheidh sonraithe i bhfógra arna sheirbheáil ag an údarás áitiúil ar an duine iomchuí chun críocha na fomhíre seo) i gceann eatramh

sonraithe, tar éis an cinneadh dá dtagraítear san fhoráil sin a dhéanamh,

(iii) go dtabharfar aghaidh ann ar cibé nithe eile a mheasfaidh an t-údarás áitiúil is gá agus a shonróidh sé san fhógra chun cothaithigh ón ngníomhaíocht lena mbaineann do dhul amach in uiscí a chosc, a íoslaghdú nó deireadh a chur leis an gcéanna.

(5) Is iad na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(a)(iv)—

(*a*) cineál na gníomhaíochta lena mbaineann,

(*b*) an saghas ithreach lena mbaineann agus na saghsanna cothaitheach san ithir sin agus tiúchan na gcothaitheach sin,

(*c*) na saghsanna barra a fásadh roimhe sin ar an talamh lena mbaineann agus na saghsanna cothaitheach a cuireadh ar an talamh sin roimhe sin nó a instealladh isteach ann agus na rátaí ar dá réir a rinneadh iad a chur ar an talamh nó a instealladh isteach sa talamh, más iomchuí,

(*d*) na saghsanna barra a fhástar nó atá le fás ar an talamh lena mbaineann,

(*e*) déine na stocála ainmhithe (más ann) ar an talamh lena mbaineann agus déine aon ghníomhaíochtaí talmhaíochta eile a sheoltar ar an talamh sin, agus

(*f*) an gá atá ann úsáid éifeachtúil a bhaint as cothaithigh ag féachaint d'aon riachtanais barra agus don chuspóir arb éard é cailliúint cothaitheach trína ndul amach in uiscí a chosc, a íoslaghdú nó deireadh a chur leis an gcéanna.

(6) I bhfo-alt (4) agus sna forálacha ina dhiaidh sin den alt seo, ciallaíonn 'an tréimhse iomchuí' an tréimhse 12 mhí, nó cibé tréimhse is faide a shonrófar san fhógra lena mbaineann faoi fho-alt (1) nó (8), de réir mar is cuí, dar tosach an dáta a bheidh 2 mhí tar éis don údarás áitiúil iomchuí an plean bainistithe cothaitheach lena mbaineann a cheadú faoin alt seo.

(7) Féadfaidh údarás áitiúil, maidir le plean bainistithe cothaitheach arna ullmhú agus arna thabhairt dó de réir fógra faoi fho-alt (1), diúltú an plean a cheadú nó an plean a cheadú gan mhodhnuithe nó cibé modhnuithe is cuí leis a

dhéanamh air agus an plean arna mhodhnú amhlaidh a cheadú.

(8) (*a*) I gcás go ndiúltóidh údarás áitiúil plean bainistithe cothaitheach a cheadú faoi fho-alt (7), féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an duine a thug an plean dó, a cheangal ar an duine sin plean eile den sórt sin a ullmhú agus a thabhairt dó agus beidh feidhm ag fo-alt (3) agus ag forálacha eile an ailt seo maidir le fógra den sórt sin agus le plean den sórt sin mar atá feidhm acu maidir le fógra faoi fho-alt (1) agus le plean arna thabhairt dó de bhun fógra faoin bhfo-alt sin.

(*b*) Folaíonn an tagairt i bhfo-alt (2) d'fhógra faoi fho-alt (1) tagairt d'fhógra faoin bhfo-alt seo.

(9) Más rud é, ar dhul in éag don tréimhse 2 mhí ón dáta a gheobhaidh sé plean bainistithe cothaitheach arna ullmhú agus arna thabhairt de réir fógra faoin alt seo, nach mbeidh cinneadh faoi fho-alt (7) diúltú an plean a cheadú ná cinneadh faoin bhfo-alt sin an plean a cheadú (i gceachtar slí dá dtagraítear san fho-alt sin) tugtha ag an údarás áitiúil lena mbaineann, measfar gur cheadaigh an t-údarás áitiúil an plean faoin bhfo-alt sin.

(10) Féadfar plean bainistithe cothaitheach, le toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás áitiúil a cheadaigh an plean faoin alt seo, a athrú le linn na tréimhse iomchuí.

(11) Aon duine a mhainneoidh fógra faoi fho-alt (1) nó (8) a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(12) Féadfaidh an t-údarás áitiúil a sheirbheáil an fógra lena mbaineann imeachtaí i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh.".

Díolúine na Gníomhaireachta agus údarás áitiúil.

67.—(1) Ní bheidh aon ábhar caingne ná imeachta eile ann, ná ní bheidh an céanna insaothraithe, i gcoinne na Gníomhaireachta nó i gcoinne údaráis áitiúil chun damáistí a ghnóthú i leith aon díobhála do dhaoine, damáiste do mhaoin nó caillteanais eile a líomhnaítear gurbh é ba chúis nó ba chionchúis léi nó leis mainneachtain aon chumhacht a fheidhmiú nó aon dualgas a chomhall a thugtar don Ghníomhaireacht nó don údarás áitiúil nó a fhorchuirtear uirthi nó air leis an Acht seo nó faoin Acht seo.

(2) I gcás gur deimhin le húdarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht go ndearna aon duine údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh ag an údarás áitiúil sin nó ag an nGníomhaireacht, nó aon oifigeach nó fostaí de chuid an údaráis áitiúil sin nó de chuid na

Gníomhaireachta, a dhualgais nó a dualgais a chomhall i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo ar mhodh *bona fide* ag an údarás áitiúil sin nó ag an nGníomhaireacht, déanfaidh an t-údarás áitiúil nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, an duine údaraithe, an t-oifigeach nó an fostaí eile a shlánú in aghaidh gach caingne nó éilimh, cibé slí a n-eascróidh, i leith chomhall na ndualgas sin dá chuid nó dá cuid aige nó aici.

Oiriúnú tagairtí agus forálacha idirthréimhseacha áirithe.

68.—(1) Déanfar tagairtí in aon achtachán (seachas an tAcht seo) do chead—

(*a*) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979,

(*b*) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó

(*c*) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dramh-Olaí), 1992,

a fhorléiriú mar thagairtí—

(i) do chead den sórt sin atá i bhfeidhm de thuras na huaire de bhua *fho-alt (6)*,

(ii) do chead bailiúcháin dramhaíola faoi *Chuid IV*,

(iii) do cheadúnas dramhaíola faoi *Chuid V*,

de réir mar is cuí.

(2) Leasaítear leis seo alt 3(1) d'Acht 1992 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "plean bainistithe dramhaíola":

"ciallaíonn 'plean bainistithe dramhaíola'—

(*a*) plean arna ullmhú faoi Airteagal 4(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979, nó plean dramhaíola speisialta de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó

(*b*) plean bainistithe dramhaíola nó plean bainistithe dramhaíola guaisí de réir bhrí an *Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996*,

atá i bhfeidhm de thuras na huaire;".

(3) Scoirfidh forálacha alt 62 d'Acht 1992, a mhéid atá feidhm acu nó éifeacht leo i ndáil le saoráid líonta talún áirithe, d'éifeacht a bheith leo ar cheadúnas dramhaíola a dheonú faoi *alt 40* i leith na saoráide sin.

(4) Leasaítear leis seo alt 83(7)(*b*) d'Acht 1992—

(*a*) trí "nó" a scriosadh i bhfomhír (ii),

(*b*) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur leis i ndiaidh fhomhír (iii):

"nó

(iv) faoi *alt 57* nó *58* den *Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996*,".

(5) Leasaítear leis seo alt 102 d'Acht 1992—

(*a*) trí "nó plean bainistithe dramhaíola faoi *alt 22* den *Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996*" a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh "den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977",

(*b*) trí "nó *ailt 22*, *23* agus *25* den *Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996*," a chur isteach i bhfo-alt (2) i ndiaidh "den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977,".

(6) (*a*) Maidir le cead arna eisiúint faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982, nó faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dramh-Olaí), 1992, is cead lena mbaineann an fo-alt seo, leanfaidh sé i bhfeidhm de réir a théarmaí, d'ainneoin chúlghairm na Rialachán sin leis an Acht seo, ach scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar cheann de na nithe seo a leanas, de réir mar a bheidh, a tharlú—

(i) (I) cead bailiúcháin dramhaíola dá dtagraítear i *mír (b)*, nó

(II) ceadúnas dramhaíola dá dtagraítear sa mhír sin,

de réir mar is cuí, a dheonú do shealbhóir an cheada, nó

(ii) an Ghníomhaireacht nó an t-údarás áitiúil lena mbaineann do dhéanamh cinnidh diúltú cead nó ceadúnas den sórt sin a dheonú don sealbhóir sin.

(*b*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le cead réamhráite más rud é—

(i) go ndearna sealbhóir an cheada iarratas roimh an dáta cuí dá dtagraítear in *alt 39 (1)* ar cheadúnas dramhaíola a dheonú, nó, de réir mar a bheidh, go ndearna sé nó sí iarratas roimh an dáta dá dtagraítear in *alt 34 (1)* ar chead bailiúcháin dramhaíola, i leith na gníomhaíochta lena mbaineann an cead céadluaite, agus

(ii) go ndearnadh an t-iarratas sin de réir ceanglas rialachán faoin Acht seo.

Aistriú feidhmeanna i ndáil le ceadúnais dramhaíola.

69.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú feidhmeanna na Gníomhaireachta faoin Acht seo a aistriú chuig údarás áitiúil a mhéid a bhaineann na feidhmeanna sin le ceadúnais dramhaíola á údarú cibé gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí a shonrófar san ordú a sheoladh laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil sin.

(2) Féadfaidh cibé forálacha coimhdeacha, foghabhálacha agus teagmhasacha a chinnfidh an tAire a bheith in ordú faoin alt seo,

lena n-áirítear forálacha lena modhnaítear nó lena n-oiriúnaítear aon fhoráil den Acht seo chun go mbeidh lánéifeacht leis an ordú.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfar le hordú faoin alt seo téarmaí, coinníollacha, agus srianta a shonrú ar a mbeidh agus ar faoina réir a bheidh feidhm arna haistriú leis an ordú le comhlíonadh ag an údarás áitiúil a n-aistreofar an fheidhm chuige.

(4) I gcás go gcúlghairfear ordú faoin alt seo, maidir leis na feidhmeanna lena mbaineann sé, tiocfaidh siad air sin chun bheith agus beidh siad dílsithe don Ghníomhaireacht.

(5) Cuirfidh an tAire faoi deara ordú faoin alt seo a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil.*

Achtacháin áirithe a bhaineann le sláinte an phobail a eisiamh.

70.—Ní bheidh feidhm ag alt 107 den *Public Health (Ireland) Act,* 1878 ná ag alt 27 den *Public Health Acts Amendment Act,* 1890 i ndáil le dramhaíl de réir bhrí an Achta seo.

Feithiclí tréigthe.

71.—(1) Ní cead feithicil a thréigean ar aon talamh.

(2) I gcás go sárófar *fo-alt (1)*—

(*a*) beidh an duine a chuir an fheithicil san áit ar tréigeadh í, agus

(*b*) má bhíonn úinéir cláraithe ar an bhfeithicil agus murab é an duine réamhráite a húinéir cláraithe, beidh an t-úinéir cláraithe,

ciontach i gcion.

(3) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *fho-alt (2)*, is cosaint mhaith é a chruthú—

(*a*) gurb éard a bhí sa ghníomh a ndearnadh gearán ina leith rialú na feithicle lena mbaineann a aistriú chuig duine, lena thoiliú nó lena toiliú, i saoráid arna soláthar ag an duine sin nó thar ceann an duine sin chun feithiclí a aisghabháil nó a dhiúscairt (lena n-áirítear saoráid dá dtagraítear in *alt 38(3)*) agus nach de shárú ar *alt 32* a rinneadh aistriú an rialaithe sin, nó

(*b*) i gcás gurb é an cosantóir úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann, nár údaraigh sé nó sí tréigean na feithicle.

(4) Gan dochar d'fhorálacha *ailt 55(6)* agus *56,* agus d'ainneoin fhorálacha aon rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 97* (a cuireadh isteach le halt 63 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, féadfaidh údarás áitiúil dul isteach ar aon talamh ar a mbeidh feithicil tréigthe agus an fheithicil sin a aistriú; ní dhéanfaidh údarás áitiúil, seachas le toiliú an áititheora, dul isteach i dteaghais phríobháideach faoin bhfo-alt seo mura mbeidh fógra i scríbhinn nach giorra ná 24 huaire an chloig tugtha aige d'áititheoir na teaghaise á rá go bhfuil beartaithe aige dul isteach inti.

(5) Más rud é, i ndáil le feithicil arna haistriú ag údarás áitiúil ó thalamh faoi *fho-alt (4)*—

(*a*) go bhfuil an t-údarás áitiúil den tuairim go bhfuil an fheithicil sa riocht gur féidir í a úsáid mar fheithicil nó gur féidir, trí mhéid réasúnach airgid a chaitheamh, í a chur i gcóir lena húsáid amhlaidh, agus

(*b*) gur féidir leis an údarás áitiúil, le fiosrú réasúnach, ainm agus seoladh úinéir na feithicle a fháil amach,

déanfaidh an t-údarás áitiúil an fheithicil a stóráil nó déanfaidh sé socrú chun í a stóráil agus fógra a sheirbheáil ar an úinéir á chur in iúl dó nó di go ndearnadh an t-aistriú agus an stóráil agus cad é seoladh na háite inar féidir an fheithicil a éileamh nó a aisghabháil, agus déanfar le fógra sórt sin a cheangal ar an úinéir í a éileamh nó a aisghabháil laistigh de 2 sheachtain ó dháta seirbheála an fhógra agus a chur in iúl dó nó di cad iad na hiarmhairtí a shonraítear i *bhfo-alt (7)* má mhainníonn sé nó sí déanamh amhlaidh.

(6) Déanfar feithicil lena mbaineann *fo-alt (5)* a thabhairt do dhuine a éileoidh an fheithicil má dhéanann sé nó sí, agus ar an gcoinníoll amháin go ndéanfaidh sé nó sí, dearbhú i cibé foirm a shonróidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi, á rá gurb eisean nó ise úinéir na feithicle nó go bhfuil sé nó sí údaraithe ag úinéir na feithicle chun í a éileamh, agus go n-íocfaidh sé nó sí leis an údarás áitiúil méid an chaiteachais a thabhaigh an t-údarás áitiúil le réasún i leith aistriú agus stóráil na feithicle.

(7) I gcás go n-aistreoidh údarás áitiúil feithicil ó thalamh faoi *fho-alt (4)*, agus—

(*a*) nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (5)(a)* maidir leis an bhfeithicil, nó

(*b*) nach féidir leis an údarás áitiúil ainm agus seoladh úinéir na feithicle a fháil amach le fiosrú réasúnach, nó

(*c*) go mainneoidh úinéir na feithicle an fheithicil a éileamh agus a aistriú as an áit inar stóráladh í laistigh de 4 seachtaine ón dáta ar ar seirbheáladh fógra faoi *fho-alt (5)* air nó uirthi,

tiocfaidh an fheithicil chun bheith ina maoin de chuid an údaráis áitiúil.

(8) Ní bheidh aon ábhar caingne ann i gcás aon ní a bheidh déanta de mheon macánta agus gan faillí le linn feithicil a aistriú nó a stóráil faoin alt seo.

(9) Aon duine a dhéanfaidh dearbhú faoi *fho-alt (6)* is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(10) Chun críocha an ailt seo—

folaíonn "tréigthe", i ndáil le feithicil, fágtha in imthosca nó ar feadh cibé tréimhse gur réasúnach a mheas go bhfuil an fheithicil tréigthe, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

folaíonn "údarás áitiúil" bardas buirge d'aon chineál agus comhairle ceantair uirbigh;

tá le "úinéir cláraithe" an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

Alt 4(1).

AN CHÉAD SCEIDEAL

Earnálacha Dramhaíola

1. Iarmhair tháirgthe nó thomhaltais nach sonraítear ar shlí eile sa Sceideal seo.

2. Táirgí nár monaraíodh de réir na sonraíochtaí a bhaineann leo.

3. Táirgí a mbeidh an dáta lena n-úsáid go cuí imithe in éag.

4. Ábhair a doirteadh, a cailleadh nó ar bhain aon mhíthapa eile leo (lena n-áirítear aon ábhair a éillíodh de bharr aon mhíthapa den sórt sin).

5. Ábhair a éillíodh nó a salaíodh de bharr gníomhartha pleanáilte.

6. Codanna neamh-inúsáidte.

7. Substaintí nach bhfeidhmíonn go sásúil a thuilleadh.

8. Iarmhair próiseas tionscail.

9. Iarmhair ó phróisis chun truailliú a laghdú.

10. Iarmhair mheaisínithe nó bhailchríche.

11. Iarmhair ó amhábhair a asbhaint agus a phróiseáil.

12. Ábhair thruaillmheasctha.

13. Aon ábhair, substaintí nó táirgí a dtoirmisctear iad a úsáid le haon achtachán nó faoi aon achtachán.

14. Táirgí nach mbeidh úsáid dóibh a thuilleadh ag an sealbhóir.

15. Ábhair, substaintí nó táirgí atá éillithe de bharr aon bheart leasúcháin arna dhéanamh maidir le talamh.

16. Aon ábhair, substaintí nó táirgí nach sonraítear ar shlí eile sa Sceideal seo.

AN DARA SCEIDEAL *Alt 4(2).*

DRAMHAÍL GHUAISEACH

CUID I

Earnálacha nó Saghsanna Géineasacha Dramhaíola Guaisí

Dramhaíl de chuid Earnáil I

1. Substaintí anatamaíocha, dramhaíl ospidéil nó dramhaíl chliniciúil eile.

2. Comhdhúile cógaisíochta, íocshláinte nó tréidliachta.

3. Leasaithigh adhmaid.

4. Bithicídí nó substaintí fítea-chógaisíochta.

5. Iarmhar ó shubstaintí a úsáidtear mar thuaslagóirí.

6. Substaintí orgánacha halaiginithe nach n-úsáidtear mar thuaslagóirí, gan ábhair thámha pholaiméirithe a áireamh.

7. Salainn faghartha ina bhfuil ciainídí.

8. Olaí mianra nó substaintí olacha (lena n-áirítear slodaí gearrtha).

9. Meascáin nó eibleachtaí ola agus uisce nó hidreacarbóin agus uisce.

10. Substaintí ina bhfuil défheinilí polaclóirínithe nó trífheinilí polaclóirínithe (lena n-áirítear tréleictrigh).

11. Ábhair tharracha a eascraíonn as scagadh, driogadh nó aon chóireáil phirealaíoch (lena n-áirítear iarmhar stile).

12. Dúigh, ruaimeanna, líocha, péinteanna, laicir nó vearnaisí.

13. Roisíní, laitéis, plaisteacháin, gliúnna nó greamacháin.

14. Substaintí ceimiceacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí taighde agus forbartha nó teagaisc (lena n-áirítear iarmhair shaotharlainne) agus nach bhfuil céannaithe nó atá nua agus nach eol a gcuid éifeachtaí ar dhaoine nó ar an gcomhshaol.

15. Piriteicnic nó ábhair phléascacha eile.

16. Ceimiceáin fhótagrafacha nó ábhair phróiseála eile.

17. Aon ábhar atá éillithe le haon chomhaicmeach débheinsea-fhúráin pholaclóirínithe.

18. Aon ábhar atá éillithe le haon chomhaicmeach débheinsea-p-dé-ocsaine polaclóirínithe.

Dramhaíl de chuid Earnáil II

19. Gallúnacha, saillte nó céireacha ainmhíocha nó glasraí.

20. Substaintí orgánacha neamh-halaiginithe nach n-úsáidtear mar thuaslagóirí.

21. Substaintí neamhorgánacha gan mhiotail nó comhdhúile miotail.

22. Luaithreach nó sméaróidí dóite.

23. Ithir, gaineamh nó cré (lena n-áirítear cartadh dreideála).

24. Salainn faghartha neamhchiainídeacha.

25. Deannach nó púdar miotalach.

26. Ábhair chatalaíocha caite.

27. Leachtanna nó slodaí ina bhfuil miotail nó comhdhúile miotail.

28. Iarmhar (seachas na substaintí a luaitear i *míreanna 29*, *30* agus *33*) ó oibríochtaí chun truailliú a rialú (lena n-áirítear deannach a bhailítear i mbailitheoir deannaigh).

29. Slodaí sciúrthóirí.

30. Slodaí ó ghléasraí íonaithe uisce.

31. Iarmhar dícharbónaithe.

32. Iarmhar colún ianmhalartaithe.

33. Slodaí séarachta, atá neamhchóireáilte nó neamhoiriúnach lena n-úsáid sa talmhaíocht.

34. Iarmhar as umair nó trealamh a ghlanadh.

35. Trealamh éillithe.

36. Coimeádáin éillithe (lena n-áirítear pacáistiú agus sorcóirí gáis).

37. Cadhnraí nó cealla leictreacha eile.

38. Olaí glasraí.

39. Ábhair a thagann as bailiú roghnaitheach dramhaíola ó theaghlaigh.

40. Aon dramhaíl eile.

CUID II

Comhábhair de Dhramhaíl de chuid Earnáil II a fhágann gur dramhaíl ghuaiseach í nuair atá na hairíonna a shonraítear i gCuid III aici

41. Beirilliam nó comhdhúile beirilliam.

42. Comhdhúile vanaidiam.

43. Comhdhúile króimiam (VI).

44. Comhdhúile cóbailt.

45. Comhdhúile nicile.

46. Comhdhúile copair.

47. Comhdhúile since.

48. Arsanaic nó comhdhúile arsanaice.

49. Seiléiniam nó comhdhúile seiléiniam.

50. Comhdhúile airgid.

51. Caidmiam nó comhdhúile caidmiam.

52. Comhdhúile stáin.

53. Antamón nó comhdhúile antamóin.

54. Teallúiriam nó comhdhúile teallúiriam.

55. Comhdhúile bairiam, gan sulfáit bhairiam a áireamh.

56. Mearcair nó comhdhúile mearcair.

57. Tailliam nó comhdhúile tailliam.

58. Luaidhe nó comhdhúile luaidhe.

59. Suilfídí neamhorgánacha.

60. Comhdhúile fluairín neamhorgánaigh, gan fluairíd chailciam a áireamh.

61. Ciainídí neamhorgánacha.

62. Aon cheann de na miotail alcaileacha nó chré-alcaileacha seo a leanas, eadhon, litiam, sóidiam, potaisiam, cailciam, maignéisiam i bhfoirm neamhcomhcheangailte.

63. Tuaslagáin aigéadacha nó aigéid i bhfoirm sholadach.

64. Tuaslagáin bhunata nó bunanna i bhfoirm sholadach.

65. Aispeist (deannach nó snáithíní).

66. Fosfar: comhdhúile fosfair, gan fosfáití mianracha a áireamh.

67. Carbóinilí miotail.

68. Sárocsaídí.

69. Clóráití.

70. Sárchlóráití.

71. Aisídí.

72. Défheinilí polaclóirínithe nó trífheinilí polaclóirínithe.

73. Comhdhúile cógaisíochta nó tréidliachta.

74. Bithicídí nó substaintí fitea-chógaisíochta (lena n-áirítear lotnaidicídí).

75. Substaintí aicídeacha.

76. Créasóidí.

77. Isicianáití nó tiaicianáití.

78. Ciainídí orgánacha (lena n-áirítear nítrílí).

79. Feanóil nó comhdhúile feanóil.

80. Tuaslagóirí halaiginithe.

81. Tuaslagóirí orgánacha, gan tuaslagóirí halaiginithe a áireamh.

82. Comhdhúile orgánahalaigine, gan ábhair thámha pholaiméirithe agus substaintí eile dá dtagraítear sa Chuid seo a áireamh.

83. Comhdhúile aramatacha; comhdhúile orgánacha iltimthriallacha agus heitreathriallacha.

84. Aimíní alafatacha.

85. Aimíní aramatacha.

86. Éitir.

87. Substaintí de shaintréith pléascach, gan na cinn sin dá dtagraítear in áiteanna eile sa Chuid seo a áireamh.

88. Comhdhúile orgánacha sulfair.

89. Aon chomhaicmeach de dhébheinsea-fhuráin pholaclóirínithe.

90. Aon chomhaicmeach de dhébheinsea-p-dé-ocsaine polaclóirínithe.

91. Hidreacarbóin agus a gcomhdhúile ocsaigine, nítrigine nó sulfair nach dtagraítear dóibh ar shlí eile sa Chuid seo.

CUID III

Airíonna Dramhaíola a fhágann gur dramhaíl ghuaiseach í

Tá leagtha amach i ngach mír den Chuid seo téarma ginearálta a thaispeánann airí áirithe dramhaíola a fhágann gur dramhaíl ghuaiseach í, agus míniú ina dhiaidh ar an téarma ginearálta sin faoi threoir tuairisce ar shubstaintí nó ullmhóidí a bhfuil an airí áirithe sin ag baint leo.

92. "Pléascach": substaintí nó ullmhóidí a d'fhéadfadh pléascadh faoi thionchar lasrach nó arb íogairí iad ná dénítribeinséin i gcás turraingí nó cuimilte.

93. "Ocsaídeach": substaintí nó ullmhóidí a léiríonn frithghníomhaithe fíoreiseiteirmeacha nuair a bhíonn siad i dteagmháil le substaintí eile, go háirithe le substaintí inlasta.

94. "Ard-inlasta":

(*a*) substaintí nó ullmhóidí leachtacha a bhfuil splancphointe faoi bhun 21°C acu (lena n-áirítear leachtanna sár-inlasta), nó

(*b*) substaintí nó ullmhóidí a d'fhéadfadh éirí te agus dul trí thine sa deireadh i dteagmháil le haer ag teocht na comhthimpeallachta gan fuinneamh a chur leo, nó

(*c*) substaintí nó ullmhóidí soladacha a d'fhéadfadh dul trí thine go réidh tar éis teagmháil ghearr le foinse adhainte agus a leanann de bheith ag dó nó a bheith á gcaitheamh tar éis foinse na hadhainte a mhúchadh, nó

(*d*) substaintí nó ullmhóidí gásacha atá inlasta in aer ag gnáthbhrú, nó

(*e*) substaintí nó ullmhóidí óna dtagann, i dteagmháil le huisce nó le haer tais, gáis ard-inlasta i gcainníochtaí contúirteacha.

95. "Inlasta": substaintí nó ullmhóidí leachtacha a bhfuil splancphointe nach lú ná 21°C agus nach mó ná 55°C acu.

96. "Greannaitheoir": substaintí nó ullmhóidí neamhchreimneacha ar féidir leo, trí theagmháil láithreach, fhadtréimhseach nó leanúnach leis an gcraiceann nó leis an tseicin mhúcasach, a bheith ina gcúis le hathlasadh.

97. "Dochrach": substaintí nó ullmhóidí a bhféadfadh, má dhéantar iad a ionanálú nó a ionghabháil nó má dhéanann siad an craiceann a threá, priacal teoranta don tsláinte a bheith ag gabháil leo.

98. "Tocsaineach": substaintí nó ullmhóidí (lena n-áirítear substaintí nó ullmhóidí an-tocsaineacha) a d'fhéadfadh, má dhéantar iad a ionanálú nó a ionghabháil nó má dhéanann siad an craiceann a threá, a bheith ina gcúis le

priacail thromchúiseacha, ghéara nó ainsealacha nó le bás.

99. "Carcanaigineach": substaintí nó ullmhóidí a d'fhéadfadh, má dhéantar iad a ionanálú nó a ionghabháil nó má dhéanann siad an craiceann a threá, ailse a aslú nó a minicíocht a mhéadú.

100. "Creimneach": substaintí nó ullmhóidí a d'fhéadfadh fíochán beo a dhíothú ar theagmháil a dhéanamh leo.

101. "Aicídeach": substaintí ina bhfuil micrea-orgánaigh inmharthana nó a dtocsainí arb eol nó a gcreidtear go hiontaofa gur cúis iad le galar i ndaoine nó in orgánaigh bheo eile.

102. "Teiritigineach": substaintí nó ullmhóidí a d'fhéadfadh, má dhéantar iad a ionanálú nó a ionghabháil nó má dhéanann siad an craiceann a threá, anchumaí neamhdhúchasacha ó bhroinn a aslú nó a minicíocht a mhéadú.

103. "Só-ghineach": substaintí nó ullmhóidí a d'fhéadfadh, má dhéantar iad a ionanálú nó a ionghabháil nó má dhéanann siad an craiceann a threá, éalaingí dúchasacha géiniteacha a aslú nó a minicíocht a mhéadú.

104. "Éiceatocsaineach": substaintí nó ullmhóidí a thagann nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina bpriacail láithreacha nó moillithe d'earnáil amháin nó níos mó den chomhshaol.

105. "Airí iarmharach guaiseach":

(*a*) substaintí nó ullmhóidí a scaoileann gáis thocsaineacha nó an-tocsaineacha i dteagmháil le huisce, le haer nó le haigéad, nó

(*b*) substaintí nó ullmhóidí a bhféadfadh, ar aon slí, substaint eile teacht astu ag a bhfuil aon airí dá dtagraítear sa mhír seo nó in aon mhír eile den Chuid seo ar iad a dhiúscairt.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

Alt 4(3).

Gníomhaíochtaí Diúscartha Dramhaíola

1. Dramhaíl a chur ar thalamh, i dtalamh nó faoi thalamh.

2. Cóireáil talún, lena n-áirítear bith-dhíghrádú colfairtí leachtacha nó sloda in ithreacha.

3. Instealladh domhain san ithir, lena n-áirítear colfairtí inchaidéalaithe a instealladh isteach i dtoibreacha, i gcruinneacháin salainn nó i dtaisclanna atá ann go nádúrtha.

4. Dromchla a ghaibhniú, lena n-áirítear colfairtí leachtacha nó sloda a chur isteach i gclaiseanna, i linnte nó i murlaigh.

5. Saoráid líonta talún a ndearnadh innealtóireacht speisialta uirthi, lena n-áirítear suíomh i gcealla líneáilte scoite a bheidh caipínithe agus leithlisithe óna chéile agus ón gcomhshaol.

6. Cóireáil bhitheolaíoch nach dtagraítear di in áit eile sa Sceideal seo agus a bhfuil comhdhúile críochnaitheacha nó meascáin chríochnaitheacha a dhiúscraítear trí bhíthin aon ghníomhaíochta dá dtagraítear sa Sceideal seo mar thoradh uirthi.

7. Cóireáil fhisiceimiceach nach dtagraítear di in áit eile sa Sceideal seo agus a bhfuil comhdhúile críochnaitheacha nó meascáin chríochnaitheacha a dhiúscraítear trí bhíthin aon ghníomhaíochta dá dtagraítear sa Sceideal seo mar thoradh uirthi.

8. Loscadh ar tír nó ar muir.

9. Buanstóráil, lena n-áirítear coimeádáin a shuíomh i mianach.

10. Dramhaíl a scaoileadh isteach i ndobharlach (lena n-áirítear ionsá i ngrinneall).

11. Cumasc nó meascán a dhéanamh sula gcuirtear aon ghníomhaíocht dá dtagraítear sa Sceideal seo i gcrích.

12. Athphacáistiú sula gcuirtear aon ghníomhaíocht dá dtagraítear sa Sceideal seo i gcrích.

13. Stóráil sula gcuirtear aon ghníomhaíocht dá dtagraítear sa Sceideal seo i gcrích, seachas stóráil shealadach, go dtí go mbaileofar í, san áitreabh ina dtáirgtear an dramhaíl lena mbaineann.

Alt 4(4).

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Gníomhaíochtaí Aisghabhála Dramhaíola

1. Tuaslagóirí a athchóiriú nó a athghiniúint.

2. Substaintí orgánacha nach n-úsáidtear mar thuaslagóirí a athchúrsáil nó a athchóiriú.

3. Miotail agus comhdhúile miotail a athchúrsáil nó a athchóiriú.

4. Ábhair neamhorgánacha eile a athchúrsáil nó a athchóiriú.

5. Aigéid nó bunanna a athghiniúint.

6. Aisghabháil comhábhar a úsáidtear chun truailliú a laghdú.

7. Comhábhair a aisghabháil ó chatalaígh.

8. Athscagadh ola nó athúsáidí eile ola.

9. Úsáid aon dramhaíola go príomha mar bhreosla nó mar mheán eile chun fuinneamh a ghiniúint.

10. Aon dramhaíl a leathadh ar thalamh lena ngabhann tairbhe dá dhroim do ghníomhaíocht talmhaíochta nó do chóras éiceolaíoch lena n-áirítear múiríniú agus próisis chlaochlaithe bitheolaíocha eile.

11. Dramhaíl a fhaightear ó aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír roimhe seo den Sceideal seo a úsáid.

12. Dramhaíl a mhalartú chun í a chur faoi aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír roimhe seo den Sceideal seo.

13. Stóráil dramhaíola a mbeartaítear í a chur faoi aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír roimhe seo den Sceideal seo, seachas stóráil shealadach, go dtí go mbaileofar í, san áitreabh ina dtáirgtear an dramhaíl sin.

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL *Alt 6.*

AISGHAIRM AGUS CÚLGHAIRM

CUID I

Na hAchtacháin a Aisghairtear

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
41 agus 42 Vict., c.52	*Public Health (Ireland) Act*, 1878	Ailt 28, 35, 36, 37, 37A, 52, 53, 54, 55, 60 agus 63A.
53 agus 54 Vict., c.59	*Public Health Acts Amendment Act*, 1890	Alt 26.
53 agus 54 Vict., c.ccxlvi	*Dublin Corporation Act*, 1890	Alt 63.
7 Edw. 7, c.53	*Public Health Acts Amendment Act*, 1907	Ailt 19, 28, 29 agus 48.
Uimh. 1 de 1942	An tAcht Soláthairtí Uisce, 1942	Alt 10A.
Uimh. 11 de 1982	An tAcht Bruscair, 1982	Ailt 9, 10, 11, 12 agus 13.
Uimh. 7 de 1992	An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992	Alt 96(4).

CUID II

Na hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

I.R. Uimhir agus Bliain (1)	Lua (2)	Méid na Cúlghairme (3)
I.R. Uimh. 390 de 1979	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1979	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 33 de 1982	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Tocsaineach agus Contúirteach), 1982	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 108 de 1984	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar), 1984	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 30 de 1990	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Aispeiste), 1990	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 183 de 1991	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sludach Séarachais a Úsáid sa Talmhaíocht), 1991	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 399 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dramh-Olaí), 1992	Na Rialacháin uile.

I.R. Uimhir agus Bliain (1)	Lua (2)	Méid na Cúlghairme (3)
I.R. Uimh. 90 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhar Aispeiste), 1994	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 121 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Trasteorann ar Iarmhar), 1994	Na Rialacháin uile.
I.R. Uimh. 262 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cadhnraí agus Athchadhnraí), 1994	Na Rialacháin uile.